



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Samhain 2022
(OR. en)

14348/22
ADD 1

FRONT 409
COMIX 513

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	31 Deireadh Fómhair 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2022) 7591 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Moladh ón gCoimisiún lena leagtar síos 'Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann (Lámhleabhar Schengen)' coiteann a úsáidfidh údaráis inniúla na mBallstát agus rialú teorann ar dhaoine á ndéanamh acu agus a thagann in ionad Mholadh (C (2019) 7131 final)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 7591 final.

Faoi iamh: C(2022) 7591 final



An Bhruiséil, 28.10.2022
C(2022) 7591 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Moladh ón gCoimisiún

lena leagtar síos ‘Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann (Lámhleabhar Schengen)’ coiteann a úsáidfidh údaráis inniúla na mBallstát agus rialú teorann ar dhaoine á ndéanamh acu agus a thagann in ionad Mholadh (C (2019) 7131 final)

IARSCRÍBHINN

Lámhleabhar Praiteiciúil do Ghardaí Teorann

CUID A hAON - SAINMHÍNITHE	6
CUID A DÓ - SEICEÁLACHA TEORANN	16
ROINN I: Nósanna imeachta maidir le seiceálacha teorann.....	16
1. Seiceálacha ag pointí trasnaithe teorann	16
2. Seiceálacha ar dhaoine a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an aontais	21
3. Seiceálacha ar náisiúnaigh tríú tír ar dhul isteach dóibh	31
4. Cuardaigh a dhéanamh i gcóras faisnéise schengen (sis) agus i ndoiciméid taistil a goideadh agus a cailleadh (dtgc).....	50
5. Rialacha speisialta maidir le seiceálacha a dhéanamh ar chatagóirí áirithe daoine....	62
5.1. Cinn Stáit	62
5.2. Píolótaí aerárthach	62
5.3. Maraí.....	63
5.4. Sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, oifigiúla nó seirbhíse agus baill d’eagraíochtaí idirnáisiúnta	64
5.5. Cónaitheoirí teorann a thairbhíonn de chóras an tráchta teorann áitiúil	67
5.6. Mionaoisigh	68
5.7. Daltaí scoile as tríú tíortha atá ina gcónaí i mBallstát den Aontas nó i dtríú tír nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide víosa	71
5.8. Oibrithe trasteorann	73
5.9. Turasóirí ADS.....	74
5.10. Seirbhísí tarrthála, póilíní, briogáidí dóiteáin agus gardaí teorann.....	74
5.11. Oibrithe amach ón gcósta.....	75
5.12. Aistrithe ionchorparáideacha	75
5.13. Taighdeoirí agus daoine dá dteaghlach.....	78
5.14. Mic léinn	82
5.15. Tairbhíthe den Chomhaontú um Tharraingt Siar	73
6. Doiciméid taistil a stampáil	86
7. Seiceálacha a mhaolú.....	92
8. Cead isteach a dhiúltú	94
9. Víosaí a ndéantar iarratas orthu ag an teorainn, lena n- áirítear le haghaidh maraithe ar idirthuras, agus na víosaí sin a dhiúltú.....	107
10. Neamhniú agus cúlghairm víosaí.....	108

11.	Scéimeanna idirthurais speisialta.....	108
12.	Iarrthóirí tearmainn/iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta	110
13.	Faisnéis a chlárú ag an teorainn	113
14.	Comhar le seirbhísí eile	114
15.	Doiciméid chalaoiseacha a mharcáil.....	114
16.	Barántúlacht na sonraí atá stóráilte i bpas bithmhéadrach a fhíorú	115
17.	Bailíocht iontrálacha leanaí i bpassanna tuismitheoirí	116
ROINN II: Teorainneacha talún.....		117
1.	Seiceálacha ar thrácht ar bhóithre	117
2.	Seiceálacha ar thrácht ar iarnród.....	120
3.	Trácht teorann áitiúil.....	123
ROINN III: Teorainneacha aeir		124
1.	Seiceálacha ag an aerfort	125
2.	Seiceálacha in aeradróim	131
3.	Seiceálacha ar dhaoine ar eitiltí príobháideacha.....	132
ROINN IV: Teorainneacha mara		133
1.	Nósanna imeachta seiceála ginearálta maidir le muirthrácht.....	133
2.	Seiceálacha ar longa cúrsála	134
3.	Seiceálacha ar bhádóireacht phléisiúir.....	139
4.	Seiceálacha ar iascaireacht chósta	142
5.	Seiceálacha ar naisc bád farantóireachta.....	142
6.	Naisc lasta idir calafoirt suite sa chríoch den limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a teorainneacha inmheánacha	144
ROINN V: Seiceálacha ar loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre		146
1.	Loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre	146
CUID A TRÍ: FAIREACHAS TEORANN		147
1.	Cuspóir faireachais	147
2.	Na modhanna faireachais.....	147
CUID A CEATHAIR: LIOSTA IONSTRAIMÍ DLÍ ÁBHARTHA		150
AGUISÍN A		156
An nós imeachta um fhógra a thabhairt		156
FOSCRÍBHINN B		158
An measúnú riosca.....		158

LIOSTA NA nIARSCRÍBHINNÍ A GHABHANN LEIS AN LÁMHLEABHAR PRAITICIÚIL
DO GHARDAÍ TEORANN.....140

BROLLACH

Is é príomhchuspóir chomhar Schengen limistéar a chruthú nach bhfuil rialuithe ann ag a teorainneacha inmheánacha¹. Ceanglaítear rialuithe éifeachtúla ag teorainneacha seachtracha leis² mar aon le bearta tionlacain ábhartha i réimsí amhail an comhar póilíneachta agus breithiúnach agus beartas víosaí. Na forálacha maidir le rialú ag teorainn sheachtrach, tá feidhm acu mar sin féin maidir le teorainneacha inmheánacha in dhá chás. Baineann an chéad chás leis an staid mar is amhlaidh nach bhfuil an próiseas curtha i gcrích fós chun deireadh a chur le rialuithe ag teorainneacha inmheánacha ag na teorainneacha inmheánacha sin³. Ní mór rialuithe teorann ag na teorainneacha sin a dhéanamh i gcomhréir le forálacha Theideal II de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ ('Cód Teorainneacha Schengen'). Tagraíonn an dara cás don staid mar is amhlaidh go dtugtar rialuithe ag teorainneacha inmheánacha isteach an athuair go sealadach ag Stát Schengen a chuireann *acquis*⁵ Schengen i bhfeidhm ina iomláine. Beidh feidhm ag forálacha ábhartha Theideal II *mutatis mutandis* ansin toisc nach bhfuil teorainneacha inmheánacha ag teacht chun bheith ina dteorainneacha seachtracha⁶.

Is é cuspóir an Lámhleabhair Phraiticiúil seo do Ghardaí Teorann treoirínite, dea- chleachtais agus moltaí a leagan síos a bhaineann le feidhmiú dhualgais na ngardaí teorann i Stáit Schengen. Tá sé beartaithe freisin leis an lámhleabhar go mbeidh sé ina threoir úsáideora do ghardaí teorann i leith na mbeart agus na gcinntí a bheidh le déanamh ar feadh na dteorann mar a mbeidh feidhm ag na forálacha maidir le teorainneacha seachtracha. Déileálann ábhar an lámhleabhair seo, go bunúsach, le rialú na ndaoine ag an teorainn agus tá sé bunaithe ar ionstraimí den Aontas lena rialáiltear trasnú na dteorainneacha (agus go háirithe Cód Teorainneacha Schengen), eisiúint na víosaí, an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus iarratas a dhéanamh ar thearmann. Tá liosta de ghníomhartha dlí lena rialáiltear na réimsí a chumhdaítear leis an lámhleabhar seo i gCuid IV.

¹ Teorainneacha inmheánacha mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2 (1) de Chód Teorainneacha Schengen.

² Teorainneacha inmheánacha mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2(2) de Chód Teorainneacha Schengen.

³ Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003 (an Chipir), Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 (an Bhulgáir agus an Rómáin) agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2012 (an Chróit).

⁴ Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

⁵ Airteagal 32 de Chód Teorainneacha Schengen.

⁶ Féach go háirithe an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Theideal III (Teorainneacha Inmheánacha) de Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), COM(2010)554. Ina thogra le haghaidh leasú ar Chód Teorainneacha Schengen (COM(2021)891) tá sé molta ag an gCoimisiún oibleagáid a chur ar na Ballstáit bearta a leagan síos lena maolófar na tionchair a eascróidh as athbhunú rialuithe teorann ag teorainn inmheánach. Forbrófar tuilleadh treoraíochta maidir le bearta maolaitheacha den sórt sin nuair a ghlacfar an togra sin.

Nuair a dhéanfar tagairt sa lámhleabhar seo do chineálacha eile rialaithe a fhéadfar a dhéanamh ag an teorainn nó ba cheart a dhéanamh (mar shampla, rialuithe custaim, fiteashláintíochta nó rialuithe a bhaineann leis an tsláinte), beidh feidhm ag an reachtaíocht ábhartha den Aontas agus ag an reachtaíocht náisiúnta ábhartha maidir leis na cineálacha rialuithe sin. In aon chás, ba cheart do Stáit Schengen dlúthchomhar a áirithiú i gcónaí idir na húdaráis dhifriúla a dhéanann rialuithe ag teorainneacha, mar aon le húdaráis a dhéanann rialuithe laistigh den chríoch.

Níl sé beartaithe leis an lámhleabhar seo go gcruthófar aon oibleagáid a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí ar Stáit Schengen, ná cearta ná dualgais nua a bhunú le haghaidh na ngardaí teorann nó aon duine eile a bhféadfadh an lámhleabhar baint leo. Is iad na gníomhartha dlí ar a bhfuil an lámhleabhar bunaithe, nó dá dtagraítear sa lámhleabhar seo, agus na gníomhartha dlí sin amháin a sholáthraíonn éifeachtaí atá ceangailteach ó thaobh dlí agus is iad sin amháin is féidir a agairt os comhair dlínse náisiúnta.

CUID A hAON - SAINMHÍNITHE

1. ‘STÁIT SCHENGEN’ (Ballstáit an Aontais Eorpaigh a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm a bhaineann le teorainneacha seachtracha mar aon le *Tíortha Comhlachaithe Schengen*):

- | | | |
|----------------------|-------------------------|-----------------------|
| 1. An Bheilg | 11. <i>An Íoslainn</i> | 21. <i>An Iorua</i> |
| 2. An Bhulgáir | 12. An Iodáil | 22. An Ostair |
| 3. Poblacht na Seice | 13. An Chipir | 23. An Pholainn |
| 4. An Danmhairg | 14. An Laitvia | 24. An Phortaingéil |
| 5. An Ghearmáin | 15. <i>Lichtinstéin</i> | 25. An Rómáin |
| 6. An Eastóin | 16. An Liotuáin | 26. An tSlóivéin |
| 7. An Ghréig | 17. Lucsamburg | 27. An tSlóvaic |
| 8. An Spáinn | 18. An Ungáir | 28. An Fhionlainn |
| 9. An Fhrainc | 19. Málta | 29. An tSualainn |
| 10. An Chróit | 20. An Ísiltír | 30. <i>An Eilvéis</i> |

Údaráíodh Éire chun codanna áirithe d'*acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ach i líon teoranta réimsí (comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla) nach n-áirítear rialú ag teorainn sheachtrach orthu. Dá thoradh sin, chun críche an lámhleabhair seo, ar lámhleabhar í atá dírithe ar shaincheisteanna teorann agus atá le haghaidh gardaí teorann, ní áirítear Éire agus an téarma 'Stáit Schengen' á úsáid.

2. 'BALLSTÁIT AN AONTAIS':

1. An Bheilg	10. An Fhrainc	19. An Ísiltír
2. An Bhulgáir	11. An Chróit	20. An Ostair
3. Poblacht na Seice	12. An Iodáil	21. An Pholainn
4. An Danmhairg	13. An Chipir	22. An Phortaingéil
5. An Ghearmáin	14. An Laitvia	23. An Rómáin
6. An Eastóin	15. An Liotuáin	24. An tSlóivéin
7. Éire	16. Lucsamburg	25. An tSlóvaic
8. An Ghréig	17. An Ungáir	26. An Fhionlainn
9. An Spáinn	18. Málta	27. An tSualainn

3. STAID SHONRACH NA STÁT SCHENGEN NACH gCUIREANN *ACQUIS* SCHENGEN I bhFEIDHM INA IOMLÁINE GO FÓILL

Ní cuireann an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir ná an Rómáin *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill agus níl deireadh curtha le rialuithe ag a dteorainneacha le Stáit Schengen eile go fóill⁷.

Cuireann siad rialacha Theideal II de Chód Teorainneacha Schengen i bhfeidhm ag a dteorainneacha uile.

Tá feidhm ag na rialacha sonracha a leanas:

- déantar seiceálacha ag a dteorainneacha (mar shampla, maidir le fad an fhanachta, víosa, cead cónaithe, leibhéal na hacmhainne cothabhála) i ndáil lena gcríoch féin;

⁷ An 26 Meitheamh 2022 sheol an Chomhairle Dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina n- iomláine i bPoblacht na Cróite chuig Parlaimint na hEorpa chun a tuairim a fháil (doiciméad 10624/22 ón gComhairle).

- níl feidhm ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ ('an Cód Víosai') maidir leis an mBulgáir, an Chróit, an Chipir ná an Rómáin. Dá thoradh sin, le tagairt do víosa Schengen ní áirítear víosa arna heisiúint ag ceann de na ceithre Stát Schengen sin;

- forálacha i dtaca leis an gCóras Faisnéise Víosai (VIS), tá feidhm acu maidir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin ón 25 Iúil 2021 ar bhonn Chinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle⁹ in éineacht leis na srianta dá bhforáiltear sa Chinneadh sin (rochtain inléite amháin);

- níl feidhm ag forálacha i ndáil le Córas Faisnéise Schengen maidir leis an gCipir; tá feidhm iomlán acu maidir leis an mBulgáir agus leis an Rómáin i gcomhréir le Cinntí 2010/365/AE¹⁰ agus (AE) 2018/934 ón gComhairle¹¹; tá feidhm pháirteach acu maidir leis an gCróit i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/733 ón gComhairle¹²;

- Stáit Schengen nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go haontaobhach go fóill, féadfaidh siad aitheantas a thabhairt do dhoiciméid áirithe mar dhoiciméid atá coibhéiseach lena víosa náisiúnta le haghaidh idirthuras trína gcríoch nó gearrfhanacht atá beartaithe ar a gcríoch ar bhonn Chinneadh Uimh. 565/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³.

⁸ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosai (Cód Víosai) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

⁹ Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 maidir le forálacha áirithe d'*acquis* Schengen a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Víosai a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin ([IO L 269, 19.10.2017, lch. 39](#)), dáta an chur i bhfeidhm arna chinneadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/995 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2021 lena gcinntear an dáta óna mbeidh feidhm ag Cinneadh (AE) 2017/1908 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe d'*acquis* Schengen a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Víosai a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin ([IO L 219, 21.6.2021, lch. 37](#)).

¹⁰ Cinneadh 2010/365/AE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2010 maidir le forálacha *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin ([IO L 166, 1.7.2010, lch. 17](#)).

¹¹ Cinneadh (AE) 2018/934 ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha atá fágtha de *acquis* Schengen maidir le Córas Faisnéise Schengen i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin ([IO L 165, 2.7.2018, lch. 37](#)).

¹² Cinneadh (AE) 2017/733 ón gComhairle an 25 Aibreán 2017 maidir le forálacha *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cróite ([IO L 108, 26.4.2017, lch. 31](#)).

¹³ Cinneadh Uimh. 565/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena dtugtar córas simplithe isteach chun daoine a rialú ag na teorainneacha seachtracha, ar córas é a bheidh bunaithe ar aitheantas aontaobhach a bheidh á thabhairt ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir agus ag an Rómáin do dhoiciméid áirithe mar dhoiciméid atá coibhéiseach lena víosaí náisiúnta le haghaidh idirthuras trína geríoch n- a bheidh fanachta atá beartaithe ar a gcríoch nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá agus lena n- aighairtear Cinneadh Uimh. 895/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 582/2008/CE ([IO L 157, 27.5.2014, lch. 23](#)).

Nuair a dhéantar tagairt do ‘Stáit Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine’ nó don ‘limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha’, ní áirítear an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir ná an Rómáin.

4. **‘Tíortha LEE’**: An Iorua (NO), an Íoslainn (IS) agus Lichtinstéin (LI).
5. Tagraíonn **‘limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha’** don limistéar a chomhdhéantar de chríocha Stáit Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine (gan an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir agus an Rómáin a áireamh dá bhrí sin).
6. **‘Daoine a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais’**¹⁴ is náisiúnaigh de Bhallstáit an Aontais, de tíortha LEE agus na hEilvéise iad, mar aon le daoine dá dteaghlach atá á dtionlacan nó atá ag dul chomh fada leo, gan beann ar a náisiúntacht.
7. Is iad **‘baill de theaghlach shaoránaigh an Aontais, LEE nó CH a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais’**¹⁵, gan beann ar a náisiúntacht:
 - an céile (go neamhspleách ar ghnéas an chéile¹⁶) agus, más rud é go bhfuil sé sin conraithe ar bhonn reachtaíocht Stáit den Aontas nó Schengen agus aitheanta ag reachtaíocht an Stáit óstaigh den Aontas nó Schengen mar chaidreamh atá coibhéiseach le pósadh, an céile lena bhfuil páirtnéireacht chláráithe conraithe ag an saoránach de AE/LEE/CH;
 - sliochtaigh dhíreacha faoi bhun 21 bhliain d’aois nó cleithiúnaithe, lena n-áirítear na sliochtaigh dhíreacha sin de chuid an chéile nó an pháirtnéara cláráithe;
 - na gaolta díreacha cleithiúnacha sa líne shinsearach, lena n-áirítear iad sin de chuid an chéile nó an pháirtnéara cláráithe;
 - aon duine eile den teaghlach, mar a liostaítear thíos, ar éascaíodh a d(h)ul isteach agus/nó a c(h)ónaí, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, mar a chruthaítear le víosa nó le cárta cónaithe:

¹⁴ Airteagal 2, pointe 5, de Chód Teorainneacha Schengen.

¹⁵ Airteagal 2, pointe 2, agus Airteagal 3 pointe 2 de Threoir 2004/38/CE.

¹⁶ Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 5 Meitheamh 2018, Cás C-673/16, Coman, ECLI:AE:C:2018:385.

- cleithiúnaithe;
 - baill de theaghlach an tsaoránaigh AE/LEE/CH;
 - daoine den teaghlach a bhfuil géarghá acu le cúram pearsanta ón saoránach de AE/LEE ar fhorais sláinte thromchúiseacha;
- páirtneirí lena bhfuil caidreamh marthanach ag an saoránach de AE/LEE, atá fianaithe go cuí.
8. Tagraíonn **‘saoránach den Aontas’**¹⁷ d’aon duine is náisiúnach de Ballstát den Aontas Eorpach.
 9. Tagraíonn **‘náisiúnach tríú tír’**¹⁸ d’aon duine nach duine ag a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais¹⁹.
 10. Tagraíonn **‘garda teorann’**²⁰ d’aon oifigeach poiblí atá sannta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, do phointe trasnaithe teorann nó feadh na teorann nó díreach taobh leis an teorainn sin agus a dhéanann, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, cúraimí rialaithe teorann.
 11. Ciallaíonn **‘rialú ag teorainneacha’**²¹ an ghníomhaíocht a dhéantar ag teorainn mar fhreagairt eisiach ar rún an teorainn sin a thrasnú nó ar ghníomh thrasnaithe na teorann sin, gan beann ar aon chúinse eile, a bhfuil seiceálacha teorann agus faireachas ar theorainneacha mar chuid di.
 12. Ciallaíonn **‘seiceálacha teorann’**²² na seiceálacha a dhéantar ag pointí trasnaithe teorann, lena n-áirithiú go bhféadfar daoine, lena n-áirítear a modh iompair agus na nithe atá ina seilbh, a údarú chun dul isteach ar chríoch Stáit Schengen nó imeacht uathí.

¹⁷ Airteagal 2, pointe 1, de Threoir 2004/38/CE.

¹⁸ Airteagal 2, pointe 6, de Chód Teorainneacha Schengen.

¹⁹ Meastar gur náisiúnaigh tríú tír iad náisiúnaigh Andóra, Mhonacó agus San Mairíne, díolmhaítear iad, áfach, ón stampáil (agus beidh siad díolmhaithe ó EES agus ETIAS amach anseo freisin) agus glacann na Ballstáit le húsáid lánaí an Aontais ag náisiúnaigh Andóra, Mhonacó agus San Mairíne de réir dhoiciméad 13020/04 ón gComhairle.

²⁰ Airteagal 2, pointe 14, de Chód Teorainneacha Schengen.

²¹ Airteagal 2, pointe 10, de Chód Teorainneacha Schengen.

²² Airteagal 2, pointe 11, de Chód Teorainneacha Schengen.

13. Is éard is **‘seiceálacha córasacha ar bhunachair sonraí ábhartha’**²³ ann na seiceálacha sna bunachair sonraí ábhartha a dhéanann gardaí teorann i ndáil le gach duine (daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus náisiúnaigh tríú tír) a thrasnaíonn na teorainneacha seachtracha, ar dhul isteach nó ar imeacht dóibh.
14. Is éard is **‘bunachair sonraí ábhartha’**²⁴ ann na bunachair sonraí nach mór do na gardaí teorann a scrúdú agus seiceálacha córasacha á ndéanamh acu ar gach duine a thrasnaíonn na teorainneacha seachtracha. Áirítear leo sin:
- Córas Faisnéise Schengen ‘SIS’;
 - Bunachair sonraí Interpol faoi Dhoiciméid Taistil a Goideadh agus a Cailleadh (‘DTGC’);
 - bunachair sonraí náisiúnta ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh agus a rinneadh neamhbhailí;
- Féadfaidh na gardaí teorann bunachair sonraí náisiúnta eile agus bunachair sonraí Interpol a cheadú freisin.
15. Is éard is **‘seiceálacha spriocdhírthe ar na bunachair sonraí’**²⁵ ann na seiceálacha ar bhunachair sonraí ábhartha atá bunaithe ar anailís riosca a dhéantar go heisiach ar roinnt daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais ag pointí trasnaithe teorann áirithe mar is infheidhme maolú ar phrionsabal na seiceálacha córasacha.
16. Is éard is **‘seiceálacha eile ar dhaoine ag a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais’**²⁶ ann seiceálacha ar dhaoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais nach bhfuil faoi réir seiceálacha spriocdhírthe ar bhunachair sonraí ábhartha, nuair a chuirtear maolú sealadach i bhfeidhm ar na seiceálacha córasacha; eadhon fíorú chéannacht an tsealbhóra agus bhailíocht agus bharántúlacht dhoiciméad taistil an tsealbhóra.

²³ Bunaithe ar Airteagal 8(2) de Chód Teorainneacha Schengen.

²⁴ Bunaithe ar Airteagal 8(2), pointí (a) agus (b), de Chód Teorainneacha Schengen.

²⁵ Bunaithe ar Airteagal 8(2a) de Chód Teorainneacha Schengen.

²⁶ Bunaithe ar Airteagal 8(2a), tríú fohír, de Chód Teorainneacha Schengen.

17. Is éard is **‘seiceálacha críochnúla’**²⁷ ann na seiceálacha a bhíonn le déanamh ar náisiúnaigh tríú tír.
18. Is éard is **‘seiceálacha ar an dara líne’**²⁸ ann seiceálacha breise is féidir a dhéanamh in ionad speisialta ar leataobh ón ionad ina seiceáiltear gach aon duine (‘an chéad líne’).
19. Tagraíonn **‘Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí (API)’** do shonraí a bhailítear i gcomhréir le Treoir 2004/82/CE ón gComhairle²⁹.
20. Ciallaíonn **‘faireachas ar theorainneacha’**³⁰ faireachas ar theorainneacha idir pointí trasnaithe teorann agus faireachas ar phointí trasnaithe teorann lasmuigh dá n- uaireanta oscailte seasta, chun cosc a chur ar dhaoine a bheith ag sárú seiceálacha teorann.
21. Ciallaíonn **‘Iarrthóir tearmainn’** nó **‘Iarratasóir tearmainn’**³¹ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ag a bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta déanta, nach bhfuil cinneadh críochnaitheach déanta ina leith fós.
22. Ciallaíonn **‘iarratas ar chosaint idirnáisiúnta’**³² iarraidh a dhéanann náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ar chosaint ó Stát Schengen, ar féidir a thuiscint ina leith go bhfuil stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí á lorg;
23. Ciallaíonn **‘dídeanaí’**³³ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallaíocht i ngrúpa sóisialta áirithe agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó duine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí air roimhe seo ar na cúiseanna sin a luaitear thuas agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach, filleadh ar an tír sin.

²⁷ Bunaithe ar Airteagal 8(3) de Chód Teorainneacha Schengen.

²⁸ Airteagal 2, pointe 13, de Chód Teorainneacha Schengen.

²⁹ Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24).

³⁰ Airteagal 2, pointe 12, de Chód Teorainneacha Schengen.

³¹ Airteagal 2, pointe (i), de Threoir 2011/95/AE.

³² Airteagal 2, pointe (h), de Threoir 2011/95/AE.

³³ Airteagal 2, pointe (d) de Threoir 2011/95/AE.

24. Ciallaíonn **‘duine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach’**³⁴ náisiúnach tríú tír nó duine gan stát nach gcáilíonn mar dhéanaí ach ar taispeánadh ina leith go bhfuil forais shubstantiúla ann lena chreidiúint maidir leis an duine lena mbaineann, dá bhfillfí é/í ar a t(h)ír thionscnaimh, nó, i gcás duine gan stát, ar an tír ina raibh gnáthchónaí air/uirthi roimhe seo, go mbeadh fíorbhaol ann go bhfulaingeach sé/sí díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵, agus nach bhfuil in ann nó, de bharr baoil den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin.
25. Tagraíonn **‘Duine gan stát’**³⁶ do dhuine nach measann aon Stát gur náisiúnach é/í faoi oibriú a dhlíthe.
26. Tagraíonn **‘bagairt don tsláinte phoiblí’**³⁷ d’aon ghalar a mbaineann baol eipidéime leis mar atá sainmhínithe i Rialacha Sláinte Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda Sláinte agus galair thógálacha nó galair sheadánacha ghabhálacha eile má tá siad faoi réir forálacha cosanta is infheidhme maidir le náisiúnaigh na mBallstát. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach na treoirlínte maidir le bagairtí don tsláinte phoiblí³⁸.
27. Ciallaíonn **‘víosa’**³⁹ údarú arna eisiúint ag Stát Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine d’fhonn:
- (a) tréimhse fanachta nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá atá beartaithe ar chríoch an limistéir nach bhfuil rialuithe ann ag a teorainneacha inmheánacha;
- (b) idirthuras a dhéanamh tríd na limistéir idirthurais idirnáisiúnta in aerfoirt Bhallstáit Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine.

³⁴ Airteagal 2, pointe (f) de Threoir 2011/95/AE.

³⁵ Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach le haghaidh dídeanaithe nó le haghaidh daoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO L 337, 20.12.2011, lch. 9).

³⁶ Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Stádas Daoine gan Stát

³⁷ Airteagal 2, pointe 21, de Chód Teorainneacha Schengen.

³⁸ Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach na treoirlínte maidir le bagairtí don tsláinte phoiblí, Cuid II, Roinn I, pointe 3.6.

³⁹ Airteagal 2, pointe 2, de Chód Teorainneacha Schengen.

28. Ciallaíonn **‘víosa ghearrfhanachta náisiúnta’** údarú arna eisiúint ag Stát Schengen nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill d’fhonn tréimhse fanachta atá beartaithe ar chríoch an Stáit Schengen sin nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.
29. ciallaíonn **‘víosa a bhfuil bailíocht chríochach teoranta aige’**⁴⁰ víosa atá bailí le haghaidh chríoch Stát Schengen amháin nó níos mó a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine ach nach bhfuil bailí le haghaidh chríoch na Stát uile sin.
30. Ciallaíonn **‘víosa idirthurais aerfoirt’**⁴¹ víosa atá bailí chun idirthuras a dhéanamh trí limistéir idirnáisiúnta idirthurais in aerfort amháin nó níos mó i Stát Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine.
31. Ciallaíonn **‘víosa idirthurais aerfoirt’** víosa atá bailí chun idirthuras a dhéanamh trí limistéir idirnáisiúnta idirthurais in aerfort amháin nó níos mó de Stát Schengen nach gcuireann an *acquis* i bhfeidhm ina iomláine go fóill.
32. Ciallaíonn **‘víosaí fadfhanachta’**⁴² víosa náisiúnta, arna eisiúint ag ceann amháin de Stáit Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine le haghaidh tréimhsí fanachta is faide ná 3 mí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 265/2010 nó i gcomhréir le dlí eile den Aontas nó lena dhlí náisiúnta agus lena mbaineann uastréimhse bhailíochta 1 bhliain amháin.

⁴⁰ Airteagal 2, pointe 4, de Chód Teorainneacha Schengen.

⁴¹ Airteagal 2, pointe 5, de Chód Teorainneacha Schengen.

⁴² Airteagal 18 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a Chur chun Feidhme.

33. Ciallaíonn **‘tairbhí den Chomhaontú um Tharraingt Siar’** náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe agus na daoine dá dteaghlach is tairbhithe de Chuid a Dó (cearta na saoránach) den *Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach*⁴³. Maidir leis na cearta saorghluaiseachta a bhí á bhfeidhmiú ag tairbhithe den Chomhaontú um Tharraingt Siar roimhe, a bhí acu mar shaoránaigh den Aontas, marthanaíodh ina Stát óstach agus sa Stát sin amháin iad. I ndáil le gluaiseacht go Stáit Schengen (seachas go dtí a Stát óstach) táthar le hiad a láimhseáil mar náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dlíthiúil.

⁴³

[IO L 29, 31.1.2020, lgh. 7–187.](#)

CUID A DÓ - SEICEÁLACHA TEORANN

ROINN I: Nósanna imeachta maidir le seiceálacha teorann

1. SEICEÁLACHA AG POINTÍ TRASNAITHE TEORANN

1.1. Is é príomhchuspóir na seiceálacha teorann ag pointí trasnaithe teorann a fhíorú go gcomhlíonann gach duine a thrasnaíonn an teorainn na coinníollacha maidir le dul isteach i gcríoch Stáit Schengen. I gcás náisiúnaigh tríú tír déantar seiceáil ar na coinníollacha maidir le dul isteach ([féach pointe 3 den Roinn seo](#)). Maidir le saoránaigh den Aontas agus le daoine dá dteaghlach is é is aidhm do na rialuithe, go háirithe, incháilitheacht na ndaoine lena mbaineann a fhíorú i dtaca leis an gceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais de thoradh Threoir 2004/38 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴. Tá feidhm ag rialacha sonracha freisin le haghaidh catagóirí áirithe daoine ([féach pointe 3.2 den Roinn seo](#)).

1.2. Ní mór seiceálacha córasacha a dhéanamh ar gach duine, idir saoránaigh AE/LEE/CH agus náisiúnaigh tríú tír, sna bunachair sonraí ábhartha ar thrasnú na dteorainneacha seachtracha dóibh⁴⁵. Is iad seo a leanas na bunachair sonraí sin:

- SIS;
- SLTD;
- bunachair sonraí náisiúnta ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh, a mídhísiódh, a cailleadh agus a rinneadh neamhbhailí;

Féadfaidh na gardaí teorann bunachair sonraí náisiúnta eile agus bunachair sonraí Interpol a cheadú freisin.

Is féidir feidhm a bheith ag maoluithe ar an riail sin na seiceálacha córasacha i mbunachair sonraí ábhartha ag teorainneacha talún agus mara atá faoi réir coinníollacha áirithe ([féach pointe 2.3 den Roinn seo](#)) agus nós imeachta sonracha á leanúint um fhógra a thabhairt faoi mhaolú den sórt sin ([féach Foscríbhinn A](#)) agus riosca measúnú ([féach Foscríbhinn B](#)).

⁴⁴ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhail a dteaghlach aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

⁴⁵ Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen.

Ag teorainneacha aeir, b'indéanta feidhm a bheith ag maoluithe le linn idirthréimhse a tháinig chun críche an 7 Aibreán 2019. Ní indéanta feidhm a bheith ag aon mhaolú ag aon teorainn aeir a thuilleadh ón dáta sin.

1.3. Cearta Bunúsacha a chumhdaítear i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus sa Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, ní mór iad a ráthú d'aon duine atá ag iarraidh teorainn a thrasnú. Leis an rialú ag teorainneacha, ní mór an toirmeasc ar chéasadh agus ar íde nó ar phionós atá mídhonna nó táireach agus an toirmeasc ar idirdhealú a urramú, ar toirmisc iad a chumhdaítear, faoi seach, in Airteagail 4 agus 21 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus in Airteagail 3 agus 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Go háirithe, ní mór do ghardaí teorann, le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh, dínit an duine a urramú go hiomlán agus ní mór aon idirdhealú ar aon fhoras, lena n- áirítear inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh a thoirmeasc. Ní mór foráil a bheith déanta sa dlí i leith aon teorannú ar chearta bunúsacha, ar teorannú é sin a dhéanfar le haon bheart le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh, agus ní mór bunbhri na gceart agus na saoirsí sin a urramú leis na bearta sin. I gcomhréir le hAirteagal 52 den Chairt, ní fhéadfar teorainneacha a chur le cearta bunúsacha ach amháin má tá gá leo agus má shásaíonn siad cuspóirí leasa ghinearálta arna n- aithint ag an Aontas nó an riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint; ní mór dóibh a bheith comhréireach.

Tá ag gach taistealaí an ceart chun bheith curtha ar an eolas i dtaobh an chineáil rialaithe agus an ceart ar chóir ghairmiúil, chairdiúil agus chúirtéiseach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, den Aontas agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Ní mór gach taistealaí a chur ar an eolas faoi phróiseáil a sonraí pearsanta i gcomhthéacs rialuithe teorann lena n- áirítear seiceálacha ar bhunachair sonraí (bunachair sonraí SIS agus VIS mar shampla), lena n- áirítear maidir le cearta na n- ábhar sonraí a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta dá gcuid. Chuige sin, ba cheart faisnéis ábhartha a bheith ar fáil ag na pointí trasnaithe teorann (e.g. comharthaí faisnéise, cód QR) sna teangacha a sholáthraítear de ghnáth le haghaidh cumarsáid chomhchosúil. Is infheidhme rialacha an Aontais rialacha maidir le cosaint sonraí

pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁶ agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁷, mar aon le rialacha maidir le cosaint sonraí d'*acquis* SIS agus VIS.

- 1.4. Arna iarraidh ag an duine atá faoi réir seiceála, ba cheart don gharda teorann a dhéanann an tseiceáil a s(h)uaitheantas seirbhíse a thaispeáint dó/di, an uimhir aitheantais seirbhíse a sholáthar dó/di agus, ag brath ar na cúinsí, a (h)ainm a thabhairt. Féadfar diúltú an t- ainm a sholáthar más ann d'aon chúis glacadh leis go bhféadfadh an garda teorann a bheith faoi mhíbhuntáiste tromchúiseach (mar shampla, dá mbeadh a s(h)aol nó a s(h)láine fhisiceach faoi bhagairt). Sa chas deireanach sin, is é uimhir an tsuaitheantais agus ainm agus seoladh a (h)údaráis nach mór a sholáthar agus iad sin amháin.
- 1.5. Ní mór don gharda teorann atá i gceannas ar an bpointe trasnaithe líon leordhóthanach d'fhoireann iomchuí a chur ar fáil chun rialú teorann éifeachtach a dhéanamh. Ní mór do ghardaí teorann cothromaíocht a bhaint amach i gcónaí idir an gá, ar thaobh amháin, trasnú rianúil na teorann a áirithiú ag daoine a chomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach, agus arb iad sin formhór mór na dtaistealaithe (mar shampla, turasóirí, lucht gnó, mic léinn) agus an gá, ar an taobh eile, a bheith ar an airdeall i gcónaí chun daoine a bhrath ar daoine iad lena mbaineann riosca do bheartas poiblí agus don tslándáil inmheánach mar aon le cásanna féideartha de dhul isteach neamhdhleathach. An gá le bheith ar an airdeall, baineann sé go háirithe le staid ina gcuirtear an maolú ar phrionsabal na seiceálacha córasacha sna bunachair sonraí ábhartha i bhfeidhm. Ag na pointí trasnaithe teorann nach dtairbhíonn de mhaoluithe, ní mór do na gardaí teorann seiceálacha córasacha a dhéanamh sna bunachair sonraí ábhartha maidir le gach duine dá dtrasnaíonn na teorainneacha seachtracha ar dhul isteach agus imeacht dóibh.

⁴⁶ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ([IO L 119, 4.5.2016, lch. 1](#)).

⁴⁷ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n- aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle ([IO L 119, 4.5.2016, lch. 89](#)).

*** Comhairle le haghaidh gardaí teorann le linn dóibh seiceálacha teorann a dhéanamh:**

- nuair a thógann tú an doiciméad taistil, féach ar aghaidh an taistealaí i gcónaí (déan iarracht cuimhne a choinneáil ar an oiread agus is féidir de na tréithe suntasacha d’aghaidh an taistealaí);
- cuir tréithe an taistealaí i gcomparáid leis an ngrianghraf agus leis an tuairisc a áirítear sa doiciméad taistil, meaitseáil iad leis an víosa freisin nuair a cheanglaítear amhlaidh (d’fhéadfadh sé sin cuidiú le deireadh a chur le pasadóirí);
- déan seiceáil chríochnúil ar an doiciméad taistil chun an fhéidearthacht a chur as an áireamh gur doiciméad taistil góchumtha nó brionnaithe é (uimhriú, priontáil agus fuáil na leathanach, séalaí agus stampaí atá curtha isteach, daoine eile á n-áireamh ann; gach ceartúchán dá ndéantar sa doiciméad go háirithe ar leathanach na sonraí pearsanta, ba cheart don taistealaí é a shoiléiriú); seiceáil chórasach a dhéanamh sna bunachair sonraí (i gcás nach ndéanfar amhlaidh go huathoibríoch tríd an doiciméad taistil a scanadh); agus teagmháil á coinneáil agus iompraíocht agus freagairt an taistealaí á mbreathnú lena linn sin (mar shampla, neirbhís iomarcach, dearcadh trodach, toilteanas iomarcach chun comhoibriú); agus seiceáil á déanamh ar an gCóras Faisnéise Víosa, úsáid uimhir an ghreamáin víosa i dteannta le fíorú méarlorg shealbhóir an víosa, agus ní mór seiceáil a dhéanamh go bhfuil marcáil VIS-0 ann agus an uimhir atá ar an ngreamán víosa á húsáid agus í sin amháin;
- ní mór gach taistealaí a chur ar an eolas faoi phróiseáil a sonraí pearsanta i gcomhthéacs rialuithe teorann lena n-áirítear seiceálacha ar bhunachair sonraí (mar shampla bunachair sonraí SIS agus VIS), lena n-áirítear maidir le cearta na n-ábhar sonraí a bhaineann le próiseáil na sonraí pearsanta dá gcuid. Is infheidhme rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint. Ba cheart don gharda teorann faisnéis a sholáthar don taistealaí maidir le cearta chun rochtain a fháil ar na sonraí, ar shonraí míchruinne a cheartú, agus ar shonraí atá á stóráil go neamhdhleathach a léirsciosadh. Ní

mór don gharda teorann sonraí teagmhála na n- údarás náisiúnta inniúil a sholáthar don taistealaí, arb é sin an rialaitheoir sonraí agus an t- údarás um chosaint sonraí é, chun a chur ar a chumas dó/di a c(h)earta a fheidhmiú lena n- áirítear an ceart gearán a thaisceadh leis an údarás um chosaint sonraí⁴⁸;

- sula ndéanfaidh tú an doiciméad taistil a stampáil (nuair a cheanglaítear amhlaidh), déan cinnteach nár fhan an duine níos faide ná an tréimhse cheadaithe (i.e. 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá) le linn na tréimhse fanachta deireanaí aige/aici laistigh den limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha nó ar chríoch na Bulgáire, na Cróite, na Cípire nó na Rómáine á n- áireamh ar leithligh; le haghaidh náisiúnaigh tríú tír ar daoine de theaghlach shaoránaigh an Aontais, LEE agus CH iad, tugtar faoi deara go bhfuil feidhm ag forálacha sonracha maidir leo (féach pointe 2.1.2);
- ná ceistigh an taistealaí mar dhuine a d'fhéadfadh a bheith ina c(h)oirpeach nó ina náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach. Ba cheart gach ceist a bheith cothrom agus a chur ar an duine go cairdiúil;
- ceisteanna a chuireann an taistealaí, níor cheart iad a mheas mar cheisteanna cunóracha agus ba cheart iad a fhreagairt ar bhealach fíorasach agus modhúil.

1.6. Úsáid na gcóras rialaithe teorann uathoibríthe (ABC): na forálacha de chuid Chód Teorainneacha Schengen a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2017/2225 lena leasaítear an Cód sin, a mhéid a bhaineann le húsáid an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), is forálacha iad a thiochfaidh i bhfeidhm an dáta a rachaidh EES i mbun oibríochtaí, agus tá rialacha mionsonraithe iontu maidir le húsáid na gcóras féinfhreastail agus ríomhgheataí. Agus teacht i bhfeidhm na rialacha nua sin fós ar feitheamh, is féidir na córais féinfhreastail agus ríomhgheataí a úsáid cheana féin agus moltar déanamh

⁴⁸ Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm póstaer nó bileoige. Ní mór an bhileog nó an póstaer a bheith ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus i dteanga/i dteangacha na dtíortha atá ar theorainn Stáit Schengen lena mbaineann.

amhlaidh⁴⁹ (ar theacht isteach agus ar imeacht i ndáil le seiceálacha ar dhaoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta agus chomh maith leis sin seiceálacha ar náisiúnaigh tríú tír nuair is iomchuí) ar choinníoll go mbeidh an úsáid sin *i dteannta* seiceáil de lámh a dhéanfaidh garda teorann agus, más gá, stampáil. Ceapfar córais um rialú uathoibríthe teorann ar bhealach ina bhféadfaidh gach duine iad a úsáid, cé is moite de leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois, agus ceapfar iad ar bhealach lena n-urramófar dínit an duine go hiomlán, go háirithe i gcásanna a bhaineann le daoine leochaileacha. I gcás ina gcinneadh na Ballstáit córais um rialú uathoibríthe teorann a úsáid, áiritheoidh siad go mbeidh foireann leordhóthanach i láthair chun cúnaimh a thabhairt do dhaoine córais den sórt sin a úsáid agus coinneoidh siad láná neamh- uathoibríthe leordhóthanacha ar bun le haghaidh leanaí, daoine a bheidh ag tionlacan leanaí agus daoine leochaileacha ar fearr leo láná neamh- uathoibríthe a úsáid.

2. SEICEÁLACHA AR DHAOINE A BHFUIL CEART CHUN SAORGLUAISEACHTA ACU FAOI DHLÍ AN AONTAIS

2.1. Daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, ba cheart dóibh a bheith faoi réir na seiceálacha córasacha sna bunachair sonraí ábhartha ar dhul isteach agus ar imeacht dóibh, eadhon:

- SIS;
- SLTD;
- bunachair sonraí náisiúnta ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh agus a rinneadh neamhbhailí;

Féadfaidh na gardaí teorann bunachair sonraí náisiúnta eile agus bunachair sonraí Interpol a cheadú freisin.

⁴⁹

Aithris 10 de Rialachán (AE) 2017/458 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 a mhéid a bhaineann le hathneartú seiceálacha sna bunachair sonraí ábhartha ag teorainneacha seachtracha: *‘Mar thoradh ar fhorbairtí teicneolaíochta, is féidir, i bprionsabal, bunachair sonraí ábhartha a cheadú ar bhealach nach mbeadh ach éifeacht theoranta ann ar an bhfad a thógann sé chun an teorainn a thrasnú, ós rud é gur féidir na seiceálacha ar dhoiciméid agus ar dhaoine araon a dhéanamh ag an am céanna. D’fhéadfadh geataí rialaithe teorann uathoibríocha a bheith ábhartha sa chomhthéacs sin.’*

I gcás pasanna agus doiciméid taistil ina bhfuil meán stórála dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle⁵⁰, ní mór seiceáil a dhéanamh ar bharántúlacht shonraí na slise.

2.1.1. I gcás ina bhfuil amhras faoi bharántúlacht an doiciméid taistil nó faoi chéannacht a shealbhóra, ní mór fíorú a dhéanamh ar cheann amháin ar a laghad de na sainaitheantóirí bithmhéadracha (íomhá den aghaidh agus/nó méarloirg) atá ionchorpraithe sa phas agus sna doiciméid taistil a eisítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004. I gcás inar féidir é, ní mór fíorú den sórt sin a dhéanamh freisin maidir le doiciméid taistil nach gcumhdaítear leis an Rialachán sin.

2.1.2. I gcás náisiúnaigh tríú tír ar daoine de theaghlach saoránaigh den Aontas, de LEE agus de CH iad, tá an ceart cónaithe i mBallstát acu ar feadh tréimhse suas le 3 mí más rud é go mbeidh pas bailí ina seilbh acu agus go bhfuil an saoránach den Aontas, de LEE nó de CH á dtionlacan acu nó ag dul chomh fada leo, gan aon teorannú maidir le 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

Tugtar faoi deara go bhfuil náisiúnaigh tríú tír ar daoine de theaghlach saoránaigh den Aontas, de LEE nó de CH iad i dteideal an saoránach den Aontas, de LEE nó de CH a thionlacan nó dul chomh fada leo ar feadh tréimhsí suas le 3 mí a thagann i ndiaidh a chéile in aghaidh Stát Schengen gan aon choinníoll ná aon fhoirmiúlacht (seachas an gá le víosa le haghaidh náisiúnaigh tríú tír a bheith acu as tír atá faoi réir ceanglas víosa i gcás nach bhfuil cárta cónaithe nó cead cónaithe bailí ina sheilbh ag an duine mar a mhínítear tuilleadh i bpointe 2.8 den Roinn seo).

I gcás ina mbeidh an duine den teaghlach ag taisteal ina (h)aonar agus nach mbeidh cárta cónaithe ná cead cónaithe bailí aige/aici (féach pointe 2.8 den Roinn seo), rachaidh an gnáthchóras maidir le fad na gearrfhanachta i bhfeidhm (an athuair), toisc nach gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha lena dtairbhítear de na héascuithe a bhaineann le saorghluaiseacht shaoránaigh den Aontas, de LEE agus de CH agus lena dteaghlai.

⁵⁰ Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin le haghaidh gnéithe slándála agus le haghaidh bithmhéadracht i bpassanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag na Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1).

Na tréimhsí fanachta roimhe a caitheadh sa limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha agus ag tionlacan nó ag dul chomh fada leis an saoránach den Aontas, de LEE nó de CH, níor cheart iad a chur san áireamh ar mhaithe le comhlíontacht riail na 90/180 lá a ríomh, ar riail í nach infheidhme ach amháin maidir leis an ngearrfhanacht agus léi sin amháin.

***Samplaí** (sna samplaí uile sin, níl cárta cónaithe ná cead cónaithe bailí ina sheilbh ag an náisiúnach tríú tír mar a mhínítear tuilleadh i bpointe 2.8 den Roinn seo):

Féadfaidh náisiúnach Indiach atá pósta ar shaoránach Francach a c(h)éile a thionlacan go dtí an Ghearmáin ar feadh 3 mí, go dtí an Spáinn ar feadh 2 mhí agus go dtí an Iodáil ar feadh 3 mí, agus iad ag fanacht sa limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha ar feadh thréimhse 8 mí a thagann i ndiaidh a chéile san iomlán.

Tá saoránach Seapánach pósta ar shaoránach Eastónach agus níor tháinig sé/sí go dtí an tAontas riamh roimhe. Tá an saoránach Seapánach ag tionlacan a c(h)éile Eastónach go dtí an Iodáil ar feadh 1 mhí amháin. Díreach i ndiaidh na míosa sin, fágann an céile Eastónach an Iodáil agus filléann sé/sí ar an tSeapáin chun dul ag obair. Is féidir leis an saoránach Eorpach fanacht ina (h)aonar ar feadh 90 lá eile (tá feidhm ag an teorainn 90 lá in aon tréimhse 180 lá).

Caitheann saoránach Síneach atá pósta ar shaoránach Sualannach 15 lá san Ostair ina (h)aonar, chun críoch gnó. Tagann an saoránach Sualannach chomh fada leis ansin agus caitheann siad 1 mhí amháin sa Phortaingéil le chéile. Díreach i ndiaidh na míosa sin, fágann an céile Sualannach an tAontas. Is féidir leis an saoránach Síneach fanacht ina aonar ar feadh na 75 lá atá fágtha den tréimhse 180 lá (tá feidhm ag an teorainn 90 lá in aon tréimhse 180 lá, ach níor cheart an fhanacht a dhéantar in éineacht leis an saoránach den Aontas a áireamh (sa sampla sin, an tréimhse 1 mhí amháin) nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar urramú teorainn na 90 lá in aon tréimhse 180 lá).

- 2.2. Ní foras leordhóthanach ann féin é amas in SIS nó i mbunachair sonraí ábhartha eile chun cead isteach a dhiúltú d'aon duine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais (féach pointe 8.3 den Roinn seo maidir leis na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le cead isteach a dhiúltú do thairbhíthe an chirt chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais).
- 2.3. Ní indéanta seiceálacha spriocdhírítithe sna bunachair sonraí ábhartha ach amháin nuair a bheadh tionchar díréireach ag na seiceálacha córasacha ar an sreabhadh tráchta ag pointí trasnaithe teorann talún agus mara áirithe, agus tar éis measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le beartas poiblí, le slándáil inmheánach, le sláinte phoiblí nó le caidreamh idirnáisiúnta aon cheann de Stáit Schengen. (Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin nós imeachta maidir le fógra agus measúnú riosca, féach Foscríbhinní A agus B).

I staid den sórt sin, ba cheart na táscairí rioscaí coiteanna a úsáid, ar táscairí rioscaí iad is ábhartha maidir le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta agus atá leagtha síos ag an gCoimisiún in éineacht le Stáit Schengen agus le gníomhaireachtaí ábhartha, chun sainmhíniú a dhéanamh ar na daoine is féidir a chur faoi sheiceáil spriocdhírítithe amháin.

An fhéidearthacht atá ag na Ballstáit agus a leagtar síos in Airteagal 8(2a) go (2f) de Chód Teorainneacha Schengen chun seiceálacha spriocdhírítithe a dhéanamh seachas seiceálacha córasacha ar dhaoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an fhéidearthacht sin agus ceart na mBallstát a leagtar síos in Airteagal 9 de Chód Teorainneacha Schengen, chun seiceálacha teorann a mhaolú de thoradh imthosca eisceachtúla gan choinne (féach pointe 7 den Roinn seo).

	Truicear	Ceanglais nós imeachta	Substaint	Fad
Seiceálacha spriocdhírítithe ag pointí trasnaithe teorann sonracha (BCPna) Airteagal 8(2a) go (2f) de Chód Teorainneacha Schengen	- tionchar díreach ar an sreabhadh tráchta	- measúnú riosca roimh ré a chur faoi bhráid Frontex - fógra a thabhairt do na Ballstáit, do Frontex agus don Choimisiún - tuairisciú gach 6 mhí chuig Frontex agus don	- Ní bhaineann ach amháin le tairbhíthe den tsaorghluaiseacht - bíonn seiceáil íosta fós éigeantach - Ón 7 Aibreán 2019 déantar teorainneacha aeir	- ní mór gan dul thar an méid lena bhfuil fíorghá - sainmhínítear i gcomhréir le measúnú riosca (i.e. d'fhéadfaí tréimhsí níos faide a chumhdach)

		Choimisiún	a eisiamh ó fhéidearthacht na seiceálacha spriocdhírithé.	
Maolú Airteagal 9 de Chód Teorainneacha Schengen	- teagmhais nach féidir a thuar as a n-eascraíonn am feithimh iomarcach (e.g. tuile, tubaiste nádúrtha, cogadh (cathartha) i Stát máguaird, dúnadh BPCnna gan choinne, timpiste bóthair thábhachtach) - ina mbeidh na hacmhainní go léir ídithe a mhéid a bhaineann le foireann, saoráidí agus eagar	- cinneadh déanta ag garda teorann atá i gceannas ag post rialaithe teorann - faisnéis a chlárú ag post rialaithe teorann i gcomhréir le hIarscríbhinn II pointe (b) de Chód Teorainneacha Schengen - tuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle	- Baineann le gach taistealaí - bíonn stampáil (le haghaidh náisiúnaigh tríú tír) éigeantach go fóill - tá tosaíocht ag seiceálacha dul isteach ar sheiceálacha imeachta	sealadach, arna oiriúnú de réir imthosca lena dtugtar údar maith leis (i.e. tréimhse an-ghearr agus í sin amháin)

2.4. Nuair atá seiceálacha spriocdhírithé den sórt sin i bhfeidhm, i gcás daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais nach ndéantar seiceálacha spriocdhírithé ar bhunachair sonraí ábhartha ina leith, ní mór ‘seiceálacha eile ar dhaoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais’ a dhéanamh orthu chun céannacht an duine a shuíomh ar bhonn doiciméad taistil a thugtar ar aird nó a chuirtear i láthair. Mar chuid de ‘seiceálacha eile’ den sórt sin, ní mór fíorú mear éasca a dhéanamh ar bhailíocht an doiciméid taistil chun an teorainn a thrasnú, agus fíorú i dtaobh an bhfuil comharthaí falsaithe nó góchumtha air, i gcás inarb iomchuí, trí ghléasanna teicniúla a úsáid. I gcás ina mbeidh amhras faoin doiciméad taistil nó ina léireofar go bhféadfadh an duine sin beartas poiblí, slándáil inmheánach, sláinte phoiblí nó caidreamh idirnáisiúnta Stáit Schengen a chur i mbaol, ní mór don garda teorann na bunachair sonraí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 8(2), pointe (a) agus pointe (b), de Chód Teorainneacha Schengen a cheadú.

- 2.5. Féadfar na seiceálacha sna bunachair sonraí ábhartha a dhéanamh roimh ré ar bhonn sonraí faoi phaisinéirí a fhaightear i gcomhréir le Treoir 2004/82/CE nó i gcomhréir le dlí eile den Aontas nó le dlí náisiúnta eile. I gcás ina ndéantar na seiceálacha sin roimh ré ar bhonn sonraí den sórt sin faoi fhaisnéis paisinéirí, ní mór na sonraí a fuarthas roimh ré a sheiceáil ag an bpointe trasnaithe teorann in aghaidh na sonraí sa doiciméad taistil. Céannacht agus náisiúntacht an duine lena mbaineann, mar aon le barántúlacht agus bailíocht an doiciméid taistil chun an teorainn a thrasnú, ní mór na nithe sin a fhíorú freisin.
- 2.6. Chun seiceálacha teorann éifeachtúla a áirithiú, i gcás ina bhfuil amhras faoi bharántúlacht an doiciméid taistil nó faoi chéannacht a shealbhóra, ní mór fíorú a dhéanamh ar cheann amháin ar a laghad de na sainaitheantóirí bithmhéadracha (íomhá den aghaidh agus/nó méarloirg) atá ionchorpraithe sna doiciméid taistil arna n- eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004. I gcás inar féidir é, ní mór fíorú den sórt sin a dhéanamh freisin i ndáil le doiciméid taistil nach gcumhdaítear leis an Rialachán sin (pasanna agus doiciméid taistil den Aontas arna n- eisiúint ag an mBallstát den Aontas a dhiúltaigh dá chur i bhfeidhm: Éire, agus pasanna agus doiciméid taistil arna n- eisiúint ag tríú tíortha). A mhéid a bhaineann le barántúlacht na sonraí atá stóráilte i bpas bithmhéadrach a fhíorú ([féach pointe 16 den Roimn seo](#)).
- 2.7. Chun nach gcuirfí daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais faoi réir na seiceálacha córasacha sin faoi dhó ag na pointí trasnaithe teorann talún leis an Rómáin, leis an mBulgáir agus leis an gCróit, féadfaidh údarais teorann cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar mheasúnú riosca, go ndéanfar seiceálacha sna bunachair sonraí ábhartha ar imeacht dóibh ar bhonn neamhchórasach amháin. De thráth na huaire, féadfaidh feidhm a bheith ag an socrú sin maidir leis na teorainneacha talún a leanas:
- An Bhulgáir- An Ghréig
 - An Rómáin- An Ungáir
 - An Bhulgáir- An Rómáin
 - An Chróit- An tSlóivéin
 - An Chróit- An Ungáir

2.8. Daoine ag a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais, údaraítear dóibh teorainn Stát Schengen a thrasnú ar bhonn na ndoiciméad a leanas, mar riail ghinearálta:

- Saoránaigh an Aontais, LEE, CH: cárta aitheantais nó pas;
- Doiciméid Taistil Éigeandála an Aontais⁵¹;
- Daoine de theaghlach shaoránaigh den Aontas, de LEE agus de CH ar náisiúnaigh tríú tír iad: pas. Féadfaidh sé go mbeidh de cheangal orthu víosa a bheith acu freisin, más rud é gur náisiúnaigh tríú tír iad atá faoi réir [na hoibleagáide víosa](#), ach amháin i gcás ina mbeidh an méid a leanas ina seilbh:
 - [cead cónaithe](#) bailí arna eisiúint ag Stát Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine;
 - nó cárta cónaithe bailí arna eisiúint faoi Airteagail 10 agus 20 de Threoir 2004/38/CE ag Ballstát den Aontas nó ag tír LEE, go neamhspleách ar cibé acu atá siad ag tionlacan an tsaoránaigh den Aontas nó LEE nó ag dul chomh fada leis nó nach bhfuil

Cruthúnas leordhóthanach gur ball de theaghlach saoránaigh den Aontas é/í sealbhóir cárta chónaithe arna eisiúint faoi Airteagail 10 agus 20 de Threoir 2004/38/CE is ea an cárta sin a bheith ina s(h)eilbh. Tugtar faoi deara go bhfuil éifeacht díolmhaithe víosa ag an gcárta cónaithe (agus amach anseo, éifeacht díolmhaithe ETIAS freisin) in aon Bhallstát, lena n- áirítear i mBallstát náisiúntacht an tsaoránaigh den Aontas.

***Samplaí:**

Cónaíonn saoránach Slóvacach in éineacht lena céile Síneach sa Ghearmáin. Taistealaíonn siad go dtí an Fhrainc. Ós rud é go bhfuil cárta cónaithe de chuid na Gearmáine ag an gcéile Síneach arna eisiúint faoi Airteagal 10 de Threoir 2004/38/CE, níl aon ghá le víosa iontrála, faoin Treoir ná faoi Chód Teorainneacha Schengen.

Cónaíonn saoránach Gearmánach in éineacht lena chéile Síneach sa Ghearmáin.

⁵¹ Cinntí ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir le doiciméad taistil éigeandála a bhunú (96/409/CBES) agus Treoir (AE) 2019/997 an 18 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Doiciméid Taistil Éigeandála an Aontais agus lena n- aisghairtear Cinneadh 96/409/CBES (atá i bhfeidhm ach nach infheidhme go fóill é).

Taistealaíonn siad go dtí an Spáinn. Ós rud é go bhfuil cárta cónaithe de chuid na Gearmáine ag an gcéile Síneach arna eisiúint faoi dhlí náisiúnta ag Ballstát Schengen, níl aon ghá le víosa iontrála faoi Chód Teorainneacha Schengen.

Cónaíonn saoránach Slóvacach in éineacht lena céile Síneach sa Rómáin. Taistealaíonn siad go dtí an Fhrainc. Ós rud é go bhfuil cárta cónaithe de chuid na Rómáine ag an gcéile Síneach arna eisiúint faoi Airteagal 10 de Threoir 2004/38/CE, tá sé díolmhaithe ón gceanglas víosa faoin Treoir.

Cónaíonn saoránach Slóvacach in éineacht lena chéile Síneach in Éirinn. Tá cárta cónaithe ag an gcéile Síneach, arna eisiúint ag Éirinn faoi Airteagal 20 de Threoir 2004/38/CE, agus taistealaíonn sé go dtí an Fhrainc ina aonar. Tá éifeacht díolmhaithe víosa ag cárta cónaithe na hÉireann sa Fhrainc fiú má thaistealaíonn sealbhóir an chárta sin ina (h)aonar.

Beir shaoránach Indiacha, a bhfuil cead cónaithe de chuid na Cróite ag an **gcéad** duine agus a bhfuil cárta cónaithe de chuid na Cróite ag an dara duine arna eisiúint faoi Threoir 2004/38/CE, agus taistealaíonn siad go dtí an tSlóivéin: Beidh ar an gcéad duine víosa a bheith acu chun dul isteach sa tSlóivéin (ós rud é nach bhfuil éifeacht díolmhaithe víosa ag ceadanna cónaithe na Cróite fós sa limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha faoi rialacha ábhartha Schengen), bíonn an **dara** duine díolmhaithe ón gceanglas víosa (ós rud é go bhfuil éifeacht díolmhaithe víosa sa limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha faoi Threoir 2004/38/CE).

g

c

ártaí cónaithe, le Rialachán (AE) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵² tugadh formáidí comhchuibhithe isteach agus tá feidhm ag an Rialachán san Aontas ón 2 Lúnasa 2021. Fágann sé sin go bhfuil formáid aonfhoirmeach ag cártaí cónaithe nó ag cárta buanchónaithe arna n- eisiúint ón 2 Lúnasa 2021. Tá an fhormaid chéanna ag na cártaí sin leis an bhformáid a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002⁵³ agus leis an bhformáid arna cur chun feidhme le Cinneadh C(2018)7767⁵⁴. Is é ‘Cárta cónaithe’ nó ‘Cárta buanchónaithe’ an teideal atá orthu agus an cód caighdeánaithe ‘Ball Teaghlaigh AE Art 10 DIR 2004/38/CE’ nó ‘Ball Teaghlaigh AE Art 20 DIR 2004/38/CE’. Tugtar faoi deara go ndéantar foráil le Rialachán (AE) 2019/1157 maidir le cártaí cónaithe nó le cártaí buanchónaithe atá ann cheana a chéimniú amach de réir a chéile. Ciallaíonn sé sin, ar feadh roinnt blianta áirithe, go mbeidh formáidí difriúla de chártaí cónaithe nó de chártaí buanchónaithe i gcúrsaíocht (na cártaí arna n- eisiúint de bhun Rialachán (AE) 2019/1157 agus na cártaí a eisíodh roimhe gan formáid shonrach⁵⁵.

Maidir le formáid na gcártaí aitheantais, le haghaidh shaoránaigh an Aontais, le Rialachán (AE) 2019/1157⁵⁶ tugadh formáidí comhchuibhithe isteach le haghaidh cártaí aitheantais agus tá feidhm ag an Rialachán san Aontas ón 2 Lúnasa 2021 amach. Déantar foráil le Rialachán (AE) 2019/1157 maidir le cártaí aitheantais atá ann cheana a chéimniú amach de réir a chéile.⁵⁷

⁵² [Maidir le Rialachán \(AE\) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n- eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlaigh a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta \(IO L 188, 12.7.2019, lch. 67\)](#) tá sé ábhartha maidir le LEE agus ní mór é a chomhtháthú i gComhaontú LEE, a bhfuil próiseas a dhéanta sin ag dul ar aghaidh.

⁵³ [Rialachán \(CE\) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002](#) lena leagtar síos formáid chomhionann le haghaidh ceadanna cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír ([IO L 157, 15.6.2002, lch. 1](#)).

⁵⁴ Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2018)7767 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2018, lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le formáid aonfhoirmeach le haghaidh ceadanna cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír agus lena n- aisghairtear Cinneadh C(2002)30691.

⁵⁵ De bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/1157, cártaí cónaithe de bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh de Bhallstát iad, agus nach gcomhlíonann ceanglais Airteagal 7, scoirfidh siad de bheith bailí ar dhul in éag dóibh nó faoin 3 Lúnasa 2026, cibé acu is túisce. Déantar foráil le hAirteagal 8(2) maidir le maolú ar Airteagal 8(1) i leith cártaí cónaithe nach gcomhlíonann na híoscheanglais slándála a leagtar amach i gcuid 2 de dhoiciméad ICAO 9303 nó nach n- áirítear MRZ feidhmiúil iontu (crios meaisín- inléite) i gcomhréir le cuid 3 de dhoiciméad ICAO 9303. Scoirfidh na cártaí cónaithe deiridh sin de bheith bailí ar dhul in éag dóibh nó faoin 3 Lúnasa 2023, cibé acu is túisce.

⁵⁶ Tá Rialachán (AE) 2019/1157 ábhartha maidir le LEE agus ní mór é a chomhtháthú i gComhaontú LEE, a bhfuil próiseas a dhéanta sin ag dul ar aghaidh.

⁵⁷ De bhun Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2019/1157, cártaí aitheantais nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3, scoirfidh siad de bheith bailí ar dhul in éag dóibh nó faoin 3 Lúnasa 2031, cibé acu is túisce. Mar sin féin, déantar foráil le hAirteagal 5(2) maidir le dhá mhaolú. Dá réir sin, maidir le cártaí

Féadfaidh ball den teaghlach atá faoi réir na hoibleagáide víosa dhá phas a chur i láthair freisin, i.e. pas bailí (gan víosa) agus pas neamhbhailithe ina bhfuil víosa bailí (féach cuid II pointe 3.1.2. den Lámhleabhar maidir le Víosaí).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na rialacha sonracha a bhaineann le baill teaghlaigh de shaoránaigh an Aontais, LEE agus CH féach [Cuid III den Lámhleabhar maidir le hiarratais ar víosaí a phróiseáil agus maidir le víosaí eisithe a mhodhnú](#), dá ngairtear ‘Lámhleabhar an Chóid Víosaí’ anseo feasta.

N.B. Ar bhonn an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus **Cónaidhm na hEilvéise**, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine, cumhdaítear leis na rialacha thuas maidir le seiceálacha ar dhaoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais na fostaithe freisin, gan beann ar a náisiúntacht, de dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí, atá comhtháite i margadh saothair na hEilvéise nó i margadh saothair cheann de Bhallstáit an Aontais agus atá ar postú chun seirbhís a sholáthar i gcóir aon cheann de na Ballstáit sin den Aontas (Airteagal 17 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin).

Ar bhonn Chomhaontú Comhlachas Saorthrádála na hEorpa, tá feidhm ag na rialacha céanna maidir leis na fostaithe, gan beann ar a náisiúntacht, de dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí, atá comhtháite i margadh saothair na hEilvéise nó i margadh saothair cheann de Stáit LEE agus atá ar postú chun seirbhís a sholáthar i gcóir cheann de na Stáit LEE sin.

- 2.9. Mar sin féin, más rud é i gcás duine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, nach bhfuil na doiciméid taistil is gá aige/aici, nó, má cheanglaítear air/uirthi, na víosaí is gá, ní mór do Stát Schengen lena mbaineann, sula gcuirfidh sé ar ais é/í, gach deis réasúnach a thabhairt don duine sin na doiciméid is gá a fháil nó chun iad a bheith tugtha chucu laistigh de thréimhse ama réasúnach nó chun a chomhthacú nó chruthú ar mhodh eile go gcumhdaítear é/í leis an gceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais.

aitheantais nach gcomhlíonann na híoscheanglais slándála a leagtar amach i gcuid 2 de dhoiciméad ICAO 9303 nó nach n-áirítear MRZ feidhmiúil leo (crios meaisín- inléite) scoirfidh siad de bheith bailí ar dhul in éag dóibh nó faoin 3 Lúnasa 2026, cibé acu is túsce. Maidir le cártaí aitheantais daoine atá in aois 70 bliain agus níos sine an 2 Lúnasa 2021, ar cártaí iad a chomhlíonann na híoscheanglais a leagtar amach i gcuid 2 de dhoiciméad ICAO 9303 agus a n-áirítear MRZ feidhmiúil leo, scoirfidh siad de bheith bailí ar dhul in éag dóibh.

I gcás ina gcuirfidh an taistealaí doiciméad taistil i láthair nach bhfuil crios meaisín- inléite ann agus ina mbeidh amhras faoi chéannacht an duine, ba cheart seiceáil ar an dara líne a dhéanamh.

*** An bunús dlí – An cásdlí:**

[- Treoir 2004/38/CE \(Airteagail 4, 5 agus 27\)](#)

[- Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagal 8\)](#)

[- Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine, an 21 Meitheamh 1999](#)

[- Rialachán \(AE\) 2017/1954](#)

[-Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 25 Iúil 2002, Cás C-459/99, MRAX vs. An Bheilg](#)

[- Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 17 Feabhra 2005, Cás C-215/03, Salah Oulane vs. Minister voor Vreemdelingenzaken en Integratie](#)

[-Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 31 Eanáir 2006, Cás C-503/03, an Coimisiún vs. An Spáinn](#)

[- Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 18 Meitheamh 2020, Cás C-754/18, Ryanair](#)

[- Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gCás C-202/13, Sean McCarthy](#)

3. SEICEÁLACHA AR NÁISIÚNAIGH TRÍÚ TÍR AR DHUL ISTEACH DÓIBH

- 3.1. Is iad seo a leanas na coinníollacha maidir le dul isteach atá le comhlíonadh ag náisiúnaigh tríú tír agus iad ag dul isteach i gcríoch Stát Schengen:

- (a) doiciméad taistil bailí nó doiciméid taistil bhailí a bheith ina seilbh acu, lena n- údaraítear dóibh an teorainn a thrasnú, arb amhlaidh ina leith nach mór a bhailíocht nó a mbailíocht a bheith níos faide ná 3 mí ar a laghad tar éis an dáta imeachta atá beartaithe as Stáit Schengen (cé gurb amhlaidh, i gcás éigeandála ina mbeidh údar cuí leis, gur féidir an oibleagáid sin a tharscaoileadh) agus ní mór é/iad a bheith eisithe laistigh de na 10 mbliana roimhe; an ceanglas nach mór an doiciméad taistil a bheith eisithe laistigh de na 10 mbliana roimhe, ní mór é a bheith comhlíonta an dáta dul isteach (ach ní hamhlaidh gur gá le linn an fhanachta)⁵⁸, ar choinníoll go mbeidh a bhailíocht chomh fada le deireadh an fhanachta móide 3 mí.

⁵⁸

Ní hábhartha an cheist sin ach amháin sna cásanna eisceachtúla inar faide bailíocht phas tríú tír ná 10 mbliana (mar shampla, 10 mbliana agus roinnt míonna de réir an chleachtais a bhíodh ann i dtríú tíortha, lenar ceadaíodh an bhailíocht a bhí fágtha ag seanphas a aistriú chuig an bpas nua agus é á athnuachan). NB: De réir caighdeán idirnáisiúnta, níor cheart bailíocht na ndoiciméad taistil a bheith níos faide ná 10 mbliana riamh, dá bhrí sin ba cheart gur de chineál sealadach amháin a bheadh ábharthacht phraiticiúil na ceiste sin.

***Sampla:**

Tagann taistealaí tríú tír an 21 Samhain 2022 chun fanacht ar feadh 20 lá san Aontas agus pas aige/aici arna eisiúint an 23 Samhain 2022 agus é bailí go dtí an 23 Samhain 2012. Comhlíontar coinníoll dul isteach Airteagal 6(1), pointe (a), de Chód Teorainneacha Schengen, ós rud é ar lá a t(h)agtha maidir leis an *dáta eisiúna* gur lú ná 10 mbliana ó shin a bhí sé agus gur faide an *bhailíocht* ná 3 mí tar éis an dáta imeachta atá beartaithe.

- (b) tá [víosa bhailí](#) ina sheilbh ag duine, i gcás ina gceanglaítear amhlaidh, ach amháin i gcás ina mbeidh [cead cónaithe](#) bailí ina sheilbh ag náisiúnach tríú tír arna eisiúint ag Stát Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine agus a mheastar a bheith ina dhoiciméad taistil coibhéiseach le víosa nó le víosa fadfhanachta. (Ceadanna cónaithe, víosa fadfhanachta agus doiciméid eile a liostaítear i ranna dá éis seo ina bhfuil slis le sonraí bithmhéadracha nach mór seiceáil a dhéanamh orthu, mar a leagtar amach i bpointe 3.3. den Roinn seo.) Níl feidhm ag an gcoibhéiseacht sin maidir le ceadanna sealadacha a eisítear ar feitheamh an chéad iarratas ar chead cónaithe nó iarratas ar thearmann a scrúdú;
- (c) tugtar údar cuí do chuspóir agus do choinníollacha an fhanachta i Stát/Stáit Schengen ar a bhfuil cuairt le tabhairt, agus tá cóir leordhóthanach mhaireachtála acu freisin le haghaidh fhad an fhanachta atá beartaithe agus chun filleadh ar a dtír thionscnaimh (nó chun idirthuras a dhéanamh go tríú tír, áit a bhfuil siad cinnte go dtabharfar cead isteach dóibh, mar shampla toisc go bhfuil cead cónaithe acu arna eisiúint ag an tír sin), nó an fhéidearthacht go mbeidh siad in ann an chóir mhaireachtála sin a fháil go dleathach;
- (d) nach duine é ar eisíodh foláireamh ina leith in SIS chun cead isteach a dhiúltú;
- (e) nach duine é a mheastar gur baol é do bheartas poiblí, slándáil inmheánach, sláinte phoiblí ná caidreamh idirnáisiúnta aon cheann de Stáit Schengen. D'fhéadfadh sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás nach ann d'aon fholáireamh i mbunachar sonraí ina bhfuil mionsonraí faoi dhiúltú don duine lena mbaineann dul isteach. Ina bhreithiúnas an 12 Nollaig 2019 i gcás C-380/18, (E.P.) d'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go sainráite go bhfuil an coincheap maidir le 'baol do bheartas

poiblí nó don tslándáil phoiblí’ de réir bhrí Chód Teorainneacha Schengen, sách difriúil leis an gcoincheap maidir le ‘baol do bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí’ de réir bhrí na rialacha maidir le saorghluaiseacht (Treoir 2004/38/CE). De réir bhrí Chód Teorainneacha Schengen, maidir le sáruithe a bhféadfadh amhras a bheith faoi náisiúnaigh tríú tír go bhfuil siad déanta acu, ní mór na sáruithe sin a bheith sách tromchúiseach, i bhfianaise chineál na sáruithe agus an phionóis a fhéadfar a fhorchur, chun údar cuí a thabhairt le deireadh a chur le fanacht an náisiúnaigh sin ar chríoch na mBallstát láithreach. An dara pointe, in éagmais ciontaithe, ní féidir leis na húdaráis inniúla baol do bheartas poiblí a agairt ach amháin i gcás inarb ann d’fhianaise chomhsheasmhach, oibiachtúil agus shonrach lena soláthraítear forais chun amhras a bheith ann go bhfuil cion den sórt sin déanta ag an náisiúnach tríú tír.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagal 6\)](#)
- [Rialachán \(AE\) Uimh. 265/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2010 lena leasaítear an Coinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán \(CE\) Uimh. 562/2006 maidir le gluaiseacht daoine ag a bhfuil víosa fadfhanachta](#)
- [Rialachán \(AE\) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin](#)
- [Cinneadh Uimh. 565/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena dtugtar córas simplithe isteach chun daoine a rialú ag na teorainneacha seachtracha, ar córas é a bheidh bunaithe ar aitheantas aontaobhach a bheith á thabhairt ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir agus ag an Rómáin do dhoiciméid áirithe mar dhoiciméid atá coibhéiseach lena víosaí náisiúnta le haghaidh idirthuras trína gcríocha nó tréimhsí fanachta atá beartaithe ar a gcríocha nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 895/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 582/2008/CE](#)

*** Naisc:**

-Liosta na dtríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú na dteorainneacha seachtracha dóibh agus na dtríú tíortha sin a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin.

-Faisnéis maidir le maoluithe náisiúnta ó na ceanglais víosa

- Liosta coiteann de thríú tíortha a bhfuil sé de cheangal ar a náisiúnaigh víosa idirthurais aerfoirt a bheith ina seilbh acu agus iad ag dul trí limistéar idirthurais idirnáisiúnta aerfort atá lonnaithe ar chríoch na mBallstát

-Liosta de thríú tíortha a bhfuil sé de cheangal ar a náisiúnaigh víosa idirthurais aerfoirt a bheith ina seilbh acu, agus iad ag dul trí limistéar idirthurais idirnáisiúnta aerfort atá lonnaithe ar chríoch aon Bhallstáit amháin

-Liosta de cheadanna cónaithe a thugann teideal dá sealbhóirí idirthurais a dhéanamh trí aerfoirt na mBallstát gan é a bheith de cheangal orthu víosa idirthurais aerfoirt a bheith ina seilbh

3.2. Ní mór seiceáil chríochnúil a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír. Mar sin féin, tá feidhm ag rialacha sonracha maidir leis na catagóirí a leanas de dhaoine:

- (a) cinn Stáit agus daoine dá dtoscaireachtaí ([pointe 5.1 den Roinn seo](#));
- (b) píolótaí aerárthach agus baill eile den chriú ([pointe 5.2 den Roinn seo](#));
- (c) maraí ([pointe 5.3 den Roinn seo](#));
- (d) sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, oifigiúla nó seirbhíse agus baill d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ([pointe 5.4 den Roinn seo](#));
- (e) cónaitheoirí teorann a thairbhíonn de chóras an tráchta teorann áitiúil ([pointe 5.5 den Roinn seo](#));
- (f) mionaoisigh ([pointe 5.6 den Roinn seo](#));
- (g) daltaí scoile ó thríú tíortha atá ina gcónaí i mBallstát den Aontas nó i dtríú tír nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide víosa ([pointe 5.7 den Roinn seo](#));
- (h) oibrithe trasteorann ([pointe 5.8 den Roinn seo](#));
- (i) turasóirí ADS ([pointe 5.9 den Roinn seo](#));

- (j) seirbhísí tarrthála, póilíní, briogáidí dóiteáin agus gardaí teorann ([pointe 5.10 den Roinn seo](#));
- (k) oibrithe amach ón gcósta ([pointe 5.11 den Roinn seo](#)).

Seiceálacha ar **dhaoine gan stát** agus ar **dhídeanaithe**, déantar iad ar an mbealach céanna agus a dhéantar le haghaidh náisiúnaigh tríú tír i gcoitinne. Is féidir seiceáil a dhéanamh ar bhailíocht na ndoiciméad taistil arna n- eisiúint ag tríú tíortha do dhídeanaithe agus do dhaoine gan stát i '[liosta na ndoiciméad taistil arna n- eisiúint ag tríú tíortha agus ag eintitis chríochacha](#)'. An cheist maidir le cibé acu a cheanglaítear ar shealbhóir an doiciméid sin víosa a bheith aige/aici chun dul isteach san Aontas nó nach gceanglaítear, déantar í a rialáil le hAirteagal 6(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2018/1806, lena gcuirtear an cinneadh sin i lámha gach Ballstáit. Is féidir na fógraí ábhartha a scrúdú sa tábla '[Airteagal 6\(2\) maidir le Díolúintí](#)'.

Tá feidhm ag rialacha speisialta maidir le hiarrthóirí tearmainn agus le hiarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta (féach pointe 12 den Roinn seo maidir le hiarrthóirí tearmainn).

Ní mór don gharda teorann sonraí méarlorg gach náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát a thógáil agus a tharchur go pras, ar duine é/í a ghabhtar i dtaca le trasnú teorainn sheachtrach Stát Schengen go mírialta, má tá siad 14 bliana d'aois ar a laghad agus murar seoladh ar ais iad.

N.B. Maidir le seiceálacha ar náisiúnaigh tríú tír is daoine de theaghlach shaoránaigh den Aontas, de LEE nó de CH iad (daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais) féach [pointe 2.8 den Roinn seo](#).

*** Bunús dlí:**

- [Rialachán \(AE\) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloing a chur i gcomparáid le chéile \(Airteagal 14\)](#)

*** Naisc:**

- [Doiciméid arna n- eisiúint do dhaoine gan stát agus do dhídeanaithe ag Stáit Schengen](#)

- [Faisnéis maidir le maoluithe náisiúnta ó na ceanglais víosa](#)

- 3.3. Ní mór do ghardaí teorann **seiceáil chórasach a dhéanamh** ar náisiúnaigh tríú tír sna bunachair sonraí a leanas:

- SIS;
- SLTD;
- bunachair sonraí náisiúnta ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh agus a rinneadh neamhbhailí;

Féadfaidh na gardaí teorann bunachair sonraí náisiúnta eile agus bunachair sonraí Interpol a cheadú freisin.

- 3.4. Féadfar na seiceálacha sna bunachair sonraí ábhartha a dhéanamh roimh ré ar bhonn sonraí faoi phaisinéirí a fhaightear i gcomhréir le Treoir 2004/82/CE nó i gcomhréir le dlí eile den Aontas nó le dlí náisiúnta eile. I gcás ina ndéantar na seiceálacha sin roimh ré ar bhonn sonraí den sórt sin faoi fhaisnéis paisinéirí, ní mór na sonraí a fuarthas roimh ré a sheiceáil ag an bpointe trasnaithe teorann i gcomparáid leis na sonraí sa doiciméad taistil. Céannacht agus náisiúntacht an duine lena mbaineann, mar aon le barántúlacht agus bailíocht an doiciméid taistil chun an teorainn a thrasnú, ní mór na nithe sin a fhíorú freisin.
- 3.5. i gcás pasanna agus doiciméid taistil ina bhfuil meán stórála⁵⁹, ní mór barántúlacht shonraí na slise a sheiceáil, faoi réir infhaighteacht deimhnithe bailí. Ní mór barántúlacht agus sláine na sonraí atá stóráilte sa mhicrishlis a fhíorú agus seiceáil á déanamh ar phasanna bithmhéadracha. Chun a fhíorú gur iontráil údarás údaraithe na sonraí sa mhicrishlis agus nach ndearnadh crioscaíl leo, ba cheart Fíordheimhniú Éighníomhach a úsáid chun inneachar na micrishlise a fhíordheimhniú. An deimhniú Sínteora Doiciméid a bhaineann le doiciméad, ní mór é a fhíorú in aghaidh deimhniú iontaofa CSCA (Údarás Deimhniúcháin Síniúcháin Tíre) na tíre eisiúna faoi seach. Ina theannta sin, ní mór an tslis a fhíordheimhniú chun fíorú gur fíorshlis atá ann agus nach ndearnadh clónáil uirthi⁶⁰.
- 3.6. Ní mór seiceáil chríochnúil a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír.

⁵⁹ Na doiciméid uile a rialáiltear le dlí an Aontais (pasanna, cártaí aitheantais, cártaí cónaithe, cártaí a bhaineann leis an imirce agus doiciméid taistil eile arna n-eisiúint bunaithe ar dhlí an Aontais, lena n-áirítear an cead le haghaidh trácht teorann áitiúil), tá slis iontu cé is moite den víosa (víosa ar pár). Doiciméad aitheantais an mharai – cé nach bhfuil sé bunaithe ar dhlí an Aontais – tá slis ann freisin.

⁶⁰ Is éard is slis chlónáilte ann cás ina ndéantar an fhaisnéis a chóipeáil ón gelis bharántúil agus a chur ar shlis dhúblach gan aon srian slándála.

Ar dhul isteach dóibh, is éard a bhíonn i gceist leis an tseiceáil chríochnúil na coinníollacha uile maidir le dul isteach a fhíorú , i.e.:

- fíorú go bhfuil i seilbh an náisiúnaigh tríú tír [doiciméad nó doiciméid atá bailí chun an teorainn a thrasnú](#) agus nach bhfuil imithe in éag, agus go bhfuil ag gabháil leis an doiciméad nó leis na doiciméid sin, i gcás inarb infheidhme, [an víosa](#), [an cead cónaithe](#) nó an víosa fadfhanachta atá riachtanach. Féadfaidh náisiúnach tríú tír atá faoi réir na hoibleagáide víosa taisteal agus dhá phas aige/aici, i.e. pas bailí (gan víosa) agus pas neamhbhailithe ina bhfuil víosa bailí. Ó mhí na Bealtaine 2022, ní mór séala digiteach a bheith ar an ngreamán víosa⁶¹. Beidh ann an fhaisnéis uile atá scríofa ar an ngreamán seachas an grianghraf. Ba cheart an séala digiteach sin a úsáid chun barántúlacht na sonraí ar an ngreamán víosa a fhíorú nuair a dhéantar seiceáil air sa chríoch nó ag teorann Bhallstáit nuair nach bhfuil rochtain ar VIS.

Séala digiteach – sampla praiticiúil:

Is féidir le gardaí teorann an séala digiteach infheicthe a léamh agus a bhailíochtú (barrachód 2D) a dhéantar a phriontáil ar víosaí Schengen. Leis an mbarrachód 2D (cearnóg ar a bhfuil cosúlacht cód QR i gcúinne íochtarach an víosa ar dheis), cuirtear ciseal slándála breise leis an víosa agus bíonn sé úsáideach go háirithe chun barántúlacht agus sláine víosaí Schengen a áirithiú nuair nach mbíonn rochtain ar an gCóras Faisnéise Víosaí. Más rud é nach comhionann na sonraí atá ionchódaithe sa bharrachód le sonraí pearsanta shealbhóir an víosa atá priontáilte ar an ngreamán nó más rud é go dteipfidh ar bhailíochtú an tsínithe dhigitigh, d'fhéadfadh sé gur greamán víosa é atá góchumtha nó brionnaithe. Más rud é gur comhionann na sonraí atá ionchódaithe sa bharrachód leis na sonraí atá priontáilte ar an ngreamán, ach go dteipfidh ar bhailíochtú an tsínithe dhigitigh ar chúis éigin, ní bhíonn tionchar aige sin ar bhailíocht an víosa go huathoibríoch toisc go bhféadfadh cúiseanna eile a bheith i gceist leis an teip. Leagtar amach le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Cód Víosaí) agus leis an

⁶¹ Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún C(2020) 2672 final an 30 Aibreán 2020 lena dtugtar séala digiteach ar an bhformáid aonfhoirmeach isteach le haghaidh víosaí. Le linn idirthréimhse, go dtí an 1 Samhain 2022, féadfaidh na Ballstáit an dá víosa sin a eisiúint, víosaí a bhfuil agus nach bhfuil an séala digiteach acu.

- seiceáil chórasach a dhéanamh sna bunachair sonraí ábhartha ([féach pointe 1.5 den Roinn seo, an ceathrú fleasc sa tábla](#)), agus más rud é nach dócha go gcuirfidh a mhodh taistil nó a modh taistil agus na hábhair atá á n- iompar aige nó aici, beartas poiblí, slándáil inmheánach, sláinte phoiblí ná caidreamh idirnáisiúnta aon cheann de Stáit Schengen i mbaol. Mar chuid d'fhíorú den sórt sin, na sonraí agus na foláirimh maidir le daoine agus le nithe atá in SIS agus i gcomhaid náisiúnta sonraí, ní mór scrúdú a dhéanamh orthu go díreach, agus ar an ngníomhaíocht atá le déanamh, más ann dó, mar thoradh ar fholáireamh;
- scrúdú ar na stampaí dul isteach agus imeachta atá i ndoiciméad taistil an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, chun a fhíorú, trí chomparáid a dhéanamh idir na dátaí dul isteach agus imeachta, nár fhan an duine níos faide cheana féin ná uasfhad an fhanachta údaraithe sa limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha ná ar chríoch na Bulgáire, na Cróite, na Cipire nó na Rómáine arna dtógáil ar leithligh faoi seach⁶²- i.e. 90 lá in aon tréimhse 180 lá roimh gach lá fanachta;
- fíorú maidir le pointí imeachta agus cinn scríbe an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann agus le cuspóir an fhanachta atá beartaithe agus, seiceáil a dhéanamh, i gcás inar gá, ar na doiciméid tacaíochta chomhfhreagracha;
- fíorú go bhfuil cóir leordhóthanach mhaireachtála ag an náisiúnach tríú tír lena mbaineann le haghaidh fhad agus chuspóir an fhanachta atá beartaithe, chun filleadh ar a thír thionscnaimh nó ar a tír thionscnaimh nó chun idirthuras a dhéanamh go tríú tír, áit a bhfuil sé/sí cinnte go mbeidh sé nó sí in ann an chóir mhaireachtála sin a fháil go dleathach. Chun measúnú a dhéanamh ar an gcóir mhaireachtála, ní mór na méideanna tagartha arna leagan síos ag gach Stát Schengen a chur san áireamh;

⁶²

Tá an ríomh ar leithligh a dhéantar ar an tréimhse 90/180 lá ar chríoch na Rómáine agus na Bulgáire le hathrú tar éis theacht i bhfeidhm oibriú EES.

- féadfar an fíorú ar chóir mhaireachtála leordhóthanach a bhunú ar luach an airgid thirim, na seiceanna taistil agus na gcártaí creidmheasa atá i seilbh an náisiúnaigh tríú tír. Dearbhuithe urraíochta, i gcás ina ndéanfar foráil maidir le dearbhuithe den sórt sin leis an dlí náisiúnta [le litreacha ráthaíochta/cuiridh ó óstaigh](#) mar a shainmhínítear leis an dlí náisiúnta, i gcás ina mbeidh an náisiúnach tríú tír ag fanacht le hóstach, féadfaidh siad a bheith ina bhfianaise ar chóir leordhóthanach mhaireachtála freisin.
- is féidir bailíocht chárta creidmheasa a fhíorú trí dhul i dteagmháil leis an gcuideachta eisiúna nó trí shaoráidí eile a úsáid a bheidh ar fáil ag an bpointe trasnaithe teorann (mar shampla, oifigí malairte airgeadra);
- Is féidir cuireadh ó óstaigh a fhíorú trí dhul i dteagmháil leis an óstach go díreach nó trí mheon macánta an óstaigh a fhíorú trí phointí teagmhála náisiúnta Stát cónaithe Schengen an óstaigh;

*** Treoirínte maidir leis an gcoincheap i dtaca le ‘baol don tsláinte poiblí’ chun cead isteach a dhiúltú:**

Leis an gcoincheap sin cumhdaítear aon ghalar a mbaineann baol eipidéime leis mar a shainmhínítear i Rialacha Sláinte Idirnáisiúnta (IHR) na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) agus galair thógálacha nó galair sheadánacha ghabhálacha eile más rud é go bhfuil siad faoi réir forálacha cosanta is infheidhme maidir le náisiúnaigh Stáit Schengen.

Chun críche an Lámhleabhair seo, aon bhaol do shláinte shaoránaigh na hEorpa, mar aon le cinntí maidir le bearta éifeachtacha a bheidh le déanamh, déanfar measúnú orthu agus cinneadh ina leith tríd an Líonra Comhphobail arna chur ar bun faoi Chinneadh 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus tríd an gCóras Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS) agus trí ECDC, arna gcur ar bun le Rialachán (CE) Uimh. 851/2004. Le húdaráis EWRS, cuimsítear údaráis sláinte poiblí Bhallstáit an Aontais agus oibríonn siad ar an leibhéal náisiúnta in éineacht le hinstiúidí faireachais náisiúnta aitheanta. Déanann ECDC an measúnú riosca ar an mbaol (ecdc.europa.eu).

Dá bhrí sin, údaráis gach Ballstáit den Aontas atá inniúil ar bhearta sláinte a chur chun feidhme, ba cheart iad a bheith bainteach i gcónaí, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta

agus reachtaíocht an Aontais maidir leis an tsláinte phoiblí agus leis na nósanna imeachta atá bunaithe ag gach Stát Schengen, leis an measúnú ar an riosca don tsláinte phoiblí chun dul isteach ag an teorainn a cheadú nó a dhiúltú.

*** Treoirlínte maidir le measúnú a dhéanamh ar ‘bhaol don tsláinte phoiblí’ i staid ghalair lena mbaineann baol eipidéime**

Le paidéim COVID- 19, treisíodh an gá go mbeidh an tAontas ullmhaithe níos fearr chun freagairt ar staideanna géarchéime ag na teorannacha seachtracha, staideanna a bhaineann le cásanna galair a mbaineann baol eipidéime leo agus ar bagairtí iad don tsláinte phoiblí. Má ghlactar bearta neamhsheasmhacha éagsúla ag na teorainneacha seachtracha chun aghaidh a thabhairt ar na baoil sin, is rud é sin a bhfuil drochéifeacht aige ar fheidhmiú an limistéir nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha, agus laghdaítear an intuarthacht dá réir le haghaidh taistealaithe agus teagmhálacha duine- le- duine. Molann an Coimisiún go gcuirfear na breithnithe a leanas san áireamh agus bearta náisiúnta á gcur i bhfeidhm a bhaineann le baol don tsláinte phoiblí ag teorainneacha seachtracha:

1. Saoránaigh an Aontais de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE agus náisiúnaigh tríú tír, a bhfuil cearta chun saorghluaiseachta acu ar coibhéiseach iad agus cearta shaoránaigh an Aontais faoi chomhaontuithe idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus na tríú tíortha sin, ar an taobh eile, mar aon le daoine dá dteaghlach faoi seach, ba cheart ceadú dóibh taisteal go dtí Ballstáit an Aontais agus go tíortha nach Ballstáit den Aontas iad i gcónaí, ar Ballstáit agus tíortha iad a bhfuil feidhm ag acquis Schengen maidir leo chun aon chríoch, ní díreach chun filleadh abhaile.

I gcás ina dtaistealóidh siad ó thríú tíortha a bheidh faoi réir srian sealadach ar thaisteal neamhriachtanach, féadfaidh sé sin a bheith faoi réir ceanglais sláinte, amhail bearta féinleithlisithe nó bearta comhchosúla, de Stáit chinn scríbe Schengen (ar choinníoll go bhforchuirfidh siad na ceanglais chéanna ar a náisiúnaigh féin).

2. Náisiúnaigh tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad faoi Threoir 2003/109/CE maidir le stádas na náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad, daoine a eascraíonn a gceart cónaithe as Treoracha eile den Aontas, as an gComhaontú um Tharraingt Siar nó as an dlí náisiúnta nó a bhfuil víosaí fadfhána náisiúnta acu, mar aon le daoine dá dteaghlach faoi seach, ba cheart údarú dóibh dul isteach freisin, faoi réir bearta sláinte ábhartha.

Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead dul isteach sealadach acu [arna eisiúint chun an teorainn a thrasnú agus an ceart cónaithe dlíthiúil i mBallstát a fheidhmiú ar an gcead cónaithe a bhailiú uathu], i gcás inarb iomchuí.

Ba cheart do ghardaí teorann seiceáil a dhéanamh ar an doiciméadacht faoi seach (i.e. doiciméid taistil, ceadanna cónaithe agus aon doiciméad oifigiúil eile) chun a fhíorú go dtagann náisiúnaigh tríú tír faoin raon feidhme a shainítear leis an dá fhomhír thuas.

3. Scagadh ar dhul isteach taistealaithe maidir le hairíonna galar ag a bhfuil baol eipidéime, d'fhéadfadh úsáid scanadh teirmeach agus/nó scanadh airíonna a bheith i gceist leis nó aon ghaireas eile arb éard is aidhm dó na hairíonna ábhartha a bhrath.

Gach gníomhaire poiblí a bhaineann le rialuithe teorann, custaim, sláintíochta nó aon chineál rialuithe ag na teorainneacha seachtracha, ba cheart dóibh a bheith feistithe le feisteas cosanta pearsanta atá comhdhéanta, i gcás inarb iomchuí, de mhaisc, lámhainní, díghalráin lámh, etc.

4. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu atá feidhm ag na srianta sealadacha ar thaisteal neamhriachtanach go Stáit Schengen maidir le náisiúnach tríú tír nó nach bhfuil, is é fanacht roimhe laistigh de thréimhse áirithe i dtríú tír ar cuireadh deireadh leis na srianta ar thaisteal neamhriachtanach lena haghaidh, an rud ba cheart a bheith ina fhachtóir cinntitheach (seachas náisiúntacht).

5. Ag na teorainneacha aeir, bíonn ról tábhachtach ag geataí an Rialaithe Uathoibríthe Teorann (ABC) maidir le sreabha rianúla paisinéirí a éascú ag na príomhphoist rialaithe teorann; mar sin féin, ní féidir cónaitheacht na náisiúnach tríú tír a fhíorú le córais Ríomhgheataí. Stáit Schengen a cheadaíonn do shaoránaigh tríú tír geataí ABC a úsáid, ba cheart dóibh cuimhneamh ar spotseiceálacha a chur chun feidhme i gcás na dtaistealaithe sin a úsáideann na Ríomhgheataí nó geataí ABC a dhíchumasú go sealadach le haghaidh tríú tíortha.

6. Beidh ar ghardaí teorann eolas a chur ar an gcuma atá ar cheadanna cónaithe agus oibre tríú tíortha chomh maith le buntuisicint a bheith acu ar theicnící priontála agus ar ghnéithe slándála na ndoiciméad sin. Seachas ceadanna cónaithe nó oibre tríú tíortha, d'fhéadfadh taistealaithe cártaí aitheantais agus/nó ceadúnais tiomána móide doiciméid oifigiúla eile de

chuid tríú tíortha a chur i láthair freisin, chun tacú lena maíomh maidir lena dtír chónaithe.

Ag brath ar na himthosca agus ar an gcineál doiciméad a chuirtear i láthair, beidh ar ghardaí teorann an úsáid is fearr is féidir a bhaint as gach dá bhfuil ar fáil dóibh mar ábhar tagartha, mar shampla Lámhleabhar Tagartha FADO / iFADO / PRADO21, Frontex agus na hacmhainní a úsáid i gcomhar le bunachair sonraí náisiúnta doiciméad móide roghanna tráchtála eile.

7. Ní mór do thaistealaithe a bheith ar an eolas roimh thaisteal dóibh faoin ngá lena dtír chónaithe a chruthú, agus an gá le doiciméid bhreise dá bhrí sin, mar shampla, ceadanna cónaithe, ceadanna oibre, cártaí aitheantais nó ceadúnais tiomána arna n-eisiúint ag an tríú tír chónaithe, agus aon doiciméad oifigiúil eile a thacaíonn leis an tír chónaithe a mhaítear do na taistealaithe. Bíonn sé sin tábhachtach ós rud é nach ngreamaítear nó nach léirítear mionsonraí cónaithe nó ceada oibre tríú tíortha ar dhoiciméid taistil i gcónaí, go háirithe ar phasanna. D'fhéadfaí diúltú do dhuine dul isteach mura gcomhlíonfar an oibleagáid chun an tír chónaithe a chruthú.

8. Aon chinneadh maidir le dul isteach a dhiúltú, ní mór dó a bheith comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Meastar beart a bheith comhréireach ar choinníoll go ndéanfar é tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis sláinte agus gur mheas siad gur beart oiriúnach agus riachtanach é chun cuspóir na sláinte poiblí a bhaint amach. San fhoirm ina ndiúltaítear dul isteach, ní mór don gharða teorann an chúis leis an diúltú a shonrú ar an bhfoirm faoin roinn dar teideal 'barúlacha'.

9. Is féidir bileog faisnéise a sholáthar don taistealaí maidir le galar áirithe. I gcás taistealaí sláintiúil, níl aon ghá le fógra sláintíochta breise d'údaráis an tríú tír comharsanachta ar a bhfilltear an taistealaí ó phointe trasnaithe teorann seachtrach talún (trácht bóthair nó iarnróid) nó ó phointe trasnaithe teorann seachtrach muirí (mar shampla calafoirt a ainmnítear le haghaidh naisc le báid farantóireachta thráthrialta nó calafoirt eile lena mbaineann longa cúrsála nó mairnéalaigh aonair ó bháid iascairí).

10. Chun teacht daoine ó thríú tíortha a íoslaghdú, d'fhéadfadh oifigigh idirchaidrimh aerfoirt nó oifigigh idirchaidrimh sna tríú tíortha sin atá ar an liosta seiceálacha a dhéanamh sula dtéann daoine ar bord. D'fhéadfadh Stáit Schengen gardaí teorann a imscaradh ar eitiltí áirithe le tríú tíortha, arb é an ról atá acu eitilt ar eitiltí amach ón Eoraip

chun seiceálacha a dhéanamh sula dtéann daoine ar bord eitiltí fillte. Beart a d'fhéadfaí a mheas freisin is ea cigirí sláinte agus/nó pearsanra leighis a imscaradh ag poist rialaithe teorann go díreach chun taistealaithe a scagadh, athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuithé sláinte etc.

*** Treoirlínte maidir le fad an fhanachta a ríomh:**

Maidir leis na chéad 90 lá laistigh de thréimhse 180 lá, ní mór an lá dul isteach a ríomh mar an chéad lá fanachta sa limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha agus ní mór an lá imeachta a ríomh mar an lá fanachta deireanach sa limistéar sin. I gcás na Bulgáire, na Cróite, na Cipire agus na Rómáine, comhfhreagraíonn sé don lá dul isteach i gcríoch gach ceann de na Stáit Schengen sin agus don lá imeachta aisti. Leis an gcoincheap maidir le 'aon', tuigtear go gcuirtear tréimhse thagartha 180 lá 'gluaisteach' i bhfeidhm, ag breathnú siar, ag gach lá den fhanacht, ar aghaidh chuig an tréimhse dheireanach de 180 lá, chun fíorú cibé acu a leantar den cheanglas maidir leis na 90/180 lá a chomhlíonadh nó nach leantar. Ciallaíonn sé sin go gceadófar fanacht nua chomh fada le 90 lá i gcás ina mbeifear as láthair ar feadh tréimhse 90 lá gan bhriseadh. Féach: http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-we-do/policies/borders-and-visas/border-crossing/docs/short_stay_schengen_calculator_user_manual_en.pdf

Is féidir 'an t-áireamhán gearrfhanachta' ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh/AS um Imirce agus Gnóthaí Baile (https://ec.europa.eu/home-affairs/content/visa-calculator_en nó mar a íoslódáiltear ó CIRCA) a úsáid chun an tréimhse fanachta a cheadaítear faoi na rialacha nua a ríomh. Tá faisnéis maidir leis na rialacha nua, úsáid an áireamháin agus samplaí praiticiúla i lámhleabhar an úsáideora. Féach: http://ec.europa.eu/dgs/home-affairs/what-we-do/policies/borders-and-visas/border-crossing/index_en.htm.

An bealach sin chun tréimhsí gearrfhanachta a ríomh, ag a bhfuil feidhm ón 18 Deireadh Fómhair 2013, níl feidhm aige maidir leis na comhaontuithe um tharscaoileadh víosaí a tugadh i gcrích idir an tAontas agus na Bahámaí, an Bhrasaíl, San Críostóir- Nimheas, Oileán Mhuiris agus na Séiséal ar ina leith a bhfuil feidhm ag an sainmhíniú ('3 mí le linn thréimhse 6 mí tar éis dháta an chéad dul isteach'). Maidir le fad an fhanachta ag saoránaigh nach saoránaigh den Aontas iad a thaistealaíonn agus víosa acu arna heisiúint i gcomhréir leis na comhaontuithe um éascú víosaí a thug an tAontas agus tríú tíortha áirithe

i gcrích, tá an tréimhse sin le ríomh de réir an mhodha ríofa nua ós rud é go bhfuil tagairt do ‘90 lá in aghaidh na tréimhse de 180 lá’ sna comhaontuithe sin.

Níor cheart na tréimhsí fanachta atá údaraithe faoi chead cónaithe nó faoi víosa fadfhanachta a chur san áireamh agus tréimhse na gearrfhanachta á ríomh (agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na rialach maidir le 90 lá in aon 180 lá). Leis an bhforáil sin dá bhrí sin, ceadáitear do náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil víosa acu fanacht go dleathach ar chríoch Stáit Schengen a chuireann an acquis i bhfeidhm ina iomláine le haghaidh tréimhse gearrfhanachta dá éis sin. Leis an dáta éaga ar chead chónaithe nó víosa fadfhanachta roimhe, féadfaidh taistealaí a léiriú gur urramaigh sé nó sí na coinníollacha a bhaineann le fad gearrfhanachta⁶³. Níl rialacha nó cleachtais náisiúnta comhoiriúnach le rialacha Schengen ar rialacha nó cleachtais iad lena leagtar síos nach mór do náisiúnach tríú tír, mar riail ghinearálta, imeacht as a gcríoch tar éis foirceannadh fadfhanachta (a chumhdaítear le cead cónaithe nó le víosa náisiúnta) sula gceadófar dó nó di tús a chur le tréimhse gearrfhanachta ar an gcríoch sin. Is ar an taistealaí a bhíonn an fhreagracht as an riail maidir le 90/180 lá a chomhlíonadh⁶⁴. Más rud é nach n- úsáidfidh náisiúnach tríú tír an fhéidearthacht a thairgtear le hAirteagal 12 de Chód Teorainneacha Schengen nó le hAirteagal 14(8) de Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁵ chun iarraidh go gclárófar tosú na tréimhse gearrfhanachta (nó go measfar go mbeidh sé nó sí dulta isteach le haghaidh tréimhse gearrfhanachta) ar dháta éaga cead cónaithe nó víosa fadfhanachta roimhe, bíonn sé/sí i mbaol go measfar é/i a bheith ag fanacht go neamhdhleathach agus i mbaol na n- iarmhairtí diúltacha dá thoradh sin, i gcomhréir leis an toimhde a leagtar amach in Airteagal 12 de Chód Teorainneacha Schengen nó le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2017/2226. Féadfar an toimhde sin a bhréagnú dá éis sin, áfach, i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chód Teorainneacha Schengen.

⁶³ Deimhnítear é sin go sainráite freisin le hAirteagal 12(3) de Chód Teorainneacha Schengen (is infheidhme ón dáta a bhfuil EES le tús a chur le hoibríochtaí).

⁶⁴ Forálann Airteagal 14(8) de Rialachán (AE) 2017/2226 go sainráite ‘... maidir le gearrfhanacht náisiúnaigh tríú tír atá i láthair ar chríoch Ballstáit, i gcás ina gcuirfear tús leis díreach tar éis fanachta bunaithe ar chead cónaithe nó ar víosa fadfhanachta agus nár cruthaíodh aon sainchomhad roimhe sin, féadfaidh an náisiúnach tríú tír sin iarraidh ar na húdaráis inniúla ... sainchomhad agus taifead ar dhul isteach/imeacht a chruthú trí na sonraí a iontráil ...’

⁶⁵ Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun an dlí a fhorghníomhú, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

***Samplaí:**

Beartaíonn mac léinn Ceanadach a dtéann a chead cónaithe ‘mac léinn’ san Ostair in éag an 31 Iúil turas idir- iarnródaíochta a dhéanamh trí roinnt Stáit Schengen i mí Lúnasa. Ní gá gurb éigean don mhac léinn Ceanadach an tAontas a fhágáil, ach féadfaidh sé/sí tús a chur le tréimhse gearrfhanachta láithreach ar dhul in éag an cheada chónaithe. Chun na críche sin ba cheart dó, roimh an 31 Iúil, iarraidh ar na húdaráis inniúla faoi Airteagal 12 de Chód Teorainneacha Schengen nó faoi Airteagal 20 de Rialachán (E) 2017/2226, go measfar go ndeachaigh sé isteach an 1 Lúnasa. (NB: Ina theannta sin, nuair a bheidh Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁶ infheidhme, ceanglófar air/uirthi údarú taistil bailí a bheith ina s(h)eilbh aige/aici freisin.)

Beartaíonn taighdeoir Indiach a dtéann a chead cónaithe ‘taighdeora’ san Ostair in éag an 31 Iúil turas siúlóireachta a dhéanamh trí na hAilp (san Ostair agus san Iodáil, ach formhór na tréimhse á chaitheamh san Ostair) i mí Lúnasa. Ní gá gurb éigean don taighdeoir Indiach an tAontas a fhágáil, ach féadfaidh sé/sí tús a chur le tréimhse gearrfhanachta láithreach ar dhul in éag an cheada chónaithe. Chun na críche sin, ní mór iarratas a bheith déanta aige/aici ar víosa ghearrfhanachta ag consalacht de chuid na hOstaire (mar shampla, i bPráig, nó sa Bhrataisláiv) agus ní mór an víosa sin a bheith eisithe dó/di roimh an 1 Lúnasa. Ina theannta sin ba cheart dó/di, roimh an 31 Iúil, iarraidh ar na húdaráis inniúla faoi Airteagal 12 de Chód Teorainneacha Schengen nó faoi Airteagal 20 de Rialachán (E) 2017/2226, go measfar go ndeachaigh sé/sí isteach an 1 Lúnasa.

⁶⁶ Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

A mhéid a bhaineann le síneadh féideartha ar thréimhsí gearrghanachta faoi chomhaontuithe déthaobhacha, tá rialacha mionsonraithe in Airteagal 20(2) den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a Chur chun Feidhme⁶⁷ maidir leis na cásanna sonracha sin a láimhseáil.

3.6.1. Is éard a bhíonn i gceist le seiceálacha críochnúla ar imeacht don duine:

- an fíorú go bhfuil doiciméad i seilbh an náisiúnaigh tríú tír atá bailí chun an teorainn a thrasnú;
- an fíorú nach bhfuil aon rian d'fhalsú ná de ghóchumadh ar an doiciméad taistil;
- fíorú trí bhíthin seiceálacha córasacha éigeantacha sna bunachair sonraí ábhartha nach meastar gur baol do bheartas poiblí, slándáil inmheánach ná caidreamh idirnáisiúnta aon cheann de Stáit Schengen an náisiúnach tríú tír;
- i gcás pasanna agus doiciméid taistil ina bhfuil meán stórála, ní mór barántúlacht shonraí na slise a sheiceáil, faoi réir infhaighteacht deimhnithe bailí. Ba cheart barántúlacht agus sláine na sonraí atá stóráilte sa mhicrishlis a fhíorú agus seiceáil á déanamh ar phasanna bithmhéadracha. Chun a fhíorú gur iontráil údarás údaraithe na sonraí sa mhicrishlis agus nach ndearnadh crioscaíl leo, ba cheart Fíordheimhniú Éighníomhach a úsáid chun inneachar na micrishlise a fhíordheimhniú. An deimhniú Sínteora Doiciméid a bhaineann le doiciméad, ní mór é a fhíorú in aghaidh deimhniú iontaofa CSCA na tíre eisiúna faoi seach. Má thacaítear leis, ba cheart fíordheimhniú slise a úsáid chun a fhíorú gur fíorshlis í an tslis.

3.6.2. Féadfaidh an méid a leanas a bheith i gceist le seiceálacha breise ar imeacht don duine:

- fíorú go bhfuil víosa bhailí i seilbh ag an duine, má cheanglaítear amhlaidh, ach amháin i gcás ina mbeidh cead cónaithe bailí aige/aici arna eisiúint ag Stát Schengen nó víosa fadghanachta nó doiciméid eile lena n- údaraítear fanacht nó athiontráil ina gcríoch.
- fíorú nár fhan an duine níos faide ná uasfhad an fhanachta údaraithe.

⁶⁷ An Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme (IO L 239, 22.9.2000, lch. 19).

- 3.7. Náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cead cónaithe bailí acu, níor cheart, mar riail ghinearálta, iarraidh orthu cuspóir an fhanachta atá beartaithe a chruthú ná a chruthú go bhfuil cóir mhaireachtála acu. Na seiceálacha eile – agus go háirithe an scrúdú ar dhoiciméid taistil agus chónaithe, na cuardaigh in SIS agus i mbunachair sonraí náisiúnta – ní mór iad a dhéanamh, áfach, mar a mhínítear i bpointí 1.2 agus [3.6.2 den Roinn seo](#). I gcás tairbhíthe den Chomhaontú um Tharraingt Siar, leagtar treoraíocht mhionsonraithe amach in Iarscríbhinn 42 a ghabhann leis an Lámhleabhar seo maidir leis an mbealach gur féidir leo a stádas a chruthú.
- 3.8. Chun nach moilleofar nósanna imeachta seiceála ag na bothanna dul isteach/imeachta sa chéad líne, agus i gcás ina mbeidh gá le fíoruithe breise a dhéanamh, féadfar iad sin a dhéanamh in áit ar leithligh ó na bothanna ('seiceálacha ar an dara líne').

I gcás ina n- iarraidh an náisiúnach tríú tír amhlaidh, agus inarb ann do shaoráidí iomchuí, ní mór na seiceálacha críochnúla sin a dhéanamh in áit phríobháideach a ainmnítear chun na críche sin. I gcás seiceálacha ar an dara líne, ní mór faisnéis scríofa a thabhairt don náisiúnach tríú tír lena mbaineann faoi chuspóir na seiceálacha sin mar aon le faisnéis scríofa faoin nós imeachta. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith i bhfoirm póstaer nó bileoige a thabharfar ar láimh don duine. Ní mór an bhileog nó an póstaer a bheith ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus i dteanga/i dteangacha na dtíortha atá ar theorainn Stáit Schengen lena mbaineann.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagail 7 agus 8, Iarscríbhinní I agus IV\)](#)
- [Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE](#)
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú](#)
- [Rialachán Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin le haghaidh gnéithe slándála agus bithmhéadrachta i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n- eisiúint ag Ballstáit](#)
- Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (EDS)

4. CUARDAIGH A DHÉANAMH I GCÓRAS FAISNÉISE SCHENGEN (SIS) AGUS I NDOICIMÉID TAISTIL A GOIDEADH AGUS A CAILLEADH (DTGC)

4.1. Caithfear cros- seiceáil a dhéanamh ar gach duine agus ar a ndoiciméid taistil in aghaidh SIS le linn seiceálacha teorann. De ghnáth, déantar seiceáil ar dhaoine agus a ndoiciméid taistil in aghaidh bunachar sonraí ábhartha sna hiarratais náisiúnta rialaithe teorann. Tá foláirimh faoi dhaoine agus faoi ábhair in SIS, faoi cheann de na catagóirí a leanas:

- Foláirimh maidir le filleadh (Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁸), cuimsíonn an chatagóir foláirimh seo náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh chun comhlíonadh na hoibleagáide um fhilleadh a fhíorú agus chun tacú le forghníomhú na gcinntí um fhilleadh;
- Cead isteach nó fanacht a dhiúltú (Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶⁹), cuimsíonn an chatagóir foláirimh seo náisiúnaigh tríú tír⁷⁰ nach bhfuil i dteideal teacht isteach nó fanacht i gcríoch Stáit Schengen⁷¹;
- Daoine a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil (Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷²), cumhdaíonn an chatagóir foláirimh seo daoine a bhfuil Barántas Gabhála Eorpach, barántas gabhála ón Íoslainn/Iorua⁷³ nó Iarraidh ar Eiseachadadh (an Eilvéis nó Lichtinstéin) eisithe ina leith;

⁶⁸ Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1).

⁶⁹ Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14).

⁷⁰ Ba cheart déileáil le náisiúnach tríú tír atá ina bhall de theaghlach saoránach den Aontas de bhun Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2018/1861 (féach pointe 8.3, Roinn I).

⁷¹ Níl fáil ag an gCipir ar SIS go fóill, mar sin, chun críocha na caibidle seo, ciallaíonn Stáit Schengen iad ar fad seachas an Chipir. Tá fáil ag an gCróit ar fholáirimh maidir le teacht isteach a dhiúltú, ach níl aon oibleagáid uirthi teacht isteach nó fanacht ar a críoch a dhiúltú do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil foláirimh eisithe ina leith ag Stát Schengen eile i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, ach is féidir léi cinneadh a dhéanamh gníomhú ar fholáirimh den sórt sin. Ní féidir leis an gCróit foláirimh maidir le teacht isteach a dhiúltú a chlárú le SIS faoi láthair.

⁷² Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón

- Daoine atá ar iarraidh (Airteagal 32(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2018/1862), is é is cuspóir don fholáireamh seo, daoine atá ar iarraidh a aimsiú, lena n-áirítear leanaí agus mionaoisigh neamhthionlactha, agus iad a chur faoi chosaint má tá sé dleathach agus más gá;
- Daoine leochaileacha atá i mbaol i.e., Leanaí i mbaol a bhfuadaithe /Leanaí ar gá iad a chosc ó bheith ag taisteal/daoine fásta leochaileacha ar gá iad a chosc ó bheith ag taisteal (Airteagal 32(1), pointí (c), (d) agus (e), de Rialachán (AE) 2018/1862), is é is cuspóir don fholáireamh seo cosc a chur ar leanaí a fuadaíodh agus ar dhaoine leochaileacha bheith ag taisteal gan údarú nó chosc chur ar iad a thógáil go mídhleathach lasmuigh den stát. An difríocht is mó idir foláireamh a eisiúint maidir le duine atá ar iarraidh agus foláireamh maidir le cosc a chur ar dhaoine leochaileacha a bheith ag taisteal, sa chás deireanach sin níl an duine ar iarraidh go fóill, ach táthar i mbaol dul ar iarraidh ('foláirimh choisctheacha');
- Daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach (Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1862), is é is cuspóir don chatagóir foláirimh seo áit chónaithe nó shainchónaithe na ndaoine a bhfuiltear sa tóir orthu a fháil amach chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach (mar shampla, finnétithe);
- Daoine agus ábhair i ndáil le seiceálacha discréideacha, seiceálacha fiosrúcháin nó seiceálacha sonracha (Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2018/1862), is é is cuspóir don fholáireamh seo faisnéis a fháil maidir le daoine nó ábhair ábhartha chun cionta coiriúla a ionchúiseamh agus chun bagairtí ar an bpobal nó ar an tslándáil náisiúnta a chosc;

gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

73

Bunaithe ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn agus an Iorua maidir leis an nós imeachta um thabhairt suas a tháinig i bhfeidhm in 2019: Tháinig Comhaontú an 28 Meitheamh 2006 idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir leis an nós imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an Íoslainn agus an Iorua i bhfeidhm an 1 Samhain 2019 (IO L 292, 21.10.2006, lch. 2).

- Ábhair lena n-urghabháil nó lena n-úsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla (Airteagal 38 de Rialachán (AE) 2018/1862), cumhdaíonn an foláireamh ábhair (feithiclí, leantóirí, carbháin, trealamh tionsclaíoch agus comhpháirteanna trealaimh thionsclaíoch, báid, innill bháid, airm thine, deimhnithe cláraithe feithiclí agus uimhirphlátaí feithiclí, nótaí bainc agus nótaí bainc bréagacha, ítimí teicneolaíochta faisnéise) agus doiciméid (doiciméid oifigiúla bhána, doiciméid aitheantais eisithe, amhail pasanna, cártaí aitheantais, ceadanna cónaithe, doiciméid taistil agus ceadúnais tiomána a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh nó a neamhbhailíochtaíodh nó atá bréagach) a bhfuiltear sa tóir orthu lena n-urghabháil nó lena n-úsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla.
- Foláirimh faoi dhuine anaithnid a bhfuiltear sa tóir air nach bhfuil ach sonraí méarlorg iontu (Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2018/1862). Cumhdaíonn an chatagóir foláirimh seo loirg neamhfholasa a aimsítear ag láithreacha coire nó láithreacha cionta sceimhlitheoireachta. Is é is cuspóir don chatagóir foláirimh seo déantóir anaithnid amhrasta an chiona a aimsiú.

Is féidir teacht ar roinnt foláireamh i leith an duine chéanna le linn seiceála in SIS. Is amhlaidh atá an scéal mar gur féidir le roinnt Stáit Schengen⁷⁴ foláireamh a eisiúint i leith an duine chéanna. I gcás amas den sórt sin, léirítear aon iarraidh ar ghníomhaíocht ar an scáileán. Chomh fada agus go bhfuil iarrataí ar ghníomhaíocht comhoiriúnach, ní mór na gníomhartha go léir i leith an duine a dhéanamh.

Tá catagóirí áirithe d'fholáirimh ar dhaoine 'neamh- chomhoiriúnach'⁷⁵. Ciallaíonn sé sin nach féidir foláireamh nua ar an duine céanna a chur isteach mura bhfuil sé 'comhoiriúnach' leis an bhfoláireamh atá ann cheana. Nuair atá foláireamh neamhchomhoiriúnach, ciallaíonn sé sin gur measadh go dtéann gníomhaíocht a iarradh le foláireamh ó aon Stát Schengen i gcoinne gníomhaíocht a iarradh i bhfoláireamh ó Stát Schengen eile. Tá na catagóirí foláirimh a leanas neamhchomhoiriúnach:

⁷⁴ Chun críocha foláirimh a eisiúint in SIS, ciallaíonn na Stáit Schengen anseo na stáit ar fad seachas an Chipir (nach bhfuil rochtain aici ar SIS) agus an Chróit (maidir le foláirimh maidir le teacht isteach a dhiúltú, mar ní féidir léi na foláirimh sin a eisiúint) ach lena n-áirítear Éire maidir le cuid de na catagóirí foláirimh. Níl rochtain ag Éirinn air agus ní féidir léi foláirimh SIS maidir le teacht isteach a dhiúltú ná foláirimh SIS maidir le filleadh a eisiúint.

⁷⁵ Féach sa tábla in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Lámhleabhar SIRENE (Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cúraim Bhiúronna SIRENE agus maidir le malartú faisnéise forlontaí maidir le foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen i réimse an

- foláirimh maidir le teacht isteach agus fanacht a dhiúltú agus foláirimh maidir le daoine atá ar iarraidh atá le cosaint;
- foláirimh maidir le teacht isteach agus fanacht a dhiúltú agus foláirimh maidir le daoine leochaileacha atá i mbaol;
- foláirimh maidir le filleadh agus foláirimh maidir le daoine atá ar iarraidh atá le cosaint;
- foláirimh maidir le filleadh agus foláirimh maidir le daoine leochaileacha atá i mbaol;
- foláirimh maidir le daoine atá ar iarraidh agus foláirimh maidir le daoine leochaileacha atá i mbaol.

Má thagtar ar fholáireamh atá comhsháraitheach nó foláireamh a d'fhéadfadh a bheith neamhchomhoiriúnach, ba cheart teagmháil a dhéanamh láithreach le Biúró SIRENE chun cúnaimh a fháil.

Tá ord tosaíochta na bhfoláireamh comhaontaithe ann ach is féidir imeacht uaidh sin nuair a ghlacann an dá Stát Schengen leis. Is é seo a leanas ord tosaíochta na bhfoláireamh sin a d'fhéadfadh a bheith neamhchomhoiriúnach:

- 1) foláirimh maidir le teacht isteach agus fanacht a dhiúltú;
- 2) foláirimh maidir le filleadh atá in éineacht le toirmeasc ar theacht isteach;
- 3) foláirimh maidir le daoine atá ar iarraidh atá le cosaint;
- 4) foláirimh maidir le daoine leochaileacha atá i mbaol;
- 5) foláirimh maidir le daoine atá ar iarraidh atá le haimsiú;
- 6) foláirimh maidir le filleadh nach bhfuil in éineacht le toirmeasc ar theacht isteach.

chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla ('Lámhleabhar SIRENE - Póilíní') C(2021) 7901 final) agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cúraim Bhiúróna SIRENE agus maidir le malartú faisnéise forliontaí maidir le foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen i réimse na seiceálacha teorann agus an fhillte (Lámhleabhar SIRENE - Teorainneacha agus filleadh' C(2021) 7900 final.

Má tá amas ar fholáireamh SIS agus ar fholáireamh Interpol ag an am céanna, ní mór nós imeachta SIS a leanúint mar tá tosaíocht ag foláirimh SIS. Ní mór na tuarascálacha amais a sheoladh chuig Biúró SIRENE agus níor cheart iad a sheoladh chuig Biúró Lárnach Náisiúnta Interpol.

4.2. Cuardaigh bhithmhéadracha

Tugadh cuardaigh bhithmhéadracha isteach le cur chun feidhme fheidhmiúlacht chóras uathoibríthe SIS um shainaitheint méarlorg (SIS AFIS). Ciallaíonn sé sin gur féidir cuardach a dhéanamh in SIS freisin ar bhonn méarlorg, agus ní hamháin ar bhonn sonraí alfa- uimhriúla.

I gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán 2018/1861 agus le hAirteagal 43(2) de Rialachán 2018/1862 is féidir cuardach a dhéanamh ar shonraí dachtalascópacha in SIS freisin i ngach cás ina meastar go bhfuil gá le duine a shainaitheint (i.e., cinneadh a dhéanamh maidir le seiceáil an bhfuil foláireamh SIS ann i leith duine). Ní mór [an riachtanas](#) chun seiceáil a dhéanamh ar SIS le sonraí dachtalascópacha [in aon chás ar leith](#) a chinneadh i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta. Ní mór cuardach a dhéanamh ar na sonraí dachtalascópacha i gcásanna nach féidir céannacht an duine a fhionnadh ar mhodh eile (i.e., bunaithe ar shonraí alfa- uimhriúla, tuairisc ar dhoiciméad, grianghraif nó íomhánna den aghaidh).

4.3. Iarmhíreanna faoi ábhar

D'fhéadfadh [iarmhíreanna faoi ábhar](#) a bheith i *gcatagóirí foláireamh áirithe maidir le daoine atá ar iarraidh* (a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil, daoine ar iarraidh agus daoine leochaileacha agus daoine a bhfuiltear sa tóir orthu chun cabhrú le himeachtaí coiriúla), ina bhfuil faisnéis faoi ábhar atá nasctha leis an duine a bhfuiltear sa tóir air chomh maith leis an gcuspóir an duine sin a aimsiú.

Is féidir iarmhíreanna faoi ábhar a chur leis na cineálacha ábhair a leanas: feithiclí, leantóirí agus carbháin; báid; coimeádáin; aerárthaí; airm thine (le haghaidh foláireamh maidir le gabháil amháin); doiciméid bhána.

D'fhéadfadh 'tuairiscí ar dhoiciméad sainaitheantais' a bheith i ngach foláireamh maidir le daoine, ar sonraí iad sin chun tuairisc a thabhairt ar an doiciméad sainaitheantais (bailí) (mar shampla, doiciméad taistil nó cead cónaithe) atá in úsáid ag duine arb é ábhar an fholáirimh é. Is féidir freisin cóip den doiciméad a chur i gceangal leis an bhfoláireamh.

Is é is cuspóir d'ábhair agus do dhoiciméid sainaitheantais a chur isteach mar iarmhíreanna foláirimh d'fhóláireamh maidir le duine, cuardach ar dhuine atá faoi réir foláirimh a éascú - sa chás sin, níl an t- ábhar nó an doiciméad sainaitheantais féin faoi réir an fholáirimh.

Tá a gcuspóirí féin ag foláirimh maidir le hábhair faoi Airteagail 36 agus 38 de Rialachán (AE) 2018/1862 mar a shainmhínítear i rialacháin SIS ábhartha: chun seiceáil dhiscreideach, fiosrúcháin nó shonrach a dhéanamh i gcás Airteagal 36 nó an t- ábhar a urghabháil nó a chosaint i gcás Airteagal 38.

4.4. **Gníomhaíochtaí atá le déanamh i gcás amais in SIS**

I gcás amais ar dhuine nó ábhar in SIS, beidh an ghníomhaíocht atá le déanamh le feiceáil ar an scáileán atá ag an ngarda teorann.

- 4.4.1. Na daoine aonair a bhfuiltear sa tóir orthu lena ngabháil, ní mór iad a ghabháil agus a thabhairt ar láimh do na húdaráis inniúla chun cinneadh a dhéanamh maidir le coimeád sealadach agus é beartaithe acu an duine a eiseachadadh nó an duine a thabhairt ar láimh don Bhallstát den Aontas nó do Stát Schengen a iarrann é.

I gcás ina bhfuil bratach curtha le foláireamh maidir le gabháil ag do thír, taispeánfar an chúis leis an bhfoláireamh mar 'Duine a bhfuiltear sa tóir air lena ghabháil d'fhonn é a thabhairt suas nó a eiseachadadh', ach ní cheanglófar leis an ngníomhaíocht atá le déanamh an duine a ghabháil ach iarrfaidh sé 'áit chónaithe nó áit shainchónaithe an duine a chinneadh'.

- 4.4.2. Ba cheart an ghníomhaíocht seo a dhéanamh maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil foláireamh maidir le filleadh eisithe ina leith, ag brath ar an tír ina bhfaightear an t- amas.

(a) Má tá an duine ag teorainn sheachtrach agus é ag imeacht ó chríocha Stáit Schengen, faisnéis maidir leis an duine sin a bheith aimsithe ag imeacht trí theorainneacha seachtracha agus é a bheith imithe ó chríocha Stáit Schengen, chomh maith le heolas faoin áit agus faoin am a rinneadh an tseiceáil agus cibé acu a bhí an duine sin faoi réir aistriú (filleadh éigeantach) nó nach raibh, ní mór an fhaisnéis sin a bhailiú agus a chur ar aghaidh chuig Biúró SIRENE náisiúnta.

Tar éis faisnéis a fháil faoin amas, i.e. dearbhú go bhfuil an duine imithe ó chríoch Stáit Schengen, ní mór don Stát Schengen a d'eisigh an foláireamh maidir le fillleadh é a scriosadh gan mhoill. Thairis sin, i gcás a bhfuil feidhm leis, ní mór foláireamh maidir le toirmeasc ar theacht isteach agus fanacht a dhiúltú a iontráil (nó foláireamh maidir le fillleadh a aistriú go foláireamh maidir le teacht isteach a dhiúltú) ag an Stát Schengen a d'eisigh an foláireamh gan mhoill i gcás ina ndéantar cinneadh um fhilleadh i gcomhar le toirmeasc ar theacht isteach.

I gcás ina bhfuil an duine ag imeacht ó chríoch Stát Schengen a d'eisigh an cinneadh maidir le fillleadh, ní mór don Stát Schengen sin a údaráis féin a chur ar an eolas freisin i gcás ina bhfuil amas, ionas go ndeimhníonn na húdaráis sin an fillleadh agus go n-eisíonn siad an toirmeasc ar theacht isteach nuair is iomchuí.

Ba cheart athiontráil an duine sin a dhiúltú ar bhonn an fholáirimh maidir le toirmeasc ar theacht isteach in SIS i gcás inar iontráladh foláireamh den sórt sin. Is féidir teacht isteach a dhiúltú don duine ar bhonn coinníollacha eile dá bhforáiltear i gCód Teorainneacha Schengen.

(b) Má chastar ar an duine ag teorainn sheachtrach agus é ag teacht isteach go críocha Stáit Schengen, faisnéis maidir leis an duine sin a bheith aimsithe ag teacht isteach trí theorainneacha seachtracha, chomh maith le heolas faoin áit agus faoin am a rinneadh an tseiceáil, ní mór an fhaisnéis sin a bhailiú agus a chur ar aghaidh chuig Biúró SIRENE náisiúnta.

Tar éis faisnéis a fháil faoin amas, ní mór don Stát Schengen a d'eisigh an foláireamh maidir le filleadh é a scriosadh gan mhoill. Thairis sin, i gcás a bhfuil feidhm leis, ní mór foláireamh maidir le toirmeasc ar theacht isteach agus fanacht a dhiúltú a iontráil (foláireamh maidir le filleadh a aistriú go foláireamh maidir le teacht isteach a dhiúltú) ag an Stát Schengen a d'eisigh an foláireamh gan mhoill i gcás ina ndéantar cinneadh um fhilleadh i gcomhar le toirmeasc ar theacht isteach.

I gcás ina bhfuil an duine ag teacht isteach ó chríoch Stát Schengen a d'eisigh an cinneadh maidir le filleadh, ní mór don Stát Schengen sin a údaráis féin a chur ar an eolas freisin i gcás ina bhfuil amas, ionas go ndeimhníonn na húdaráis sin an filleadh agus go n-eisíonn siad an toirmeasc ar theacht isteach nuair is iomchuí.

Ní mór teacht isteach an duine go críoch Stáit Schengen a dhiúltú ar bhonn foláireamh in SIS maidir le diúltú do theacht isteach i gcás inar iontráladh foláireamh den sórt sin. Is féidir teacht isteach a dhiúltú don duine ar bhonn coinníollacha eile dá bhforáiltear i gCód Teorainneacha Schengen.

(c) Agus má aimsítear an duine laistigh den tír, má cheadaítear le dlí náisiúnta é, ní mór an duine a stopadh agus a cheistiú, dul i dteagmháil leis an údarás náisiúnta inniúil atá freagrach as filleadh d'fhonn an duine a fhilleadh chomh maith le teagmháil a dhéanamh leis an mBiúró SIRENE náisiúnta.

Níl cead aige foláireamh maidir le filleadh a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír ar tairbhíthe iad i dtaca leis an gceart saorghluaiseachta. I gcás ina n-aimsítear amas maidir le foláireamh maidir le teacht isteach a dhiúltú a iontráiltear i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán 2018/1861, ar foláireamh é a bhaineann le náisiúnach tríú tír ar tairbhí é i dtaca leis an gceart saorghluaiseachta laistigh den Aontas, ní mór don Stát Schengen a fhorghníomhaíonn an foláireamh dul i dteagmháil láithreach leis an Stát Schengen eisiúna trí fhaisnéis fhorlíontach a mhalartú chun cinneadh a dhéanamh gan mhoill faoin mbeart atá le déanamh. Féach tuilleadh sonraí i bpointe 8.3 den Roinn seo.

- 4.4.3. Ní mór teacht isteach a dhiúltú do náisiúnaigh tríú tír ar diúltaíodh dóibh teacht isteach agus iad a fhilleadh ar an áit as ar tháinig siad nó ar a dtír thionscnaimh a luaithe is féidir, ag brath ar chúinsí éagsúla. Ní mór daoine den sórt sin a chóiméad faoi mhaoirseacht ag na gardaí teorann go dtí go mbeidh siad ag imeacht ó chríoch Stáit Schengen. I gcás ina bhfaightear amas ar fholáireamh maidir le teacht isteach agus fanacht a dhiúltú maidir le

náisiúnach tríú tír a bhfuil cead cónaithe aige, ba cheart aire speisialta a thabhairt do bharántúlacht agus do bhailíocht an cheada cónaithe. Ina theannta sin, ní mór teagmháil a dhéanamh leis an mBiúró SIRENE náisiúnta láithreach chun tús a chur leis an nós imeachta comhchomhairle a leagtar síos in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 36 de Lámhleabhar SIRENE⁷⁶.

Maidir le náisiúnaigh tríú tír ar baill teaghlaigh iad de shaoránaigh den Aontas, féach na forálacha sonracha a bhaineann leo ([féach pointe 8.3 den Roinn seo](#)).

I gcás ina bhfuil amas ar fholáireamh maidir le teacht isteach a dhiúltú maidir le tairbhí ar an gComhaontú um Tharraingt Siar, féach an treoraíocht shonrach a leagtar amach in Iarscríbhinn 42 a ghabhann leis an Lámhleabhar seo.

- 4.4.4. Ní mór toiliú roimh ré a fháil ó dhuine fásta sula gcuirtear ar an eolas iad faoin bpáirtí a tuairiscíodh go raibh sé/sí ar iarraidh.
- 4.4.5. Ba cheart aire speisialta a thabhairt do mhionaoisigh (cíbe acu is mionaoisigh neamhthionlactha iad nó nach mionaoisigh neamhthionlactha iad) agus daoine fásta ar iarraidh atá leochaileach ar gá iad a chur faoi chosaint. I gcás amas ar mhionaoiseach leochaileach, ar leanbh i mbaol a fhuadaithe, ar leanbh ar gá é a chosc ó bheith ag taisteal nó ar dhuine fásta leochaileach ar gá é a chosc ó bheith ag taisteal, le cead de réir an dlí náisiúnta, ní mór an duine a stopadh agus é a thabhairt os comhair an údaráis inniúil a bheidh in ann a údarú an duine a thabhairt go háit shábháilte chun cosc a chur ar an duine sin leanúint ar aghaidh ag taisteal ar an turas. Ní mór teagmháil a dhéanamh leis an údarás náisiúnta inniúil láithreach chun cinneadh a dhéanamh faoi cibé acu is ceart an duine a chur faoi chosaint nó nár cheart. Ní mór teagmháil a dhéanamh leis an mBiúró SIRENE náisiúnta freisin chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin gcás.
- 4.4.6. Mar thoradh ar na sonraí a áirítear chun críocha seiceálacha discréideacha, fiosrúcháin agus sonracha, ba cheart a bheith in ann faisnéis amhail an fhaisnéis a leanas a fháil:
- gur aimsíodh an duine is ábhar d'fholáireamh;
 - áit agus am na seiceála nó an chúis atá léi;
 - bealach agus ceann scríbe an turais;

⁷⁶ *Ibid.*

- na daoine atá ag tionlacan an duine atá faoi réir foláireamh ar daoine iad ar féidir a chreidiúint le réasún go bhfuil baint acu leis na daoine atá faoi réir an fholáirimh;
- ábhair a úsáideadh nó a bhí á n- iompar, lena n- áirítear doiciméid taistil;
- na himthosca ina bhfuarthas an duine nó an fheithicil, an bád, an t- aerárthach nó an coimeádán;
- aon fhaisnéis eile atá á lorg ag an Stát Schengen eisiúna.

Le linn an fhaisnéis seo a bhailiú ar bhonn foláireamh maidir le seiceáil dhiscréideach, ní mór rúndacht na seiceála a choimeád.

Le linn na seiceála fiosrúcháin, ba cheart an fhaisnéis chéanna a bhailiú, gan gá le rúndacht na seiceála a choimeád.

Le linn seiceálacha sonracha, féadfar daoine, feithiclí, báid, aerárthaigh, coimeádáin agus ábhair atá ar iompar a chuardach chun an fhaisnéis atá liostaithe sa phointe seo a fháil.

D'fhéadfadh tuilleadh ceisteanna, ar gá iad a chur, a thaispeáint le haghaidh seiceálacha discrécieacha, fiosrúcháin nó sonracha.

I gcás ina bhfuil sé léirithe san fholáireamh gur gá 'gníomhaíocht a dhéanamh láithreach', ní mór an fhaisnéis atá liostaithe sa phointe seo a chur in iúl gan mhoill don Bhiúró SIRENE náisiúnta.

*** Iarraidh ar fhaisnéis maidir le foláireamh SIS**

I gcás ina n- iarrfaidh duine faisnéis faoin bpróiseáil a dhéantar ar a sonraí in SIS agus faoina gcearta rochtana, ní mór don gharda teorann comhordanáidí [na n- údarás inniúla náisiúnta](#) arb iad rialaitheoir sonraí SIS ina bhféadann sé/sí a c(h)earta a fheidhmiú, agus [na húdaráis um chosaint sonraí](#), agus iad a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht chun gearán a chur faoi bhráid an dara grúpa a luadh.

4.4.7. Ábhair atá le hurghabháil nó le húsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla lena n- áirítear:

- Mótarfheithiclí gan beann ar an gcóras tiomána;
- comhpháirteanna in- sainaitheanta mótarfheithiclí;
- leantóirí ag a bhfuil meáchan neamhualaithe níos mó ná 750 kg;

- carbháin;
- trealamh tionsclaíoch;
- comhpháirteanna in- sainaitheanta trealaimh thionsclaíoch;
- báid agus innill bháid;
- coimeádáin;
- aerárthaigh agus innill aerárthach;
- airm thine;
- doiciméid oifigiúla bhána a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh nó a airbheartaítear a bheith ina ndoiciméad den sórt sin ach ar doiciméid bhréagacha iad;
- doiciméid aitheantais eisiithe amhail pasanna, cártaí aitheantais, ceadanna cónaithe, doiciméid taistil agus ceadúnais tiomána a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh nó a neamhbhailíochtaíodh nó a airbheartaítear a bheith ina ndoiciméad den sórt sin ach ar doiciméid bhréagacha iad;
- deimhnithe cláraithe feithicle agus uimhirphlátaí feithicle a goideadh, a mídhílsíodh nó a cailleadh nó a neamhbhailíochtaíodh nó a airbheartaítear a bheith ina ndoiciméad nó ina bpláta den sórt sin ach ar doiciméid bhréagacha nó plátaí bréagacha iad;
- nótaí bainc (nótaí cláraithe) agus nótaí bainc bréagacha;
- ítimí teicneolaíochta faisnéise.

*** Dea- chleachtas - doiciméid taistil a urghabháil:**

Ní mór do ghardaí teorann gach saghas doiciméid taistil atá cláraithe in SIS a urghabháil, ar doiciméad iad a goideadh, a mí- leithghabháladh, a cailleadh nó a rinneadh neamhbhailí nó a airbheartaíonn a bheith ina ndoiciméad nó ina bpláta den sórt sin ach gur doiciméid bhréagacha nó plátaí bréagacha iad, go háirithe i gcás a bhaineann le doiciméad a rinneadh neamhbhailí chun críoch taistil. D'fhéadfadh sé tarlú gur féidir le sealbhóir doiciméad atá cláraithe in SIS lena urghabháil, go raibh an doiciméad cláraithe in SIS mar gheall go raibh sé tuairiscithe in SIS gur doiciméad é atá cailte nó goidte, ach gur tháinig an duine ar an doiciméad arís agus go ndearna sé dearmad é sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla. I

gcás den sórt sin, ní mór céannacht shealbhóir an doiciméid taistil agus a cheart nó a ceart chun an doiciméad a úsáid chun críoch taistil a fhíorú i gcónaí leis na húdaráis inniúla, i gcás inar gá i gcomhar leis an mBiúró SIRENE náisiúnta

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin mbeart atá le déanamh i gcás fholáireamh SIS, ní mór do ghardaí teorann teagmháil a dhéanamh leis an mBiúró SIRENE náisiúnta agus dul i gcomhairle leis na nósanna imeachta náisiúnta faoi na bearta leantacha i gcás ina bhfuil amas SIS.

*** Bunús dlí:**

- [Rialachán \(AE\) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh](#)

- [Rialachán \(AE\) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Rialachán \(CE\) Uimh. 1987/2006](#)

- [Rialachán \(AE\) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen \(SIS\) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán \(CE\) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún](#)

- Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2021 lena leagtar síos na rialacha teicniúla is gá chun na sonraí a iontráil, a nuashonrú, a scriosadh agus a chuardach i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) agus bearta cur chun feidhme eile i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla C(2021) 92 final

- Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2021 lena leagtar síos na rialacha teicniúla is gá chun na sonraí a iontráil, a nuashonrú, a scriosadh agus a chuardach i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) agus bearta cur chun feidhme eile i réimse na seiceálacha teorann agus an fhilidh C(2021) 660 final

- Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cúraim Bhiúrónna SIRENE agus maidir le malartú faisnéise forlíontaí maidir le foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla ('Lámhleabhar SIRENE - Póilíní') C(2021) 7901 final

- Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cúraim Bhiúrónna SIRENE agus maidir le malartú faisnéise forlíontaí maidir le foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen i réimse na seiceálacha teorann agus an fhillidh ('Lámhleabhar SIRENE - Teorainneacha agus filleadh') [C\(2021\) 7900 final](#)

4.5. Is gá cros- seiceáil a dhéanamh ar dhoiciméid taistil gach duine i mbunachar sonraí Interpol i ndáil le doiciméid atá goidte nó cailte le linn seiceálacha teorann. Tá mionsonraí maidir le pasanna atá cailte nó goidte sa bhunachar sonraí i ndáil le doiciméid atá goidte nó cailte mar a chuirtear isteach iad sa bhunachar sonraí i ndáil le doiciméid atá goidte nó cailte ag an tír a d'eisigh an doiciméad. I gcás amais sa bhunachar sonraí i ndáil le doiciméid atá goidte nó cailte, ní mór don gharda teorann an beart a éilítear/a mholtar a dhéanamh faoin dlí náisiúnta.

5. RIALACHA SPEISIALTA MAIDIR LE SEICEÁLACHA A DHÉANAMH AR CHATAGÓIRÍ ÁIRITHE DAOINE

5.1. Cinn Stáit

Cinn Stáit agus baill dá dtoscaireachtaí, ar fógraíodh a dteacht agus a n- imeacht go hoifigiúil do na gardaí teorann trí chainéil taidhleoireachta, féadfaidh sé nach mbeidh siad faoi réir seiceálacha teorann.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VII\)](#)

5.2. Píolótaí aerárthach

5.2.1. Féadfaidh píolótaí aerárthach agus baill eile den chriú an teorainn a thrasnú i bhfeidhmiú a ndualgais ar bhonn a gceadúnais píolóta nó teastas ball d'aerchriú mar a

fhoráiltear dóibh in Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta (Coinbhinsiún ICAO) an 7 Nollaig 1944, sna cásanna a leanas:

- (a) dul ar bord agus tuirlingt den eitleán san aerfort ag a stopann an t- aerárthach nó san aerfort teacht isteach atá suite i gcríoch Stáit Schengen;
- (b) dul isteach i gcríoch bhordais agus tuirlingt den eitleán san aerfort ag a stopann an t- aerárthach nó san aerfort teacht isteach atá suite i gcríoch Stát Schengen;
- (c) taisteal, trí aon mhodh iompair, go haerfort atá suite i gcríoch Stát Schengen chun dul ar bord aerárthaigh atá ag imeacht ón aerfort sin.

I ngach cás eile, ní mór na coinníollacha iontrála ginearálta maidir le dul isteach le haghaidh náisiúnaigh tríú tír a chomhlíonadh.

5.2.2. Nuair is féidir, le linn seiceálacha ag an aerfoirt, ba cheart tosaíocht a thabhairt do sheiceálacha a dhéanamh ar chriúna aerárthach, i.e. ba cheart seiceálacha a dhéanamh roimh na paisinéirí nó i suíomh tiomnaithe speisialta. Ní dhéanfar ach seiceálacha gan choinne ar bhail foirne ar a bhfuil aithne ag an bhfoireann a bhfuil cúraimí rialaithe teorann orthu i bhfeidhmiú a ndualgas.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VII\)](#)

- [Coinbhinsiún ICAO](#)

5.3. **Maráí⁷⁷**

5.3.1. Maraithe a mbeidh doiciméad aitheantais maraí acu, a eiseofar i gcomhréir le Coinbhinsiún na Maraithe de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Doiciméid Aitheantais, Uimh. 108 (1958) nó Uimh. 185 (2003), le Coinbhinsiún maidir le Muirthracht Idirnáisiúnta a Éascú (Coinbhinsiún FAL), nó leis an dlí ábhartha náisiúnta, féadfaidh Stáit Schengen iad a údarú chun dul isteach i gcríoch Stáit Schengen trí dhul i dtír chun fanacht i gceantar an chalafoirt chuarda nó i mbordais

⁷⁷ Úsáidtear an téarma ‘mairnéalaigh’ i gCód Teorainneacha Schengen. Chun críocha an Lámhleabhair seo, is é ‘maraí’ an téarma is fearr, os rud é go ndéantar tagairt dó i gCoinbhinsiún Uimh. 108 agus Uimh. 185 araon chomh maith leis an gCoinbhinsiún maidir le Muirthracht Idirnáisiúnta a Éascú (FAL).

taobh leis, nó chun imeacht ó chríoch Stáit Schengen trí dhul ar ais go dtí a longa, gan iad féin a chur i láthair ag pointe trasnaithe teorann, ar choinníoll go mbeidh a n- ainmneacha ar liosta chriú na loinge a mbainfidh siad léi, liosta a chuirfear faoi bhráid na n- údarás inniúil cheana féin d'fhonn seiceálacha a dhéanamh.

Ar bhonn measúnú ar na rioscaí i dtaobh slándála inmheánaí agus inimirce mídhleathaí, áfach, ní mór maraithe a bheith faoi réir seiceála ag na gardaí teorann, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen, sula rachaidh siad i dtír.

5.3.2. Maraithe a bhfuil sé beartaithe acu fanacht lasmuigh de na bardais atá i gcomharsanacht calafort, ní mór dóibh na coinníollacha ginearálta maidir le teacht isteach i gcríoch Stáit Schengen a chomhlíonadh.

Féadfaidh sealbhóirí leabhar mairnéalaigh nó doiciméad aitheantais maraí a údarú chun teacht isteach i gcríoch Stát Schengen, áfach, fiú mura bhfuil víosa bhailí ina seilbh acu agus/nó mura bhfuil siad in ann a léiriú go bhfuil cóir leordhóthanach mhaireachtála acu sna cásanna a leanas:

- dul ar bord loinge atá ar ancaire cheana féin nó long atá ar tí teacht go calafort i Stát Schengen;
- idirthuras a dhéanamh go tríú tír nó filleadh ar a thír thionscnaimh;
- cásanna éigeandála nó cásanna ina mbíonn gá leis (breoiteacht, dífhostú, deireadh conartha etc.).

Sna cásanna sin, sealbhóirí leabhar mairnéalaigh nó doiciméad aitheantais maraí a gceanglófar orthu víosa a bheith ina seilbh acu ar bhonn a náisiúntachta agus nach bhfuil víosa ina seilbh acu agus iad ag teacht isteach i gcríoch Stáit Schengen, féadfar víosa a thabhairt dóibh ag an teorainn ([féach pointe 9 den Roinn seo](#)).

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VII\)](#)
- [Coinbhinsiún EIS Uimh. 185](#)
- [Coinbhinsiún FAL](#)

5.4. **Sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, oifigiúla nó seirbhíse agus bail d'eagraíochtaí idirnáisiúnta**

5.4.1. I bhfianaise na bpribhléidí nó na ndíolúintí speisialta atá acu, i gcás sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, oifigiúla nó seirbhíse arna n-eisiúint ag tríú tíortha nó ag Rialtais tríú Stát, ar doiciméid iad atá aitheanta ag na Stáit Schengen, atá i mbun taistil le linn fheidhmiú a ndualgas, féadfar tosaíocht a thabhairt dóibh ar thaistealaithe eile ag seiceálacha teorann cé go mbeidh siad fós, nuair is infheidhme, faoi réir an cheanglais víosa. Níor cheart a cheangal ar dhaoine a bhfuil na doiciméid sin ina seilbh acu a chruthú go bhfuil cóir leordhóthanach mhaireachtála acu.

5.4.2. Más rud é go ndéanann duine atá ag an teorainn sheachtrach pribhléidí, díolúintí agus díolmhaithe a agairt, féadfaidh an garda teorann a cheangal air/uirthi cruthúnas ar a stádas trí na doiciméid ábhartha a sholáthar, go háirithe teastais arna n-eisiúint ag an Stát a thug an creidiúnú, nó pas taidhleoireachta nó doiciméid eile. I gas ina bhfuil amhras ar an ngarda teorann, féadfaidh sé, i gcásanna práinneacha, dul i dteagmháil go díreach leis an Aireacht Gnóthaí Eachtracha.

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh gardaí teorann cead isteach ar chríoch Stáit Schengen a dhiúltú do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta, oifigiúla nó seirbhíse gan dul i gcomhairle ar an gcéad dul síos leis na húdaráis náisiúnta iomchuí. Beidh feidhm ag an méid sin freisin i gcás foláireamh maidir leis an duine sin a bheith in SIS.

5.4.3. Féadfaidh baill chreidiúnaithe misean taidhleoireachta agus ionadaíochtaí consalacha agus a dteaghlaigh dul isteach ar chríoch Stáit Schengen má thaispeánann siad cárta arna eisiúint ag Aireachtaí Gnóthaí Eachtracha Stáit Schengen mar aon leis an doiciméad a thugann údarú dóibh an teorainn a thrasnú.

Ní gá na coinníollacha maidir le dul isteach a sheiceáil i gcás ina dtagann an taidhleoir go críoch Stáit Schengen i gcás ina bhfuil sé/sí creidiúnaithe agus i gcás ina bhfuil cead fanachta fhadtéarmaigh aige/aici.

5.4.4. Ní mór taidhleoirí atá creidiúnaithe lasmuigh de chríoch Stáit Schengen na ceanglais iontrála ginearálta a chomhlíonadh agus iad ag taisteal chun críoch príobháideach.

5.4.5. I gcás ina bhfuil riosca agus bonn cirt le drochamhras maidir le héagóir nó gníomhaíocht choiriúil ag taidhleoirí, ní mór Aireacht Gnóthaí Eachtracha na tíre lena mbaineann a chur ar an eolas gan mhoill.

- 5.4.6. I gcomhréir le Coinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta an 18 Aibreán 1961, ní théachtfaidh taidhleoirí dosháraitheacht mar aon le díolúintí eile ach amháin i gcás ina bhfuil siad sa tír ina bhfuil siad creidiúnaithe agus sna tíortha ina ndéanann siad idirthurais tríothu agus iad ag tosú nó ag filleadh ar phost nó ag filleadh ar a dtír féin. Níl feidhm aige seo i gcás ina bhfuil siad ag taisteal chun críoch príobháideach.
- 5.4.7. Comhaltáí d'eagraíochtaí idirnáisiúnta atá i seilbh ar dhoiciméid a d'eisigh eagraíochtaí idirnáisiúnta atá liostaithe sa phointe seo agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, féadfaidh siad cóir fhabhrach a fháil, nuair is féidir, le linn seiceálacha teorann.

Ní mór na doiciméid a leanas, go príomha, a chur san áireamh:

- *Laissez- passer* na Náisiún Aontaithe arna eisiúint chuig foireann na Náisiún Aontaithe agus chuig foghníomhaireachtaí faoin gCoinbhinsiún maidir le Pribhléidí agus Díolúintí Gníomhaireachtaí Speisialaithe arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 21 Samhain 1947 i Nua- Eabhrac;
- *Laissez- passer* an Aontais Eorpaigh (AE);
- teastas dlisteanachta arna eisiúint ag Ard- Rúnaí Chomhairle na hEorpa;
- doiciméid arna n- eisiúint de bhun mhír 2 d'Airteagal III den Chomhaontú idir Páirtithe Chonradh an Atlantaigh Thuaidh maidir le Stádas a bhFórsa (cártaí aitheantais míleata lena ngabhann ordú taistil, barántas taistil, ordú gluaiseachta aonair nó ordú comhghluaiseachta) mar aon le doiciméid arna n- eisiúint faoi chuimsiú Chomhpháirtíocht na Síochána.

Mar riail ghinearálta, níor cheart a cheangal ar dhaoine a bhfuil na doiciméid sin ina seilbh acu a chruthú go bhfuil cóir leordhóthanach mhaireachtála acu.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VII\)](#)

- [Coinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta an 18 Aibreán 1961](#)

*** Nasc:**

- 5.5. **Cónaitheoirí teorann a thairbhíonn de chóras an tráchta teorann áitiúil**
- 5.5.1. Cónaitheoirí teorann de thríú tír chomharsanach ar sealbhóirí iad de chead le haghaidh trácht teorann áitiúil (LBT) arna eisiúint faoi chuimsiú chóras an tráchta teorann áitiúil, bunaithe ar chomhaontú déthaobhach idir Stát Schengen agus an tríú tír lena mbaineann, i.e.:

- níl sé de cheangal orthu víosa a bheith ina seilbh acu, má tá cead le haghaidh trácht teorann áitiúil acu arna eisiúint ag an Stát Schengen ina bhfuil an teorainn ar mhaith leo a thrasnú. Féadfaidh sé a bheith de cheangal orthu pas a bheith ina seilbh acu, mar aon leis an gcead le haghaidh trácht teorann áitiúil, má dhéantar foráil maidir leis sin sna comhaontuithe déthaobhacha leis an tríú tír lena mbaineann;
- tar éis fionnadh a dhéanamh ar bhailíocht agus ar bharántúlacht an cheada le haghaidh trácht teorann áitiúil ina gcruthaítear stádas an chónaitheora teorainneacha, níor cheart tuilleadh seiceálacha a dhéanamh ar chuspóir an turais ná ar sheilbh an chóir leordhóthanaigh mhaireachtála;
- níor cheart an cead le haghaidh trácht teorann áitiúil, ná an pas, i gcás in a bhfuil gá leis, a stampáil ar theacht isteach ná ar an mbealach amach.

5.5.2. Féadfar trasnú teorainn le haghaidh na sealbhóirí ceadanna seo a éascú a thuilleadh, faoi chuimsiú chomhaontuithe déthaobhacha idir Stát Schengen agus tríú tír, i gcomhréir le [pointe 3 de Roinn II](#).

*** Bunús dlí:**

- [Rialachán \(CE\) Uimh. 1931/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha maidir le trácht teorann áitiúil ag teorainneacha seachtracha talún na mBallstát agus lena leasaítear forálacha Choinbhinsiún Schengen;](#)
- [Comhaontuithe déthaobhacha atá tugtha i gcrích ag Stáit Schengen maidir le trácht teorainn áitiúil](#)

5.6. **Mionaoisigh**

5.6.1. Is fiú do ghardaí teorann aird ar leith a thabhairt do mhionaoisigh, bídís tionlactha nó ná bídís. Ní mór déileáil le gach mionaoiseach i gcomhréir leis an bprionsabal ‘leas an linbh’ le linn nósanna imeachta teorann. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do mhionaoisigh le linn nósanna imeachta teorann agus cóir agus atmaisféar atá oiriúnach do leanaí a áirithiú i gcónaí. Tá dualgas ar ghardaí teorann faisnéis a sholáthar agus na nósanna imeachta teorann a mhíniú ar bhealach atá oiriúnach do leanaí (mar shampla, ateangairí a úsáid nó pictiúir a tharraingt) agus a áirithiú go dtuigeann na mionaoisigh. Áirítear leis sin seo cinneadh sealadach maidir leis an ngá a d’fhéadfadh a bheith ann le cosaint idirnáisiúnta i gcásanna a bhaineann le mionaoisigh imirceacha a thagann chuig an Aontas go mírialta agus iad a tharchur chuig na húdaráis náisiúnta cosanta leanaí i gcomhréir lena n- aois agus lena riachtanais.

I gcásanna ina bhfuil amhras ann maidir le fíor- aois an duine, ní mór déileáil leis an duine sin mar leanbh go dtí go gcinntear a mhalairt le nós imeachta um mheasúnú aoise. Sna cásanna sin, agus go háirithe i gcás inar cosúil go bhféadfadh an duine sin a bheith ina mhionaoiseach, ní mór an duine a chur ar aghaidh, a luaithe is féidir, chuig na húdaráis inniúla atá freagrach as glacadh le mionaoisigh, lena n- áirítear measúnú aoise a dhéanamh. Má tá forais thromchúiseacha ann chun a bheith in amhras go dtógfar go neamhdhleathach iad ón duine a bhfuil cúram dlíthiúil tuismitheora acu orthu, nó i gcás ina bhfuil amhras go bhfuil mí- úsáid á déanamh orthu, ní mór teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis náisiúnta cosanta leanaí a luaithe is féidir.

Maidir le mionaoisigh atá ag trasnú teorainn sheachtrach aeir an Aontais Eorpaigh, tá na treoirlínte do ghardaí teorainn a chuir Frontex ar bun ina lámhleabhar VEGA: Ba cheart leanaí in aerfoirt a chur san áireamh.

5.6.2. Le linn seiceálacha teorann, i gcás mionaoisigh thionlactha, ní mór don gharde teorann seiceáil a dhéanamh go bhfuil cúram tuismitheora ag na daoine atá á dtionlacan, go háirithe i gcás nach bhfuil ach duine fásta amháin leis na mionaoisigh. Má tá, beidh ar an ngarda teorainn na himscrúduithe ar fad is gá a dhéanamh chun gáinneáil ar leanaí a chosc nó in aon chás tógáil neamhdhleathach an mhionaoisigh a chosc.

Chun go seachnófar leanaí dul ar iarraidh, is gá clárúchán a áirithiú a luaithe is féidir, go háirithe i gcásanna leanaí gan doiciméid.

5.6.3. I gcás mionaaisigh neamhthionlactha, ní mór do na gardaí teorann a áirithiú, trí bhíthin seiceálacha críochnúla ar dhoiciméid taistil agus ar dhoiciméid tacaíochta, nach dtéann na mionaaisigh isteach nó amach ón gcóir in aghaidh thoil an duine nó na ndaoine a bhfuil cúram dlíthiúil tuismitheora acu orthu. Ní mór teanga atá oiriúnach do leanaí atá oiriúnaithe d'aibíocht aois an mhionaaisigh a úsáid i ngach teagmháil a dhéantar leis na mionaaisigh agus, más gá, féadfar tacaíocht ó ateangaire nó idirghabhálaí cultúrtha a áireamh.

5.6.4. Má tá amhras ann faoi cíbe acu atá mionaiseach atá ina shaoránach den Aontas nó ina shaoránach tríú tír ina gcónaí go dlíthiúil ar chríoch an Aontais údaraithe an teorainn a thrasnú agus iad ag imeacht nó nach bhfuil, ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an bpointe náisiúnta teagmhála maidir le mionaaisigh i Stát Aontais nó Stát Schengen náisiúntacht an mhionaaisigh nó ina bhfuil cónaí air.

Má fhaightear faisnéis a léiríonn go bhféadfadh fuadach a bheith ar siúl nó a léiríonn amhras maidir le himeacht neamhúdaraithe de mhionaiseach atá ina shaoránach den Aontas nó ina shaoránach tríú tír atá ina gcónaí go dlíthiúil ar chríoch an Aontais, ba cheart don gharda teorann an méid a leanas a dhéanamh:

- imeacht an mhionaaisigh a dhiúltú, nó
- i gcásanna nach bhfuil forais leordhóthanacha ann chun imeacht an mhionaaisigh a dhiúltú ach ina bhfuil ábhar inní ann faoin gceart maidir le cúram dlíthiúil tuismitheora, baileofar faisnéis faoin duine atá ag tionlacan an mhionaaisigh agus faisnéis faoina gceann scríbe. Ní mór an fhaisnéis sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, a chur ar aghaidh láithreach chuig an bpointe náisiúnta teagmhála maidir le mionaaisigh i Stát Aontais nó Stát Schengen náisiúntacht an mhionaaisigh nó ina bhfuil cónaí air.

I gcomhthéacs na nósanna imeachta a leagtar amach i bpointe 5.6 den Roinn seo, áiríonn cúraimí na bpointí náisiúnta teagmhála do mhionaaisigh na nithe a leanas:

- nuair is féidir, faisnéis a sholáthar maidir le céannacht an mhionaaisigh agus céannacht an duine atá ag tionlacan an mhionaaisigh agus an caidreamh eatarthu;

- gníomhaireachtaí náisiúnta eile a chur ar an eolas a bhaineann le mionaoisigh a bhfuil údar inní ag baint leo agus iad a chur ar an eolas faoi aon bheart réamhchúraim a bhaineann le mionaoisigh;
- comhairle agus tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit den Aontas nó do Stáit Schengen eile maidir le nósanna imeachta náisiúnta agus ceanglais a bhaineann le doiciméid.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VII\)](#)

*** Naisc:**

- [Liosta de phointí teagmhála náisiúnta chun críoch comhchomhairle maidir le mionaoisigh](#)

- [Liosta de phointí teagmhála sna Ballstáit maidir le saincheisteanna faoi bhainistiú teorainneacha](#)

- [Lámhleabhar VEGA: Leanáí ag aerfoirt: leanáí i mbaol atá ar a slí: Treoirlínte do ghardaí teorann](#)

5.7. Daltaí scoile as tríú tíortha atá ina gcónaí i mBallstát den Aontas nó i dtríú tír nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide víosa⁷⁸

5.7.1. Daltaí scoile ar náisiúnaigh tríú tír iad atá faoi réir na hoibleagáide víosa ach a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil i mBallstát den Aontas agus a thaistealaíonn i gcomhthéacs turas scoile, ní gá víosa a bheith ina seilbh acu le haghaidh idirthurais nó le haghaidh gearrchuairte i gcríoch de Bhallstát eile den Aontas, fad go gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

- (a) go bhfuil múinteoir ón scoil atá i gceist ina dteannta, a bhfuil doiciméad taistil bailí ina sheilbh aige mar aon le víosa más gá;
- (b) go bhfuil an múinteoir in ann [foirm](#) a thaispeáint, ar foirm í a d'eisigh an scoil agus lena bhféadfaí na daltaí scoile ar fad atá rannpháirteach sa turas a aithint, agus ina sonraítear go soiléir sprioc agus comhthéacs na tréimhse fanachta nó an idirthurais atá beartaithe;

⁷⁸

Níl feidhm ag Pointe 5.7 maidir leis an Iorua, an Íoslainn, an Eilvéis agus Lichtinstéin.

- (c) go bhfuil doiciméad ina seilbh ag na daltaí scoile atá bailí chun an teorainn a thrasnú.

Mar sin féin, tarscaoilfear an dara ceanglas – doiciméad taistil i seilbh atá bailí – i gcás:

- go bhfuil san fhoirm dá dtagraítear i bpointe (b) grianghraf reatha de na daltaí nach bhfuil in ann iad féin a chéannú trí bhíthin cárta aitheantais a mbeidh grianghraf air;
- go ndeimhníonn údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar na daltaí scoile a stádas cónaithe chomh maith lena gceart athiontrála ina gcríoch agus áirithíonn sé go bhfuil an fhoirm fhíordheimhnithe dá réir sin (i.e., le stampa an údaráis inniúil náisiúnta);
- go dtugann an Ballstát ina bhfuil cónaí ar na daltaí scoile fógra do Bhallstáit eile is mian leo a liostaí a bheith aitheanta mar dhoiciméad taistil bailí.

5.7.2. Ní dhíolmhaíonn na forálacha a leagtar amach i bpointe 5.7.1 daltaí scoile, ná an múinteoir/na múinteoirí á dtionlacan ó bheith faoi réir seiceálacha teorann i gcomhréir leis na rialacha ginearálta (pointe 1 den Roinn seo).

D'fhéadfaí iontráil nó idirthuras a dhiúltú dóibh má tá forais ann lena dhéanamh, i gcomhréir le [pointe 8 den Roinn seo](#).

5.7.3. D'fhéadfadh an díolúine ón gceanglas víosa a leathnú chuig daltaí scoile atá ar thuras scoile ar náisiúnaigh tríú tíortha iad atá faoi réir na hoibleagáide víosa ach a bhfuil cónaí orthu i dtríú tír atá díolmhaithe ón oibleagáid sin (mar shampla, daltaí scoile a bhfuil náisiúntacht Turcach acu a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil i Montainéagró).

*** Bunús dlí:**

- [94/795/CGB: Cinneadh ón gComhairle an 30 Samhain 1994 maidir le gníomhaíocht chomhpháirteach, cinneadh a ghlac an Chomhairle de bhun Airteagal K.3.2.b den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le saoráidí taistil le haghaidh daltaí scoile ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát](#)

[- Rialachán \(AE\) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin](#)

5.8. **Oibrithe trasteorann**

Ní féidir ach seiceálacha randamacha a dhéanamh ar oibrithe trasteorann agus catagóirí eile de chomaitéirí trasteorann a bhfuil aithne mhaith ag na gardaí teorann orthu i ngeall ar iad a bheith ag trasnú an phointe trasnaithe teorann chéanna go minic agus ar léirigh an chéad seiceáil orthu nach bhfuil foláireamh fúthu in SIS ná i gcomhad sonraí náisiúnta agus ní dhéanfar sna seiceálacha randamacha sin ach a áirithiú go bhfuil doiciméad bailí ina seilbh acu a thugann údarú dóibh an teorainn a thrasnú agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha is gá maidir le dul isteach. Ní mór na seiceálacha randamacha a dhéanamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme, faoi seach, ar náisiúnaigh tríú tír go ginearálta agus ar dhuine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige faoi dhlí an Aontais.

Ní mór seiceálacha críochnúla a dhéanamh ar na daoine sin ó am go ham, gan rabhadh a thabhairt agus ar bhonn mírialta.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VII\)](#)

5.9. Turasóirí ADS

Rialaíonn an Meabhrán Tuisceana idir an Comhphobal Eorpach agus Riarachán Náisiúnta Turasóireachta Dhaon- Phoblacht na Síne i dtaobh saincheisteanna víosaí agus saincheisteanna gaolmhara a bhaineann le grúpaí turasóireachta ó Dhaon- Phoblacht na Síne (Stádas Cinn Scríbe Formheasta)⁷⁹ go sonrach an taisteal a dhéanann grúpaí turasóireachta de shaoránaigh Síneacha ó Dhaon- Phoblacht na Síne go críoch an Aontais Eorpaigh.

Ní mór do rannpháirtithe de ghrúpaí taistil den sórt sin ón tSín ('turasóirí ADS'), ar cheart cúigear ar a laghad a bheith iontu, dul isteach agus amach ó chríoch an Aontais mar ghrúpa. Ní mór dóibh freisin taisteal a dhéanamh laistigh de chríoch an Aontais mar ghrúpa i gcomhréir leis an gclár taistil réamhbhunaithe.

De ghnáth, ní mór do thurasóirí ADS a bheith in éineacht le ceannaire turais, agus ní mór don cheannaire sin a áirithiú go dtagann siad isteach agus amach ón Aontas mar ghrúpa.

Ní mór na gnáthnósanna imeachta seiceála (féach pointe 1.2 den [Roinn](#) seo) a dhéanamh ar ghrúpa turasóirí ADS. Fíorú ar an stádas ADS, ar cheart, in aon chás, é a léiriú ar an ngreamán víosa, féadfar é sin a bheith mar chuid de na seiceálacha sin. Is víosaí aonair iad i gcónaí aon víosa ina bhfuil an tagairt 'ADS'. Chomh maith leis sin, ní mór don cheannaire turais géilleadh do na gnáthnósanna imeachta seiceála lena n- áirítear fíorú ar a stádas mar cheannaire turais.

D'fhéadfadh na gardaí teorann doiciméid tacaíochta a chruthaíonn an stádas an chinn scríbe fhormheasta agus stádas an cheannaire turais a iarraidh freisin.

*** Bunús dlí:**

- [Cinneadh ón gComhairle an 8 Márta 2004 maidir le tabhairt i gcrích an Mheabhrán Tuisceana idir an Comhphobal Eorpach agus Riarachán Náisiúnta Turasóireachta Dhaon- Phoblacht na Síne i dtaobh saincheisteanna víosaí agus saincheisteanna gaolmhara a bhaineann le grúpaí turasóireachta ó Dhaon- Phoblacht na Síne \(stádas cinn scríbe formheasta\)](#)

5.10. Seirbhísí tarrthála, póilíní, briogáidí dóiteáin agus gardaí teorann

⁷⁹ IO L 83, 20.3.2004, lch. 14.

Na socruithe maidir le dul isteach agus imeacht ball de sheirbhísí tarrthála, de na póilíní, briogáidí dóiteáin a bhíonn ag gníomhú i gcásanna éigeandála mar aon le gardaí teorann a thrasnaíonn teorainn chun a gcúraimí gairmiúla a fheidhmiú, ní mór na socruithe sin a leagan síos sa dlí náisiúnta.

5.11. Oibrithe amach ón gcósta

Níor cheart seiceáil chórasach a dhéanamh ar oibrithe amach ón gcósta ar oibrithe iad a thiocfaidh ar ais go tráthrialta ar muir nó trí aeriompar chuig críoch Stáit Schengen gan fanacht i gcríoch tríú tír. Mar sin féin, ba cheart measúnú ar na rioscaí i dtaobh inimirce neamhrialta a chur san áireamh d'fhonn minicíocht na seiceálacha a bheidh le déanamh a chinneadh.

5.12. Aistrithe ionchorparáideacha

Leis an scéim um shoghluaisteacht laistigh den Aontas a bunaíodh le Treoir 2014/66/AE⁸⁰ leagtar síos bearta féinrialaitheacha lena gceadaítear do shealbhóirí aistrí ionchorparáideach (ICT)- lena n-áirítear sealbhóirí chead ICT arna eisiúint ag Stát Schengen nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill chun saorghluaiseacht a fheidhmiú agus chun teacht isteach, fanacht agus obair i gceann amháin nó i roinnt de na Ballstáit atá faoi cheangal na Treorach sin (i.e. sna Ballstáit uile seachas an Danmhairg agus Éire).

Soghluaisteacht ghearrthéarmach (tréimhse 90 lá ar a mhéid in aon tréimhse 180 lá in aghaidh an Bhallstáit den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir 2014/66/AE): Níl ceangal ar shealbhóirí chead ICT víosa bhailí a bheith acu, má sholáthraíonn siad fianaise go bhfuil siad ag bogadh go dtí an dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir 2014/66/AE i gcomhthéacs soghluaisteacht laistigh den Aontas arna húdarú faoin Treoir sin. Ní mór fianaise den sórt sin a chur ar fáil trí bhíthin:

- (a) cóip den fhógra a sheol an t-eintiteas óstála chuig an gcéad Bhallstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir 2014/66/AE i gcomhréir le hAirteagal 21(2) den Treoir sin; nó
- (b) litir ón eintitis óstaigh sa Bhallstát eile den Aontas atá faoi cheangal ag an Treoir sin ina sonraítear ar a laghad mionsonraí maidir le fad na soghluaisteachta laistigh den Aontas

⁸⁰

Treoir 2014/66/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír faoi chuimsiú aistriú idirchorparáideach (IO L 157, 27.5.2014, leh. 1).

agus suíomh an eintitis nó suíomh na n-eintiteas sa Bhallstát eile den Aontas atá faoi cheangal ag an Treoir sin.

Féadfaidh an uastréimhse ama a cheadáítear le haghaidh fanacht gearrthéarmach carntha i mBallstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir 2014/66/AE dul thar thréimhse 90 lá ar a mhéid in aon tréimhse 180 lá faoi rialacha soghluaisteachta ICT. Tá fanachtaí gearrthéarmacha suas le 90 lá ar a mhéid in aon tréimhse 180 lá in aghaidh an Bhallstáit atá faoi cheangal ag Treoir 2014/66/AE i mBallstáit eile atá faoi cheangal ag an Treoir údaraithe agus d'fhéadfadh siad cur go mór le huasmhéid fhad cónaithe d'aistrithe ionchorparáideacha (3 bliana le haghaidh bainisteoirí agus speisialtóirí; 1 bhliain amháin le haghaidh fostaithe faoi oiliúint) ag brath ar dhálaí gach cáis faoi leith. Beidh na rialacha maidir le soghluaisteacht ghearrthéarmach infheidhme go díreach ón 29 Samhain 2016.

*** Sampla:**

Is féidir le bainisteoir Indiach a bhfuil cead ICT Crótach aige fanacht ar feadh 170 lá (90 lá de shoghluaisteacht ghearrthéarmach san Iodáil agus ina dhiaidh sin 80 lá de shoghluaisteacht ghearrthéarmach sa Ghearmáin) le linn thréimhse 180 lá gan rialacha Schengen a sháru.

Soghluaisteacht fhadtéarmach (tréimhse 90 lá ar a mhéid in aghaidh an Bhallstáit den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir 2014/66/AE): Bíonn na rialacha maidir le soghluaisteacht fhadtéarmach ag brath ar an rogha a dhéanann an dara Ballstát ábhartha den Aontas atá faoi cheangal ag an Treoir sin agus é á thrasú aige (féach an tábla thíos). An dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir 2014/66/AE, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar cead cónaithe 'ICT soghluaiste' (nós imeachta um iarratais) a eisiúint don dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag an Treoir sin nó féadfaidh sé a roghnú na rialacha maidir le soghluaisteacht ghearrthéarmach a chur i bhfeidhm. Sa chéad chás, ní mór an cead cónaithe 'ICT soghluaiste' a cheangal; sa chás deiridh sin, tá feidhm ag na rialacha maidir le soghluaisteacht ghearrthéarmach.

Achoimre- nósanna imeachta a roghnú le haghaidh soghluaisteacht gearrthéarmach agus soghluaisteacht fadtéarmach

(gan aon nós imeachta / fógra / iarratas)

	Soghluaisteacht	Soghluaisteacht
--	-----------------	-----------------

	ghearrthéarmach	fhadthéarmach
BE	gan aon nós imeachta	iarratas
BG	gan aon nós imeachta	iarratas
CZ	gan aon nós imeachta	iarratas
DE	fógra	iarratas
EE	fógra	fógra
EL	fógra	fógra
ES	fógra	fógra
FR	fógra	iarratas
HR	gan aon nós imeachta	iarratas
IT	gan aon nós imeachta	iarratas

CY	fógra	iarratas
LV	gan aon nós imeachta	iarratas
LT	gan aon nós imeachta	iarratas
LU	fógra	iarratas
HU	fógra	iarratas
MT	fógra	iarratas
NL	fógra	iarratas
AT	gan aon nós imeachta	iarratas
PL	fógra	iarratas
PT	gan aon nós imeachta	iarratas
RO	fógra	iarratas
SI	fógra	iarratas
SK	fógra	fógra
FI	fógra	iarratas
SE	gan aon nós imeachta	iarratas

*** Bunús dlí:**

- [Treoir 2014/66/AE \(Airteagail 20 go 23\)](#)

5.13. Taighdeoirí agus daoine dá dteaghlach

Leis an scéim um shoghluaisteacht laistigh den Aontas a bunaíodh le Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁸¹ leagtar síos na rialacha féinrialaitheacha lena gceadaítear do thaighdeoirí agus do na daoine dá dteaghlach a bhfuil cead cónaithe nó

⁸¹ Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair *au pair* (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21).

víosa fadfhanachta acu a d'eisigh Ballstát atá faoi cheangal na bhforálacha a bhaineann leis an Treoir sin, lena n- áirítear daoine a bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta acu a d'eisigh Stát Schengen nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill, lena gceadaítear dóibh saorghluaiseacht a fheidhmiú agus chun teacht isteach, fanacht agus a bheith ag obair i gceann amháin nó i roinnt de na Ballstáit atá faoi cheangal na bhforálacha a bhaineann leis an Treoir sin (i.e. sna Ballstáit uile seachas an Danmhairg agus Éire).

Soghluaisteacht ghearrthéarmach (tréimhse 180 lá ar a mhéid in aon tréimhse 360 lá in aghaidh an Bhallstáit den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801).

Níl ceangal ar shealbhóirí cead taighde nó víosa fadfhanachta atá bailí nó cead cónaithe ó Bhallstát a bheith acu agus iad ag teacht isteach, má sholáthraíonn siad fianaise go bhfuil siad ag bogadh go dtí an dara Ballstát atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 i gcomhthéacs soghluaisteacht laistigh den Aontas arna húdarú faoin Treoir sin. Ní mór fianaise den sórt sin a chur ar fáil trí bhíthin:

- (a) cóip den fhógra a seoladh chuig na húdaráis inniúla den chéad Ballstát den Aontas agus chuig an dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 i gcomhréir le hAirteagail 28(2) den Treoir sin; nó
- (b) cóip den chomhaontú óstála lena sonraítear na mionsonraí faoi shoghluaisteacht an taighdeora nó, i gcás nach bhfuil mionsonraí faoin tsoghluaisteacht sonraithe sa chomhaontú óstála, litir ón eagraíocht taighde ón dara Ballstát atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 lena sonraítear ar a laghad fad na soghluaisteachta laistigh den Aontas agus suíomh na heagraíochta taighde ina bhfuil an dara Ballstát.

Daoine de theaghlach an taighdeora a bhfuil cead cónaithe acu, ní cheanglaítear orthu víosa bhailí nó cead cónaithe ón mBallstát ina bhfuil siad ag dul isteach ann a bheith acu, má sholáthraíonn siad fianaise go bhfuil siad ann in éineacht leis an taighdeoir atá ag bogadh go dtí an dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 i gcomhthéacs soghluaisteacht laistigh den Aontas arna húdarú faoin Treoir sin. Ní mór cruthúnas den sórt sin a chur ar fáil trí bhíthin cead cónaithe bailí arna eisiúint ag an gcéad Bhallstát den Aontas atá faoi cheangal ag an Treoir sin agus mar aon le

(a) cóip den fhógra a seoladh chuig na húdaráis inniúla den chéad Bhallstát den Aontas agus chuig an dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 i gcomhréir le hAirteagail 30(2) nó

(b) cruthúnas go bhfuil siad in éineacht leis an taighdeoir.

Tá cead ag taighdeoirí agus daoine dá dteaghlach fanacht in aon dara Ballstát amháin den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 suas le 180 lá ar a mhéid in aon tréimhse 360 lá. Tá fanachtaí gearrthéarmacha suas le 180 lá in aon tréimhse 360 lá in aghaidh an Bhallstáit den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 i mBallstáit eile den Aontas atá faoi cheangal ag an Treoir údaraithe agus d'fhéadfadh siad cur go mór le fad cónaithe uile an taighdeora agus na daoine dá dteaghlach ag brath ar chomhthéacs gach cáis faoi leith. Beidh na rialacha maidir le soghluaisteacht ghearrthéarmach infheidhme go díreach ón 24 Bealtaine 2018.

*** Sampla:**

Is féidir le taighdeoir Nigéarach a bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta Bhulgárach aige fanacht ar feadh 250 lá (150 lá de shoghluaisteacht ghearrthéarmach san Iodáil agus ina dhiaidh sin 100 lá de shoghluaisteacht ghearrthéarmach sa Ghearmáin) gan rialacha Schengen a shárú.

Soghluaisteacht fhadtéarmach (tréimhse níos mó ná 180 lá in aghaidh an Bhallstáit den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801): Tá na rialacha maidir le soghluaisteacht fhadtéarmach ag brath ar an rogha a rinne an dara Ballstát ábhartha den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 agus an Treoir sin á trasú (féach an tábla thíos.) An dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801, féadfaidh sé a cheangal go ndéanfar cead cónaithe nó víosa fadfhanachta agus ‘soghluaisteacht taighdeora’ á lua leis (nós imeachta um iarratais) a eisiúint don dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag an Treoir sin nó féadfaidh sé a roghnú na rialacha maidir le soghluaisteacht ghearrthéarmach a chur i bhfeidhm. Sa chéad chás, ní mór an cead cónaithe nó víosa fadfhanachta ‘soghluaisteacht taighdeora’ a cheangal: sa chás deiridh sin, tá feidhm ag na rialacha maidir le soghluaisteacht ghearrthéarmach. Is ionann an nós imeachta le haghaidh na ndaoine dá dteaghlach agus an nós imeachta a chuirfear i bhfeidhm don taighdeoir.

Achoimre - nósanna imeachta a roghnú le haghaidh soghluaisteacht ghearrthéarmach agus soghluaisteacht fhadthéarmach

(gan aon nós imeachta / fógra / iarratas)

	Soghluaisteacht ghearrthéarmach	Soghluaisteacht fhadthéarmach
BE	(gan aon nós imeachta)	(iarratas)
BG	fógra	iarratas
CZ	gan aon nós imeachta	gan aon nós imeachta
DE	fógra	iarratas
EE	fógra	fógra
EL	fógra	iarratas
ES	fógra	fógra
FR	fógra	fógra
HR	gan aon nós imeachta	iarratas
IT	fógra	iarratas
CY	fógra	iarratas
LV	gan aon nós imeachta	iarratas
LT	gan aon nós imeachta	iarratas
LU	fógra	iarratas
HU	fógra	iarratas
MT	fógra	iarratas
NL	fógra	iarratas
AT	gan aon nós imeachta	iarratas
PL	fógra	iarratas

PT	gan aon nós imeachta	iarratas
RO	fógra	iarratas
SI	fógra	iarratas
SK	fógra	fógra
FI	fógra	fógra
SE	gan aon nós imeachta	iarratas

*** Bunús dlí:**

[Treoir \(AE\) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair *au pair* \(Airteagail 27, 28, 29, 30 agus 32\)](#)

5.14. Mic léinn

Leis an scéim um shoghluasteacht laistigh den Aontas a bunaíodh le Treoir (AE) 2016/801, leagtar síos rialacha féinrialaitheacha lena gceadaítear do shealbhóirí cead cónaithe nó víosa fadfhanachta do mhic léinn arna eisiúint ag Ballstát den Aontas atá faoi cheangal na bhforálacha a bhaineann leis an Treoir sin, lena n-áirítear daoine a bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta acu arna eisiúint ag Stát Schengen nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill agus a chumhdaítear faoi chlár Aontais nó clár iltaobhach atá comhdhéanta de bhearta soghluaisteachta nó de chomhaontú idir dhá institiúid ardoideachais nó níos mó, saorghluaiseacht a fheidhmiú agus teacht isteach, fanacht agus taighde a dhéanamh i gceann amháin nó i roinnt de na Ballstáit atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 (i.e. sna Ballstáit uile seachas an Danmhairg agus Éire) ar feadh tréimhse nach faide ná 360 lá in aghaidh an Bhallstáit atá faoi cheangal ag an Treoir.

Sealbhóirí cead cónaithe nó víosa fadfhanachta do mhic léinn a thagraíonn do chlár nó do chomhaontú ar leith, ní cheanglaítear orthu víosa bhailí nó cead cónaithe ón mBallstát den Aontas ina bhfuil siad ag dul a bheith acu, má sholáthraíonn siad cruthúnas go bhfuil siad ag bogadh go dtí an dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 i gcomhthéacs soghluaisteacht laistigh den Aontas arna húdarú faoin Treoir sin. Ní mór fianaise den sórt sin a chur ar fáil trí bhíthin:

- (a) cóip den fhógra a seoladh chuig na húdaráis inniúla den chéad agus den dara Ballstát den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 i gcomhréir le hAirteagal 31(2); nó
- (b) fianaise a léiríonn go ndéanann an mac léinn cuid dá taighde sa dara Ballstát atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 faoi chuimsiú clár Aontais nó clár iltaobhach atá comhdhéanta de bhearta soghluaisteachta nó de chomhaontú idir dhá institiúid ardoideachais nó níos mó.

Tá tréimhsí fanachta ina dhiaidh sin suas le 360 lá in aghaidh an Bhallstáit den Aontas atá faoi cheangal ag Treoir (AE) 2016/801 i mBallstáit eile den Aontas atá faoi cheangal ag an Treoir údaraithe agus d'fhéadfaidís a bheith ina gcuid mhór d'fhad cónaithe uile na mac léinn ag brath ar chomhthéacs gach cáis faoi leith. Beidh na rialacha maidir le soghluaisteacht mac léinn infheidhme go díreach ón 24 Bealtaine 2018.

*** Sampla:**

D'fhéadfadh mac léinn Meiriceánach ag a bhfuil cead cónaithe do mhic léinn ón Rómáin agus atá ag glacadh páirt i gclár Erasmus+ in Ollscoil sa Ghearmáin fanacht ar feadh 360 lá ar a mhéid sa Ghearmáin gan na rialacha Schengen a shárú.

Achoimre - nós imeachta roghnaithe le haghaidh shoghluaisteacht an mhic léinn

(gan aon nós imeachta / fógra)

	Soghluaisteacht mac léinn
BE	(fógra)
BG	fógra
CZ	gan aon nós imeachta
DE	fógra
EE	gan aon nós imeachta
EL	fógra
ES	fógra
FR	fógra
HR	gan aon nós imeachta
IT	fógra
CY	fógra
LV	gan aon nós imeachta
LT	gan aon nós imeachta
LU	fógra
HU	fógra
MT	fógra
NL	fógra
AT	gan aon nós imeachta
PL	fógra

PT	fógra
RO	fógra
SI	fógra
SK	fógra
FI	fógra
SE	fógra

*** Bunús dlí:**

[Treoir \(AE\) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair *au pair* \(Airteagail 27, 31 agus 32\).](#)

5.15. Tairbhíthe den Chomhaontú um Tharraingt Siar

Le hIarscríbhinní 42 agus 43 a ghabhann leis an lámhleabhar seo, tugtar soiléirithe mionsonraithe maidir leis an gcóireáil a chuirfear ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, agus ar bhaill dá dteaghlaigh atá ina dtairbhíthe de Chuid a Dó den Chomhaontú um Tharraingt Siar a bhaineann le cearta na saoránach, ag na teorainneacha seachtracha, ón 1 Eanáir 2021⁸². Déanfar treoraíocht a eisiúint maidir le neamh- áireamh Tairbhíthe ar an gComhaontú um Tharraingt Siar in EES agus in ETIAS níos giorra do theacht i bhfeidhm an dá chórais seo.

Chun gach críche agus gach ceiste seachas na iad siúd a chumhdaítear go sainráite in Iarscríbhinní 42 agus 43 chomh maith leis an treoraíocht atá le teacht i ndáil le EES agus ETIAS, ní mór déileáil le náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe agus na baill dá dteaghlaigh atá ina dtairbhíthe den Chomhaontú um Tharraingt Siar ar an tslí chéanna le haon náisiúnach tríú tír eile atá ina gcónaí go dlíthiúil i Stát Schengen.

⁸²

Airítear freisin le hIarscríbhinn 42 i Roinn 2 tagairt do Chomhaontuithe um Tharraingt Siar eile arna dtabhairt i gcrích idir an Ríocht Aontaithe agus na Stáit atá bainteach le Schengen.

Maidir leis na cearta saorghluaiseachta a bhí á bhfeidhmiú ag tairbhithe den Chomhaontú um Tharraingt Siar roimhe, a bhí acu mar shaoránaigh den Aontas, marthanaíodh ina Stát óstach agus sa Stát sin amháin iad. I ndáil le gluaiseacht chuig Stáit Schengen seachas chuig a Stát óstach, táthar le hiad a láimhseáil mar náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dlíthiúil sa Stát óstach sin.

6. DOICIMÉID TAISTIL A STAMPÁIL

- 6.1. Go dtí go gcuirfear tús le hoibriú an Chórais Iontrála/Imeachta, ní mór doiciméid taistil gach náisiúnaigh tríú tír a stampáil go córasach ar dhul isteach agus ar imeacht dóibh. Níl an stampáil ina cruthúnas go ndearnadh seiceáil chuimsitheach; ní bhunaítear leis ach amháin, go cinnte, an t- am agus an t- ionad a trasnaíodh an teorainn. Tá an stampáil beartaithe freisin chun a áirithiú go bhféadfar a fhíorú, le linn seiceálacha ar dhul isteach agus ar imeacht, ar urramaíodh uasfhad fhanacht náisiúnaigh tríú tír i limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha nó ar chríoch na Bulgáire, na Cróite, na Cípire agus na Rómáine arna nglacadh ar leithligh – 90 lá in aon tréimhse 180 lá.
- 6.2. Ní gá stampa dul isteach nó imeachta a ghreamú sna cásanna a leanas:
- (a) ar dhoiciméad taistil náisiúnach de Bhallstáit an Aontais, na hIorua, na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hEilvéise;
 - (b) doiciméid taistil Chinn Stáit agus daoine mór le rá ar fógraíodh a dteacht go hoifigiúil roimh ré trí chainéil taidhleoireachta;
 - (c) ceadúnais phíolótaí nó teastais bhaill d'aerchriú;
 - (d) doiciméid taistil maraithe nach mbíonn i láthair ar chríoch Stát Schengen ach amháin nuair a thagann a long i dtír agus i gceantar an chalafoirt cuarda;
 - (e) doiciméid taistil criú agus paisinéirí loinge cúrsála nach bhfuil faoi réir seiceálacha teorann, sna cásanna dá bhforáiltear i [bpointe 2, Roinn IV](#);
 - (f) doiciméid lena gcuirtear ar a gcumas do náisiúnaigh Andóra, Mhonacó agus San Mairíne an teorainn a thrasnú;
 - (g) doiciméid cónaitheoirí teorann a thairbhíonn de chóras an tráchta teorann áitiúil ([pointe 3, Roinn II](#));

- (h) doiciméid taistil chriúnna traenacha paisinéirí agus earraí agus iad ar naisc idirnáisiúnta;
- (i) doiciméid taistil náisiúnach tríú tíortha a chuireann cárta cónaithe i láthair dá bhforáiltear i dTreoir 2004/38/CE agus arna eisiúint ag Ballstát den Aontas nó ag tír EEA, go neamhspleách cé acu atá siad ag tionlacan an tsaoránaigh den Aontas nó de LEE nó ag dul chomh fada leis.

Le hAirteagal 11(1) de Chód Teorainneacha Schengen, soiléirítear go bhféadfaidh Ballstát, ar dhul isteach agus ar imeacht, stampáil a dhéanamh ar dhoiciméad taistil na náisiúnach tríú tír sin a bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta acu arna eisiúint ag an mBallstát sin. I gcomparáid leis sin, bheadh an fheidhm chéanna ag tairbhíthe maidir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar. Ní mheasann an Coimisiún, áfach, gur fóna stampáil den sórt sin ós rud é gurb é cuspóir na stampála a shuí ar chloígh náisiúnach tríú tír le fad údaraithe an fhanachta ghearrthearmaigh san Aontas laistigh de limistéar gan rialú ag teorainneacha inmheánacha agus nach féidir an loighic seo a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead fanachta fhadtéarmaigh acu. Dá bhrí sin molann an Coimisiún – go háirithe i leith tairbhíthe den Chomhaontú um Tharraingt Siar – staonadh ó stampáil a dhéanamh. In aon chás, má tharlaíonn sé go ndéantar stampáil mar sin féin, ní féidir le stampáil den sórt sin difear a dhéanamh d’fhad an fhanachta fhadtéarmaigh údaraithe.

Ní mór doiciméad taistil de bhaill teaghlaigh shaoránaigh an Aontais, shaoránaigh LEE agus shaoránaigh CH ar náisiúnaigh tríú tíortha iad a stampáil freisin, mura gcuireann siad ar fáil cead cónaithe arna eisiúint i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE. Le Rialachán (AE) 2019/1157 tugadh formáidí comhchuibhithe isteach agus tá feidhm ag an Rialachán san Aontas ón 2 Lúnasa 2021 amach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil formáid aonfhoirmeach ag cártaí cónaithe nó ag cárta buanchónaithe arna n-eisiúint ón 2 Lúnasa 2021 (féach pointe 2.8 den Roinn seo). Maidir leis na doiciméid taistil sin a eisíodh roimhe sin, fiú mura dtugtar fógra de bhun Airteagal 39 de Chód Teorainneacha Schengen maidir le cead cónaithe a eisíodh faoi Threoir 2004/38/CE, tá sé de cheangal ar na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil nach gá víosa a bheith ag an sealbhóir chun teacht isteach. Go deimhin, tagann an oibleagáid seo go díreach ó Threoir 2004/38/CE.

*** Samplaí:**

1) Náisiúnach de chuid na hIndia, arb í céile náisiúnach de chuid na Gearmáine í agus sealbhóir cead cónaithe na hÍsiltíre (a léiríonn a saintréith mar bhall de theaghlach shaoránach den Aontas): níor cheart go ndéanfar stampáil ar dhoiciméad taistil an duine sin, is cuma cé acu atá sí ag tionlacan a céile nó ag dul chomh fada leis.

2) Céile Moldávach náisiúnach de chuid na hIodáile, a bhfuil cárta cónaithe Éireannach aici (a léiríonn a saintréith mar bhall de theaghlach shaoránach den Aontas), ní mór gan doiciméad taistil an duine sin a stampáil, is cuma cé acu atá an céile Moldávach in ag tionlacan a céile nó ag dul chomh fada leis.

3) Náisiúnach de chuid na hIndia, céile saoránaigh de chuid na Fraince, ag bhfuil víosa Schengen ach nach bhfuil cárta cónaithe aige (go fóill), ag dul chomh fada leis an saoránach de chuid na Fraince sa Ghearmáin: sa chás seo, ní mór doiciméad taistil an duine a stampáil.

- 6.3. Mar eisceacht, má iarrann náisiúnach tríú tír air, agus má tá baol ann go mbeadh cur isteach de stampa dul isteach nó imeachta ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha don duine, is féidir an stampa a chur ar bhileog ar leithligh. Ní mór an bhileog sin a thabhairt don náisiúnach tríú tír.

6.4. D'fhéadfadh sé tarlú freisin, sa chleachtas, nach mbeadh an doiciméad a cheadaíonn do náisiúnach tríú tír an teorainn a thrasnú oiriúnach chun stampa a chur ann a thuilleadh mar nach bhfuil aon leathanach eile ann. I gcás den sórt sin, ní mór a mholadh don náisiúnach tríú tír pas nua a iarraidh, ionas go mbeifear in ann leanúint le stampaí a chur ann amach anseo.

Mar eisceacht, áfach - agus go háirithe i gcás comaitéirí a thrasnaíonn an teorainn go tráthrialta - is féidir bileog ar leithligh a úsáid, lena mbeifear in ann tuilleadh stampaí a chur ann. Ní mór an bhileog sin a thabhairt don náisiúnach tríú tír.

In aon chás, ní foras leordhóthanach ann féin é easpa leathanach folamh i bpas chun cead isteach a dhiúltú do dhuine (féach [pointe 8 den Roimn seo](#), maidir le foras chun cead isteach a dhiúltú).

*** Cleachtas molta:**

Ní mór na mionsonraí a leanas a bheith sa bhileog dá dtagraítear i bpointe 6.3 agus i bpointe 6.4, mar íoscheanglas:

- ainm agus suíomh na bpost teorann;
- dáta eisiúna;
- ainm shealbhóir an doiciméid taistil;
- uimhir an doiciméid taistil;
- stampa agus séala oifigiúil an phointe trasnaithe teorann;
- ainm agus síniú an gharda teorann.

6.5. I gcás náisiúnaigh tríú tír ag dul isteach agus ag imeacht, ní mór dóibh a bheith faoi réir na hoibleagáide víosa, ní mór, mar riail ghinearálta, an stampa a ghreamú ar an leathanach ar aghaidh an leathanaigh ar a mbeidh an víosa greamaithe. Má bhíonn gá le roinnt stampaí a ghreamú (mar shampla, i gcás víosa il- iontrála), ní mór é sin a dhéanamh ar an leathanach ar aghaidh an leathanaigh dá bhfuil an víosa greamaithe. Murar féidir an leathanach sin a úsáid, ní mór an stampa a chur ar an gcéad leathanach eile. Níor cheart stampa a chur ar an limistéar atá inléite ag meaisín, agus níor cheart stampaí a chur ar leathanaigh ina bhfuil sonraí pearsanta nó leathanaigh eile ina scríobhtar nótaí foirmiúla.

*** Cleachtais mholta:**

- ba cheart stampaí a chur, más féidir é, in ord cróineolaíoch chun gur fusa é an dáta a aimsiú ón tráth deireanach a thrasnaigh an duine an teorainn;
- ba cheart an stampa dul amach a ghreamú gar don stampa dul isteach;
- ba cheart an stampa a ghreamú go cothrománach ionas go mbeadh sé soléite;
- níor cheart aon stampa a ghreamú ar stampaí atá ann cheana féin, lena n- áirítear stampaí atá greamaithe ag tíortha eile.

6.6. Úsáidtear stampaí éagsúla chun cruthúnas a thabhairt ar theacht isteach agus imeacht (stampa le cruth dronuilleoige air le haghaidh teacht isteach, agus cruth dronuilleoige air le coirnéil chiorclacha). Sna stampaí seo tá na litreacha a shonraíonn an tír agus a léiríonn an post teorann, an dáta, uimhir na seiceála, chomh maith le picteagram a léiríonn an chóir iompair a úsáideadh ar theacht isteach agus ar imeacht (thar tír, ar aer nó ar muir).

Is féidir ceisteanna maidir le stampaí dul isteach agus stampaí dul amach, chomh maith le doiciméadacht a bhaineann le stampaí bréagacha, brionnaithe, cailte nó atá greamaithe go míchruinn, a ardú [leis an bpointe teagmhála](#) arna bhunú ag gach Stát Schengen chun na críche sin.

6.7. Ní mór do gach pointe trasnaithe teorann taifead a choimeád de na stampaí isteach agus na stampaí amach a tugadh amach agus a tugadh ar ais ag gach garda teorann a dhéanann na seiceálacha sin. Áireofar leis sin tagairt do gach stampa faoi seach, a bhféadfaidh gá a bheith ann iad a úsáid chun críoch comparáideachta.

I gcás nach n- úsáidtear na stampaí, ní mór iad a chur faoi ghlas agus ba cheart rochtain orthu sin a bheith teoranta do na gardaí teorann atá údaraithe.

6.8. Ní mór na cóid slándála ar na stampaí a athrú go tráthrialta ag eatraimh nach faide ná 1 mhí amháin.

- 6.9. Más cosúil, ar imeacht dó nó di, go bhfuil doiciméad taistil an náisiúnaigh tríú tír gan aon stampa dul isteach, féadfaidh an garda teorann a thiomhdiú go ndeachaigh an sealbhóir isteach i limistéir gan teorainneacha inmheánacha nó i gcríoch Stáit Schengen nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill agus/nó nach bhfuil uasfhad aon fhanachta sáraithe aige nó aici. Má tá, féadfar pionós dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta a ghearradh.
- 6.10. Sa bhreithiúnas uaithi an 5 Feabhra 2020, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Clárú mairnéalach i gCalafort Rotterdam) (C-341/18), chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, maidir le cás an-sonrach ar a bhfuil Cód Teorainneacha Schengen bunaithe, eadhon go leanfaí rialú teorann ‘*go luath ina dhiaidh sin*’ le himeacht/hiontráil fhisiciúil, nár urramaíodh é ar bhealach follasach (5-10 seachtain de mhóil idir clárú ar long agus imeacht na loinge) nár cheart an dáta atá ar an stampa dul amach a bheith comhfhreagrach le dáta na seiceála ar imeacht ach ba cheart é a bheith comhfhreagrach leis an dáta imeachta iarbhír (trasnú fhisiciúil teorainneacha seachtracha).

Tá discríd fós ag na Ballstáit maidir le ‘go luath tar éis’ a léirmhíniú. Níor cheart an uastréimhse a bhfuil glacadh leis a bheith níos faide ná 10 lá riamh. Féadfaidh na Ballstáit uastréimhsí níos giorra a shocrú freisin (nár cheart a bheith níos giorra ná 3 lá) agus féadfaidh siad tréimhsí éagsúla a leagan síos le haghaidh imthosca tráthrialta agus imthosca eisceachtúla. Ba cheart dáta an stampa dul amach a bheith comhfhreagrach le dáta na seiceála ar imeacht (agus ní leis an bhfiordháta imeachta) mura dtarlaíonn an fiordháta imeachta i ndiaidh na huastréimhse a bhfuil glacadh léi ag an mBallstát ábhartha.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagal 11 agus Iarscríbhinn IV\)](#)
- [Treoir 2004/38/CE \(Airteagal 5\)](#)
- [Coinbhinsiún Schengen \(Airteagal 21\)](#).
- [Liosta de phointí teagmhála chun faisnéis a mhalartú maidir le cóid slándála faoi stampaí dul isteach agus imeachta](#)

7. SEICEÁLACHA A MHAOLÚ

- 7.1. Seiceálacha teorann ag teorainneacha seachtracha nó ag teorainneacha inmheánacha nár cuireadh deireadh le rialuithe acu go fóill, féadfar iad a mhaolú mar thoradh ar imthosca eisceachtúla gan choinne. Bíonn imthosca eisceachtúla gan choinne ann nuair a fhágann teagmhais nach bhféadfaí a thuar go bhfuil an trácht chomh dian sin go mbeidh an t- am feithimh ag an bpointe trasnaithe teorann iomarcach agus go bhfuil na hacmhainní uile ídithe ó thaobh foirne, saoráidí agus eagrúcháin. D'fhéadfadh an cás a bheith mar seo, mar shampla, má tá tuile nó tubaiste nádúrtha eile ann a chuireann cosc ar thrasnú a dhéanamh ag pointí trasnaithe teorann eile, ionas go gcuirfear na sreabha tráchta ó roinnt pointí trasnaithe teorann chuig aon phointe trasnaithe teorann amháin.
- 7.2. Is éard atá i gceist le ham feithimh 'iomarcach' a chinneadh measúnú a bhíonn ag brath ar roinnt gnéithe a dhéanann an garda teorann atá i gceannas ar an bpointe trasnaithe teorann. I bhfianaise chineál an mhaolaithe mar eisceacht ar sheiceálacha córasacha a dhéanamh, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint do chuspóir Chód Teorainneacha Schengen agus a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ar shlándáil sna Stáit Schengen mar thoradh air sin, ní mór go n- oibreoidh an measúnú faoi threoir chritéir choiteanna. Mar riail ghinearálta molann an Coimisiún foráil a dhéanamh maidir le maolú ach amháin más rud é gur baineadh úsáid a mhéid agus is féidir as na hacmhainní ar fad atá ar fáil agus go mbainfidh iarmhairtí le teagmhas gan choinne a mbeadh d'éifeacht acu (nó ar dócha go mbeadh d'éifeacht acu) tréimhsí feithimh níos mó ná 60 nóiméad.
- 7.3. Is gá i gcónaí idirdhealú a dhéanamh go soiléir idir na réasúin chun úsáid shealadach a bhaint as *seiceálacha spriocdhírthe* faoi Airteagal 8(2a) de Chód Teorainneacha Schengen (féach pointe 2.3) agus na réasúin le haghaidh *maoluithe* faoi Airteagal 9 de Chód Teorainneacha Schengen. Cé go bhféadfaidh na bun- dúshláin a bheith cosúil le chéile, amhail saincheisteanna bonneagair, saincheisteanna maidir le próiseáil TF, le hagai neamhfhónaimh córas TF agus, nó, trácht trom/buaicphointe shéasúr na turasóireachta, as a n- eascraíonn tréimhsí feithimh iomarcacha, is í an *dothuarthacht* an príomhchritéar a léiríonn an call atá le maoluithe. Féadfaidh cásanna áirithe a bheith 'neamh- intuatha', amhail tranglam tráchta mar gheall ar thimpistí bóthair, fadhbanna TF nach bhfuil súil leo nó na cásanna dá dtagraítear i bpointe 7.1. I gcásanna eile, amhail trácht trom ar bhóithre nó aerthrácht trom le linn shéasúr na turasóireachta nó le linn uasdátú TF, mar riail ghinearálta tá siad 'intuatha' agus dá bhrí sin ní chumhdaítear iad. I gcásanna a chomhlíonann an ceanglas de theagmhas

neamh- intuatha, ní mór aird chuí a thabhairt ar an gceanglas maidir leis na hacmhainní ar fad a mhéid a bhaineann le foireann, saoráidí agus eagar a ídiú roimh úsáid a bhaint as maoluithe nár cheart iad a úsáid ach amháin mar bheart atá ina rogha dheiridh.

*** Seicliosta sula ndéantar cinneadh maidir le seiceálacha teorann a mhaolú:**

1. An bhfuil na dálaí eisceachtúil agus neamh- intuatha i ndáiríre (agus níl baint acu le buaicphointe séasúrach tráchta atá intuatha)?
2. An bhfuil na hacmhainní go léir ídithe a mhéid a bhaineann le foireann, saoráidí agus eagar?
3. An bhfuil tréimhsí feithimh níos faide ná 60 nóiméad ann mar thoradh ar na dálaí (nó ar dócha é a bheith mar thoradh)? (NB: ní gá fanacht go dtí go bhfuil an tréimhse feithimh imithe chomh fada sin, is féidir an maolú a fheidhmiú roimhe sin.)

- 7.4. I gcás ina ndéantar seiceálacha teorann a mhaolú, i bprionsabal, ní mór tosaíocht ag seiceálacha teorann ar ghluaiseachtaí isteach ar sheiceálacha teorann ar ghluaiseachtaí imeachta. Ní mór don gharda teorann a bheith i gceannas ag an bpointe trasnaithe teorann an cinneadh seiceálacha a mhaolú. Ní mór maolú den sórt sin ar sheiceálacha a bheith sealadach, ní mór iad a chur in oiriúint d'imthosca atá mar údar leis agus ní mór é a thabhairt isteach de réir a chéile.
- 7.5. Fiú amháin i gcás ina ndéantar na seiceálacha a mhaolú, ní mór go ndéanfaidh an garda teorann doiciméid taistil náisiúnach tríú tír a stampáil ar dhul isteach agus ar imeacht dóibh, i gcomhréir le [pointe 6 den Roinn seo](#) agus ní mór go ndéanfaidh siad ar a laghad seiceáil ina ndeimhnítear céannacht an náisiúnaigh tríú tír.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagal 9\)](#)

8. CEAD ISTEACH A DHIÚLTÚ

- 8.1. Sna cásanna a leanas, ní mór teacht isteach a dhiúltú do náisiúnaigh tríú tír:
- (a) nach bhfuil doiciméad taistil bailí/doiciméid thaistil bhailí aige/aici;
 - (b) go bhfuil doiciméad taistil bréige (góchumtha/brionnaithe) aige nó aici;

- (c) nach bhfuil víosa bhailí, nuair atá gá leis, cead cónaithe nó víosa fadfhanachta aige nó aici arna eisiúint ag Stát Schengen⁸³;
- (d) go bhfuil víosa nó cead cónaithe bréagach (góchumtha/brionnaithe) ina seilbh acu;
- (e) nach bhfuil na doiciméid chuí aige nó aici ar chruthúnas iad ar chuspóir agus coinníollacha an fhanachta;
- (f) gur fhan siad ar feadh 90 lá cheana féin le linn aon tréimhse 180 lá (eadhon fad ar ina leith a fhéachtar ar an tréimhse 180 lá a thagann roimh gach lá fanachta) sa limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha nó i gcríoch na Bulgáire, na Cróite, na Cipire nó na Rómáine;
- (g) níl acmhainn leordhóthanach cothabhála aige nó aici i ndáil leis an tréimhse agus leis an gcineál fanachta, nó níl acmhainn leordhóthanach aige nó aici le filleadh ar an tír bhunaidh nó ar an tír idirthurais;
- (h) nach daoine iad a bhfuil foláireamh maidir le cead isteach a dhiúltú eisithe ina leith in SIS⁸⁴ nó i mbunachair sonraí náisiúnta;
- (i) gur baol é/í do bheartas poiblí, slándáil inmheánach, sláinte phoiblí nó caidreamh ceann amháin nó níos mó de Stáit Schengen.

*** Samplaí:**

1) Tá foireann rothaithe ón Nigéir ag dul go dtí an Tuirc agus maíonn siad go bhfuil siad ag glacadh páirt i rás rothaíochta atá ar siúl ann. Tháinig siad go Aerfort Vársá (PL) ag maíomh go rachaidís chuig an Tuirc ar bus. Léiríodh le linn seiceáil ar an gcéad líne, cé go bhfuil víosa bhailí acu chun idirthuras a dhéanamh tríd an bPolainn, nach bhfuil víosa bhailí chun dul isteach sa Tuirc acu. Déantar scrúdú níos deimhne sa tseiceáil ar an dara líne, ina gcuireann siad doiciméad ar fáil a dheimhníonn go bhfuil siad ag glacadh páirt sa rás agus maíonn siad nach mbeidh aon fhadhb acu víosaí a fháil ag teorainn na Tuirce. Níl na rothair ag na rothaithe, áfach, agus níl siad in ann a mhíniú go héifeachtach cá háit

⁸³ Níl cead cónaithe nó víosa fadfhanachta arna eisiúint ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir ná ag an Rómáin bailí le haghaidh teacht isteach i gcríoch an limistéir nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha.

⁸⁴ Níl sé de cheangal ar ghardaí teorann sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa Rómáin cead isteach a dhiúltú do náisiúnaigh trí tír a bhfuil foláireamh maidir le teacht isteach eisithe ina leith in SIS.

agus conas a gheobhaidh siad na rothair agus iad sa Tuirc. Tar éis dul i gcomhairle le gardaí teorann na Tuirce faoin gceist seo, agus ag a dtuairim dhiúltach maidir leis an bhféidearthacht atá ann víosa a eisiúint ag an teorainn i gcás den sórt seo san áireamh, déantar an cinneadh cead isteach a dhiúltú.

2) Tagann saoránach de chuid na Moldóive chuig an teorainn sheachtrach i gcarr, ag maíomh go bhfuil sé ag taisteal go dtí an Ghearmáin chun críoch turasóireachta. Faightear amach le linn seiceáil ar an gcéad líne nach bhfuil an taistealaí in ann aon doiciméad a thaispeáint (áirithint in óstán, litir lenar tugadh cuireadh etc), a chruthaíonn cá mbeidh sé ag fanacht sa Ghearmáin agus níl sé in ann a chruthú ach an oiread go bhfuil cóir leordhóthanach mhaireachtála aige chun fanacht agus filleadh. I gcás den sórt sin, déantar an cinneadh cead isteach a dhiúltú.

3) Tagann saoránach de chuid na Túinéise chuig aerfort Schiphol (NL). Is é is cuspóir don taisteal aige cuairt a chur ar a ghaolta (deartháireacha agus deirfiúracha) a bhfuil cónaí orthu sa Bhruiséil (BE). Tá víosa Schengen atá bailí aige, ticéad fillte agus litir lenar tugadh cuireadh dó/gealltanais óna óstaigh a bhfuil cónaí orthu sa Bheilg. Níl an litir seo fíordheimhnithe ag na húdaráis Beilgeacha inniúla (mar a cheanglaítear le dlí na Beilge). I gcás den sórt sin, sula ndéanfar cinneadh maidir le teacht isteach a cheadú nó a dhiúltú, ba cheart tuilleadh fíoruithe a dhéanamh amhail: an pas a scrúdú le feiceáil an bhfuair an duine sin víosaí Schengen roimhe seo agus ar baineadh úsáid astu go dleathach; comparáid a dhéanamh ar stampaí dul isteach/stampaí dula amach le feiceáil ar sháraigh an duine sa limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha roimhe seo; teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis Bheilgeacha inniúla ag iarradh orthu na fíoruithe is gá dhéanamh maidir leis na hóstaigh. Is é is cuspóir do na fíoruithe seo seiceáil a dhéanamh ar mheon macánta an duine; déanfar cinneadh ar bhonn thorthaí na bhfíoruithe sin.

4) Tuirlingíonn eitleáin ó Shanghai in aerfort Helsinki- Vantaa (FI). Tá éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar inní ar leibhéal idirnáisiúnta fógartha ag EDS (ar bhonn an riosca maidir le SARS), lena n- éilítear réamhchúraimí diana a ghlacadh maidir le gach paisinéir ag teacht ón tSín. Iarrtar ar gach paisinéir cárta aimsiúcháin a líonadh isteach, lena n- áirítear uimhir an tsuíocháin a bhí acu ar an eitleán agus mionsonraí teagmhála i gcás inar gá iad a rianú ina dhiaidh sin. Sa chríochfort, téann na paisinéirí ar fad trí phasáiste,

atá sainithe go speisialta, ina bhfuil trealamh leighis suiteáilte. Léiríonn roinnt náisiúnach de chuid na Síne agus den Aontas go bhfuil siomptóim de SARS orthu agus go bhfuil siad fós ionfhabhtaíoch. Tar éis dul i gcomhairle le dochtúirí, déantar an cinneadh cead isteach a dhiúltú do na náisiúnaigh de chuid na Síne (ar choinníoll nach dteastaíonn cóireáil leighis láithreach uathu) agus na náisiúnaigh den Aontas a chur san ospidéal láithreach mar gheall ar an mbagairt thromchúiseach maidir le leathadh an ghalair. Déantar teagmháil le paisinéirí eile a bhí ar an eitleán trí na mionsonraí atá ar na cártaí aimsiúcháin agus fiafraítear díobh dul i dteagmháil le dochtúir. Ní eisiatar leis seo nach bhféadfaí bearta eile a ghlacadh, amhail coraintín, i gcás inarb iomchuí agus i gcás ina bhfuil údar cuí leis sin ar fhorais sláinte poiblí.

5) Tagann grúpa de lucht leanta na peile ón Tuirc chuig an teorainn sheachtrach. Taistealaíonn siad ar bhus. Léirítear le linn na seiceálacha teorann go bhfuil siad i seilbh ar roinnt uirlisí contúirteacha amhail slacáin, nuinseacú, sceana agus ábhair eile a d'fhéadfaí a úsáid in aghaidh daoine. Sa chás seo, ní mór cead isteach a dhiúltú ar fhorais beartais phoiblí, mura nglacann leis na taistealaithe an trealamh contúirteach a thabhairt suas sula dtrasnaíonn siad teorainn na Polainne.

6) Tagann grúpa turasóirí óga de chuid Mharacó atá ag taisteal ar bhád farantóireachta ó Thanger chuig an gcalafort in Alicante (ES). Mar chuid de chúrsa taistil an ghrúpa, beidh siad ag dul go dhá chathair sa Spáinn (Barcelona agus Maidrid) agus roinnt cathracha sa Fhrainc. Beidh siad ag filleadh ar Mharacó ar eitleán ó aerfort Paris- Charles de Gaulle; tá ticéid bhailí acu le haghaidh an turais fhille. Léirítear le linn na seiceálacha teorann nach bhfuil víosa Schengen bailí ag aon duine acu, agus maítear gurbh é easpa ama ba chúis leis sin. Dearbhaítear cuspóir an turais agus tá acmhainn leordhóthanach cothabhála ag na taistealaithe. Ní féidir leis an duine a chruthú ar aon bhealach nach raibh sé in ann cur isteach ar víosa roimh ré ná go raibh cúiseanna neamh- intuartha nó cúiseanna dianriachtanacha le cead isteach a cheadú dó. I gcás den sórt sin, agus gan aon oibleagáid ar fhorais dhaonnúla ná/nó oibleagáidí idirnáisiúnta, ní mór cead isteach a dhiúltú don duine gan víosa.

7) Tá teaghlach Rúiseach ag trasnú teorainn na hEastóine i ngluaisteán. Is cosúil go bhfuil fadhb mheicniúil thromchúiseach ag an bhfeithicil, áfach (i.e. níl na coscáin ag feidhmiú i gceart), rud a d'fhéadfadh daoine eile a chur i mbaol. I ndálaí den sórt sin, ní

féidir cead isteach a chéadú do na daoine sin leis an ngluaisteán go dtí go bhfuil an fhadhb réitithe. Má chomhlíontar na coinníollacha eile ar fad, ní mór cead isteach a thabhairt dóibh dul isteach ar an gcríoch ag siúl nó ar mhodhanna eile.

8) Saoránach de chuid na Somáile, ag a bhfuil gnáthphas na Somáile agus cead cónaithe arna eisiúint ag Stát Schengen eile a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine, atá ag iarraidh dul isteach i gcríoch Phoblacht na Seice chun idirthuras a dhéanamh go dtí an Stát Schengen eile sin. Ní áirítear an duine sna bunachair sonraí náisiúnta chun cead isteach a dhiúltú. Ní aithníonn Poblacht na Seice gnáthphasanna na Somáile. Airítear leis na coinníollacha maidir le dul isteach a leagtar síos in Airteagal 6(1) de Chód Teorainneacha Schengen doiciméad taistil bailí a bheith i seilbh an duine a thugann teideal don sealbhóir an teorainn sheachtrach a thrasnú. Níl aon ordlathas foirmiúil ann maidir le coinníollacha maidir le dul isteach den sórt sin áfach; tá feidhm ag na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 6(5) de Chód Teorainneacha Schengen d'aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 d'Airteagal 6 de Chód Teorainneacha Schengen. Dá bhrí sin, ní mór aon náisiúnach tríú tír nach gcomhlíonann na coinníollacha ar fad a leagtar síos in Airteagal 6(1) de Chód Teorainneacha Schengen, ach a bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanchta ina seilbh acu, a údarú dul isteach i gcríoch na mBallstát eile chun críoch idirthurais ionas go bhféadfaidh siad críoch Stát Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine a bhaint amach, inar eisíodh an cead cónaithe nó an víosa fadfhanchta, ach amháin má tá a n-ainmneacha ar liosta náisiúnta foláireamh an Bhallstáit arb iad a theorainneacha seachtracha atá uathu a thrasnú agus go mbeidh teoracha ag gabháil leis an bhfoláireamh nach mór dul isteach nó idirthuras a dhiúltú. I gcás an tsaoránaigh de chuid na Somáile, ní mór do Phoblacht na Seice an duine a údarú chun dul isteach i bPoblacht na Seice chun críoch idirthurais ionas go mbeidh an duine in ann dul isteach i gcríoch Stát Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine inar eisíodh an cead cónaithe.

8.2. Sna cásanna a leanas, níor cheart Stát Schengen teacht isteach a dhiúltú agus ba cheart dó an náisiúnach tríú tír a údarú dul isteach ina chríoch:

- (a) ar chúiseanna daonchairdiúla, ar chúiseanna leasa náisiúnta nó de bharr oibleagáidí idirnáisiúnta;

- (b) má chomhlíonann duine, nach bhfuil víosa ina s(h)eilbh aige nó aici, na critéir chun víosa a eisiúint ag an teorainn ([pointe 9 den Roinn seo](#));
- (c) toisc go bhfuil seilbh ag an duine ar víosa dul isteach iolraigh arna eisiúint ag Ballstát eile agus ar an gcúis sin amháin;
- (d) toisc go bhfuil seilbh ag an duine ar víosa dul isteach iolraigh ach go bhfuil siad ag taisteal chun críoch eile seachas na cuspóirí a d'fhéadfaí a léiriú sa roinn 'barúlacha' den ghreamán víosa agus ar an gcúis sin amháin. Féadfaidh na barúlacha náisiúnta a úsáideann roinnt Ballstát a bheith bainteach leis an gcuspóir (leis an bpríomhchuspóir) a ndearnadh iarratas ar an víosa i dtaca leis. Ní chuireann iontráil den sórt sin ar an ngreamán víosa cosc ar an sealbhóir víosa dul isteach iolraigh a úsáid chun aon chríoch eile (féach pointe 8.6 den Roinn seo freisin);
- (e) má tá i seilbh ag an duine cead cónaithe bailí nó víosa fadfhanachta arna eisiúint ag Stát Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine, ach nach gcomhlíonann na coinníollacha ar fad a leagtar síos in Airteagal 6(1) de Chód Teorainneacha Schengen, ní mór iad a údarú le dul isteach i gcríoch na Stát Schengen eile chun críoch idirthurais ionas go bhféadfaidh an duine lena mbaineann críoch Stáit Schengen a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine inar eisíodh an cead cónaithe nó an víosa fadfhanachta a bhaint amach. Féadfar idirthuras a dhiúltú i gcás ina bhfuil foláireamh maidir leis an duine sin i mbunachair sonraí náisiúnta Stát Schengen arb iad a theorainneacha seachtracha na teorainneacha atá le trasnú agus go bhfuil teoracha ag gabháil leis an bhfoláireamh nach mór cead isteach nó idirthuras a dhiúltú. I gcás ina bhfuil sealbhóir an cheada cónaithe faoi réir foláirimh maidir le cead isteach nó fanacht a dhiúltú in SIS, ní mór teagmháil a dhéanamh le Biúro SIRENE náisiúnta gan mhoill chun an nós imeachta comhairliúcháin a sheoladh a leagtar síos in Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2018/1861 agus Airteagal 36 de Lámhleabhar SIRENE – Teorainneacha agus filleadh.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagail 1, 4, 6, 8, 14 agus Iarscríbhinn V\)](#)

[Cód Víosáí \(Airteagail 32, 35 agus Iarscríbhinn VI\)](#)

- [Cinneadh Uimh. 565/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena dtugtar córas simplithe isteach chun daoine a rialú ag na teorainneacha seachtracha, ar córas é a bheidh bunaithe ar aitheantas aontaobhach a bheith á thabhairt ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir agus ag an Rómáin do dhoiciméid áirithe mar dhoiciméid atá coibhéiseach lena víosaí náisiúnta le haghaidh idirthuras trína geríocha nó tréimhsí fanachta atá beartaithe ar a geríocha nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 895/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 582/2008/CE](#)

- [Iontrálacha náisiúnta sa roinn ‘barúlacha’ den ghreamán víosa](#)

8.3. Daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais, ní fhéadfar cead isteach a dhiúltú dóibh ach ar fhorais beartais phoiblí nó slándála poiblí dá dtagraítear faoi Threoir 2004/38/CE, i.e. nuair is fíorbhagairt láithreach atá tromchúiseach go leor í a n- iompraíocht phearsanta lena ndéantar difear do cheann de leasanna bunúsacha na sochaí.

8.3.1. Dá dhroim sin, ní féidir a mheas gur foras leordhóthanach ann féin é foláireamh in SIS, fiú, chun cead isteach na ndaoine sin a dhiúltú go huathoibríoch; i gcás den sórt sin, ní mór i gcónaí don gharda teorann measúnú críochnúil a dhéanamh ar an staid i bhfianaise na bprionsabal dá dtagraítear i bpointe 8.3 den Roinn seo.

I gcás inar iontráil Stát Schengen eile an foláireamh, ní mór don gharda teorann teagmháil a dhéanamh láithreach le húdaráis fhreagracha Stát Schengen a d’iontráil an foláireamh, ach teagmháil a dhéanamh leis an mBiúró náisiúnta SIRENE tríd an líonra Biúró SIRENE. Ní mór do na húdaráis fhreagracha sin a sheiceáil, go háirithe, cén fáth nó cé na fáthanna ar cuireadh an foláireamh isteach agus cibé acu atá na fáthanna sin fós bailí nó nach bhfuil. Ní mór an fhaisnéis sin a tharchur gan aon mhoill chuig údaráis an Stáit Schengen is stát iarrthaigh é. Féadfaidh na gardaí teorann, ar aon bhealach eile atá ar fáil dóibh, teagmháil a dhéanamh le húdaráis Stáit Schengen eile a d’eisigh an cead cónaithe chun a bhailíocht a fhíorú.

Beidh roinnt faisnéise san fholáireamh maidir le cead isteach a dhiúltú a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú chun a chinneadh cé na cúiseanna a bhí le hiontráil an fholáirimh. San fholáireamh beidh faisnéis faoin gcinneadh maidir le cead isteach agus fanachta a dhiúltú a bheith bunaithe ar na nithe a leanas:

- (1) ciontú roimhe sin dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (a), de Rialachán 2018/1861; nó
- (2) bagairt thromchúiseach slándála dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (b), de Rialachán 2018/1861; nó
- (3) teacht timpeall ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta maidir le cead isteach agus fanachta dá dtagraítear in Airteagal 24(2), pointe (c), de Rialachán 2018/1861; nó
- (4) toirmeasc ar theacht isteach dá dtagraítear in Airteagal 24(1), pointe (b), de Rialachán 2018/1861; nó
- (5) beart sriantach dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán 2018/1861.

Ina theannta sin, is féidir an cineál ciona a léiriú san fholáireamh féin nuair is cionta coiriúla gaolmhara iad foláirimh maidir le cead isteach a dhiúltú. Is féidir freisin le Stát Schengen is stát eisiúna é léiriú a thabhairt san fholáireamh cé acu atá an duine lena mbaineann ina bhall teaghlaigh ag saoránach den Aontas nó ina dhuine eile ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta. Ba cheart i gcónaí dul i gcomhairle le Stát Schengen is stát eisiúna é, áfach, i gcásanna ina dtagtar ar amas de náisiúnach tríú tír ag a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta.

Ar bhonn na faisnéise a fhaightear, déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú bunaithe ar na critéir a mhínítear i bpointe 8.3 den Roinn seo. Ar an mbonn sin, ligfidh an garda teorann an duine i gceist isteach nó diúltóidh sé cead isteach don duine sin.

Mura féidir an fhaisnéis a fháil laistigh de mhoill réasúnta, ní mór an duine i gceist a ligean isteach sa chríoch. Sa chás sin, féadann na gardaí teorann, chomh maith leis na húdaráis náisiúnta inniúla eile, na fíoruithe is gá a dhéanamh tar éis don duine teacht isteach sa chríoch agus na bearta iomchuí a dhéanamh, i gcás inar gá, ina dhiaidh sin.

Tá an ghníomhaíocht a liostaítear i bPointe 8.3.1 den Roinn seo gan dochar do ghníomhaíochtaí eile atá le déanamh de thoradh foláirimh SIS, amhail an duine a ghabháil, bearta cosanta a ghlacadh, faisnéis maidir le doiciméid a cailleadh agus doiciméid a

goideadh, etc. Sa chás go nochtar, de dhroim comhairliúchán den sórt sin, go bhfuil foláireamh SIS ann maidir leis an ngá le doiciméad a urghabháil, ní mór é a urghabháil láithreach agus ní mór teagmháil a dhéanamh leis an mBiúró SIRENE le haghaidh tuilleadh faisnéise gan aon mhoill.

*** Bunús dlí/Cás- dlí:**

- [Treoir 2004/38/CE \(Airteagail 27 go 33\)](#)
- [Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte, agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE](#)
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 3 Iúil 1980, Cás C 157/79, Regina vs. Stanislaus Pieck.](#)
- [Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 31 Eanáir 2006, Cás C 503/03, An Coimisiún vs. An Spáinn.](#)

8.3.2. Mura bhfuil na doiciméid taistil is gá nó na víosaí is gá, má cheanglaítear sin, ag duine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, ní mór do Stát Schengen lena mbaineann gach deis réasúnta a thabhairt don duine sin, sula gcuirfidh sé ar ais é nó í, chun na doiciméid is gá a fháil nó chun a shocrú go dtabharfar chuige nó chuici iad laistigh de thréimhse ama réasúnta nó chun a chomhthacú nó a chruthú ar mhodh eile go bhfuil sé nó sí cumhdaithe ag an gceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais.


*** Bunús dlí/Cás- dlí:**

- [Treoir 2004/38/CE \(Airteagal 5 agus Airteagail 27 go 33\)](#) le léamh in éineacht le [Teachtaireacht ón gCoimisiún COM \(2009\) 313 final](#)
- [Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 25 Iúil 2002, Cás C 459/99, MRAX vs. An Bheilg.](#)
- [Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Feabhra 2005, Cás C 215/03, Salah Oulane vs.](#)

8.4. Agus cead isteach á dhiúltú do náisiúnaigh tríú tír, ní mór don oifigeach seiceála:

- (a) an fhoirm chaighdeánach chun cead isteach a dhiúltú, lena dtugtar bunús leis an gcúis nó leis na cúiseanna atá leis an diúltú, a líonadh isteach agus a thabhairt don náisiúnach tríú tír lena mbaineann, té nach mór dó an fhoirm a shíniú, agus ní mór cóip den fhoirm shínithe a thabhairt dó. I gcás ina ndiúltaíonn an náisiúnach tríú tír an fhoirm a shíniú, luafaidh an garda teorann an diúltú sin ar an bhfoirm faoin roinn dar teideal ‘nótaí’;
- (b) stampa dul isteach a ghreamú den phas, arna chealú le cros scríofa i ndúch dubh doscriosta, agus a scríobh os a chomhair ar thaobh na láimhe deise, i ndúch doscriosta arís, an litir nó na litreacha a bhaineann leis an gcúis nó leis na cúiseanna le cead isteach a dhiúltú, mar a liostaítear ar an bhfoirm chaighdeánach maidir le cead isteach a dhiúltú (féach sampla thíos). I bhfianaise na foclaíochta soiléire in Iarscríbhinn V, Cuid A, pointe 1 de Chód Teorainneacha Schengen (agus in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2017/2226 lena léirítear an cur chuige céanna) (‘Agus cead isteach á dhiúltú aige, déanfaidh an garda teorann stampa dul isteach a ghreamú den phas, arna chealú....’) ba cheart do ghardaí teorann an stampa cealaithe a ghreamú den phas tráth a dhéantar an cinneadh maidir le cead isteach a dhiúltú.

Sampla de stampa diúltaithe dul isteach



Litir lena léirítear an chúis atá le cead isteach a dhiúltú i gcomhréir le foirm aonfhoirmeach

8.5. I gcás ina n- aimsíonn an t- oifigeach atá freagrach as seiceálacha go raibh foláireamh faoin sealbhóir víosa in SIS chun cead isteach a dhiúltú dó nó di, ní mór don oifigeach an víosa a chúlghairm trí stampa lena ndeirtear ‘CÚLGHAIRTHE’ a ghreamú de. Chun

tuilleadh sonraí a fháil, [féach pointe 10 den Roinn seo](#). Nuair a chúlghairtear víosa, ní mór na sonraí ábhartha a iontráil in VIS. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh in VIS, féach [Iarscríbhinn 32 a ghabhann leis an Lámhleabhar seo](#).


Nuair a chúlghaireann Ballstát víosa a d'eisigh Ballstát eile, moltar an fhaisnéis a chur ar aghaidh trí bhíthin na foirme a leagtar amach in [Iarscríbhinn 31](#) a ghabhann leis an Lámhleabhar seo.

- 8.6. Murar féidir leis an náisiúnach tríú tír [an doiciméad nó na doiciméid tacaíochta](#) a iarrtar chun údar a thabhairt le cuspóir an turais a sholáthar, níor cheart an víosa a neamhniú ná a chúlghairm mar gheall air sin amháin. Sa chás deiridh sin, ní mór don gharda teorann fiosrúchán breise a dhéanamh chun a mheasúnú an bhfuair an duine an víosa ar bhealach calaoiseach agus an mbaineann riosca leis nó léi ó thaobh na hinimirce neamhrialta. Más gá, déanfar teagmháil le húdaráis inniúla an Stáit Schengen a d'eisigh an víosa. Is i gcás ina bhfaightear amach go bhfuarthas an víosa ar bhealach calaoiseach agus sa chás sin amháin nach mór don gharda teorann víosa den sórt sin a neamhniú trí stampa lena ndeirtear 'NEAMHNITHE' a ghreamú de. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, [féach pointe 10 den Roinn seo](#). Nuair víosa atá neamhnithe, ní mór na sonraí ábhartha a iontráil in VIS. Maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh in VIS, féach Iarscríbhinn 32 a ghabhann leis an Lámhleabhar seo.

Nuair a neamhníonn Ballstát víosa a d'eisigh Ballstát eile, moltar an fhaisnéis a chur ar aghaidh trí bhíthin na foirme a leagtar amach in [Iarscríbhinn 30 a ghabhann leis an Lámhleabhar seo](#).

Dea- chleachtas: stampa dul isteach nó imeachta a neamhniú i gcásanna seachas cead isteach a dhiúltú:

D'fhéadfadh cásanna a bheith ann nach mór stampa a greamaíodh de phas cheana a neamhniú (i gcás inar ghreamaigh an garda teorann an stampa mícheart de trí thimpiste, mar shampla). Sna cásanna sin, níl aon fhreagracht ag an taistealaí as agus ní féidir, dá bhrí sin, an stampa a chealú ar na bealaí céanna a gcealaítear é nuair a dhiúltaítear cead isteach do dhuine. Moltar dá bhrí sin an stampa a neamhniú ach dhá líne chomhthreomhara a scríobh tríd an gcúinne ar thaobh na láimhe clé ar a bharr amhail sa sampla thíos:



8.7. I gcomhréir leis an gceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa atá cumhdaithe in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ba cheart ceart achomhairc i gcomhréir leis an dlí náisiúnta a bheith ag gach duine dá ndiúltaítear cead isteach, nó ag sealbhóir víosa ar neamhníodh nó ar cúlghaireadh a víosa. Ní mór a thabhairt i scríbhinn don náisiúnach tríú tír na nósanna imeachta le haghaidh achomhairc agus na pointí teagmhála is féidir faisnéis a sholáthar maidir le hionadaithe atá inniúil chun gníomhú ar son an náisiúnaigh tríú tír.

Nuair a dhéantar víosa a neamhniú nó a chúlghairm, mar is iomchuí, ní mór don gharda teorann an fhoirm chaighdeánach chun fógra a thabhairt faoi víosa a bheith á neamhniú a líonadh amach, lena dtugtar bunús leis an gcúis nó leis na cúiseanna atá leis an neamhniú nó leis an gcúlghairm, agus í a chur faoi bhráid an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann (féach [Iarscríbhinn 25 a ghabhann leis an Lámhleabhar seo](#)).

8.8. Má dhiúltaítear cead isteach do dhuine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, ní mór i gcónaí don gharda teorann cinneadh i scríbhinn a sholáthar don duine sin. Ní mór an cinneadh a dhréachtú ar bhealach inar féidir leis an duine lena mbaineann a bhfuil ann agus impleachtaí an chinnidh a thuiscint. Ní mór léiriú beacht iomlán a bheith sa chinneadh freisin ar na forais beartais phoiblí nó slándála poiblí ar a bhfuil an cinneadh bunaithe, ach amháin má tá sé sin contrártha do leasanna slándála an Stáit. Ní mór a shonrú sa chinneadh freisin cén chúirt nó cén t-údarás riaracháin ina bhféadfaidh an duine lena mbaineann achomhairc a thaisceadh agus cén teorainn ama atá ann le haghaidh an achomhairc. Féadfar foirmeacha a úsáid chun fógra a thabhairt faoi chinneadh diúltach, ach ní mór i gcónaí don chúis a luaitear údar iomlán a thabhairt leis an bhforas ar a ndearnadh an cinneadh sa chás nithiúil. Ní leordhóthanach é mar sin gan ach tic a chur leis na boscaí ar an bhfoirm chaighdeánach chun ceann amháin nó níos mó de roinnt roghanna a léiriú sa chás go ndiúltaítear cead isteach do bhall de theaghlach saoránaigh den Aontas.

- 8.9. Ní mór an cinneadh cead isteach a dhiúltú a dhéanamh láithreach.
- 8.10. Más ar muir, trí aeriompar nó ar tír a thug iompróir an náisiúnach tríú tír dár diúltaíodh isteach, ní mór oibleagáid a bheith ar an iompróir freagracht a ghlacadh láithreach as an té sin arís. Ní mór, go háirithe, oibleagáid a bheith ar an iompróir an náisiúnach tríú tír a chur ar ais chuig an tríú Stát ónar iompraíodh iad nó chuig an tríú Stát a d'eisigh an doiciméad taistil lenar ligeadh dóibh taisteal nó chuig aon tríú Stát eile a mbeidh sé cinnte de go ligfear isteach ann iad. Nuair nach féidir an náisiúnach tríú tír dár diúltaíodh a thabhairt ar ais láithreach, ní mór freagracht a chur ar an iompróir na costais uile is gá a bhaineann le taisteal fillte a íoc. Murar féidir leis an iompróir an náisiúnach tríú tír a chur ar ais, ní mór oibleagáid a bheith air a áirithiú go gcuirfear ar ais é nó í ar aon bhealach eile (trí theagmháil a dhéanamh le hiompróir eile, mar shampla).
- 8.11. Ní mór pionóis a ghearradh ar an iompróir i gcomhréir le Treoir 2001/51/CE agus leis an dlí náisiúnta.
- 8.12. Ní mór do na gardaí teorann gach beart is iomchuí a dhéanamh, bunaithe ar imthosca áitiúla, chun cosc a chur ar náisiúnaigh tríú tír a ndiúltaítear cead isteach dóibh teacht isteach go neamhdhleathach (trína áirithiú go bhfanann siad i limistéar idirthurais an aerfoirt nó trí thoirmeasc a chur orthu dul i dtír ó chalafort, mar shampla).

*** Bunús dlí:**

- [Treoir 2004/38/CE \(Airteagal 5 agus Airteagail 27 go 33\)](#) le léamh in éineacht le [Teachtaireacht ón gCoimisiún COM \(2009\) 313 final](#)
- [Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagal 14 agus Iarscríbhinn V\)](#)
- [Coinbhinsiún Schengen \(Airteagal 26\)](#)
- [Treoir 2001/51/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena bhforlíontar forálacha Airteagal 26 den Choinbhinsiún chun Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 a chur chun feidhme;](#)
- [Cód Víosáí \(Airteagal 34 agus Iarscríbhinn VI\)](#)

9. **VÍOSAÍ A NDÉANTAR IARRATAS ORTHU AG AN TEORAINN, LENA N- ÁIRÍTEAR LE HAGHAIDH MARAITHE AR IDIRTHURAS, AGUS NA VÍOSAÍ SIN A DHIÚLTÚ**

Níl an comhbheartas víosaí curtha i bhfeidhm go fóill ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir ná ag an Rómáin. Dá bhrí sin, níl víosaí náisiúnta arna n- eisiúint ag na ceithre thír sin bailí le haghaidh cúrsaíocht sa limistéar gan rialuithe teorann inmheánacha. Féadfaidh an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir agus an Rómáin, áfach, cead isteach ina gcóch, nó cead idirthurais tríd a gcóch, a thabhairt do shealbhóirí víosaí aonfhoirmeacha arna n- eisiúint ag Stáit Schengen.

9.1. Cineálacha víosaí:

[Féach pointí 27 go 32 de Chuid a hAon den Lámhleabhar seo](#)

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na cineálacha éagsúla víosaí, féach [pointe 8 de Chuid II de Lámhleabhar an Chóid Víosaí](#)

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le heisiúint víosaí ag an teorainn, féach [Cuid IV de Lámhleabhar an Chóid Víosaí](#)

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le rialacha sonracha i dtaca le heisiúint víosaí ag an teorainn do bhail teaghlaigh saoránach den Aontas/LEE agus saoránach CH, féach [Cuid III de Lámhleabhar an Chóid Víosaí](#)

*** Bunús dlí:**

- [Rialachán \(AE\) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin](#)

- [Cód Víosaí \(Airteagal 2\)](#)

*** Naisc:**

- [An greamán víosa a chomhlánú](#)

- [Samplaí de ghreamaitheoirí víosa atá líonta isteach](#)

10. NEAMHNIÚ AGUS CÚLGHAIRM VÍOSAÍ

Féach [pointí 2 agus 3 de Chuid V de Lámhleabhar an Chóid Víosaí](#)

*** Bunús dlí:**

- [Cód Víosaí \(Airteagal 34 agus Iarscríbhinn VI\)](#)

11. SCÉIMEANNA IDIRTHURAIS SPEISIALTA

11.1. Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) agus Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD)

- 11.1.1. Tháinig córas nua taistil i bhfeidhm an 1 Iúil 2003 le haghaidh taisteal idir Kaliningrad agus mórthír na Rúise. Tugadh isteach leis dhá chineál doiciméid: Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) agus Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD). Tá gá leis na doiciméid sin chun críoch na Liotuáine a thrasnú chun taisteal náisiúnach tríú tír a thaistealaíonn idir dhá chuid dá dtír féin nach bhfuil tadhach go geografach le chéile a chur ar a gcumas agus a éascú dóibh.
- 11.1.2. Is éard is fónamh do FTD idirthuras díreach dul isteach iolraigh a cheadú d'aon chineál iompair ar tír trí chríoch na Liotuáine. Eisíonn údaráis na Liotuáine é agus bíonn sé bailí ar feadh tréimhse uasta suas le 3 bliana. Ní féidir idirthuras bunaithe ar FTD a bheith níos faide ná 24 uair an chloig.
- 11.1.3. Fónann FTRD le haghaidh turais fillte aonair d'iarnród agus bíonn sé bailí ar feadh suas le 3 mí. Ní féidir idirthuras bunaithe ar FRTD a bheith níos faide ná 6 uair an chloig.
- 11.1.4. Tá an luach céanna ag FTD/FRTD agus atá ag víosa agus ní mór d'údaráis chonsalachta iad a eisiúint i bhformáid aonfhoirmeach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 693/2003⁸⁵ agus Rialachán (CE) Uimh. 694/2003⁸⁶ ón gComhairle. Ní féidir iad a eisiúint ag an teorainn.

*** Bunús dlí:**

- [Rialachán \(CE\) Uimh. 693/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 lena mbunaítear Doiciméad Idirthurais Éascaithe \(FTD\) sonrach, Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe \(FRTD\) agus lena leasaítear na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha agus an Lámhleabhar Coiteann](#)

- [Rialachán \(CE\) Uimh. 694/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le formáidí aonfhoirmeacha le haghaidh Doiciméad Idirthurais Éascaithe \(FTD\) agus Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe \(FRTD\) dá bhforáiltear i Rialachán \(CE\) Uimh. 693/2003](#)

⁸⁵ Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 lena mbunaítear Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) sonrach, Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) agus lena leasaítear na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha agus an Lámhleabhar Coiteann (IO L 099, 17.4.2003, lch. 8).

⁸⁶ Rialachán (CE) Uimh. 694/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le formáidí aonfhoirmeacha le haghaidh Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) agus Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 (IO L 099, 17.4.2003, lch. 15).

11.2. **Idirthuras trí chríocha Stáit Schengen nach gcuireann *acquis* Schengen chun feidhme ina iomláine go fóill**⁸⁷

11.2.1. Go dtí go rachaidh an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir agus an Rómáin isteach san limistéar gan rialuithe teorann inmheánacha, féadfaidh siad na nithe a leanas a aithint: víosaí atá bailí le haghaidh dhá dhul isteach nó dul isteach iolrach; víosaí fadtéarmacha; agus ceadanna cónaithe arna n- eisiúint ag Stát Schengen;

mar víosaí atá comhionann lena víosaí náisiúnta chun idirthuras a dhéanamh trína gcríoch nó chun críche fanachta beartaithe ar a gcríoch nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

11.2.2. Sealbhóirí na ndoiciméad dá dtagraítear i bpointe 11.2.1, ní mór iad a bheith faoi réir gnáthnósanna imeachta seiceála (pointe 1 den Roinn seo).

*** Bunús dlí:**

- [Cinneadh Uimh. 565/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena dtugtar córas simplithe isteach chun daoine a rialú ag na teorainneacha seachtracha, ar córas é a bheidh bunaithe ar aitheantas aontaobhach a bheith á thabhairt ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir agus ag an Rómáin do dhoiciméid áirithe mar dhoiciméid atá coibhéiseach lena víosaí náisiúnta le haghaidh idirthuras trína gcríocha nó tréimhsí fanachta atá beartaithe ar a gcríocha nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 895/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 582/2008/CE](#)

12. **IARRTHÓIRÍ TEARMAINN/IARRATASÓIRÍ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA**⁸⁸

*** Prionsabail ghinearálta:**

Gach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, lena n- áirítear na hiarratais sin a dhéantar ag an

⁸⁷ Níl feidhm ag an bpointe seo ach maidir leis an mBulgáir, an Chróit, an Chipir agus an Rómáin.

⁸⁸ Tá feidhm ag an bpointe seo maidir leis an Danmhairg, Éire, an Iorua, Lichtinstéin agus an Eilvéis a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann agus leis an gCóras Eorpach chun comparáid a dhéanamh idir taifid dhachtalascópacha iarrthóirí tearmainn (Eurodac).

Tá feidhm ag an bpointe seo maidir le hÉirinn a mhéid a bhaineann sé le Treoir 2005/85/CE.

teorainn, ní mór do Bhallstáit den Aontas scrúdú a dhéanamh orthu chun a chinneadh cibé acu atá siad inghlactha nó nach bhfuil agus/nó cibé acu atá an t- iarratasóir incháilithe do stádas dídeanaí nó nach bhfuil, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive i dtaobh Stádas Dídeanaíthe an 28 Iúil 1951 arna fhorlíonadh le Prótocal Nua- Eabhrac an 31 Eanáir 1967, nó do stádas cosanta coimhdí, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i dTreoir 2011/95/AE.

Is i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸⁹ (Rialachán Bhaile Átha Cliath III) a chinntear cé acu Ballstát den Aontas atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

Ní mór an nós imeachta a bheith i gcomhréir le [Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle](#)⁹⁰.

- 12.1. Ní mór náisiúnach tríú tír a mheas a bheith ina iarratasóir nó ina hiarratasóir ar thearmann/chosaint idirnáisiúnta má chuireann sé nó sí in iúl – ar aon bhealach – go bhfuil faitíos air nó uirthi roimh ghéarleanúint nó roimh dhíobháil thromchúiseach má chuirtear é nó í ar ais chuig a thír nó a tír thionscnaimh nó chuig an tír ina raibh gnáthchónaí air nó uirthi.

Ní gá an mhian go dtabharfaí cosaint idirnáisiúnta dó nó di a chur in iúl ar aon bhealach faoi leith. Ní gá an focal ‘tearmann’ a úsáid go sainráite; an ghné shainiúil is ea cur in iúl an fhaitís roimh a bhféadfaí tarlú ar fhilleadh dó nó di. I gcás amhrais maidir le cibé acu is féidir dearbhú áirithe a fhorléiriú mar mhian iarratas a dhéanamh ar thearmann nó ar chineál cosanta idirnáisiúnta eile nó nach féidir, ní mór do na gardaí teorann dul i gcomhairle leis an údarás nó leis na húdaráis náisiúnta atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

- 12.2. Gach náisiúnach tríú tír a chuireann mian in iúl iarratas a dhéanamh ar thearmann/chosaint idirnáisiúnta ag an teorainn (lena n- áirítear na limistéir idirthurais farraige teorann, aerfoirt agus calafoirt), ní mór an deis a thabhairt dóibh an t- iarratas a thaisceadh a luaithe is féidir. Chuige sin, ní mór do ghardaí teorann na hiarratasóirí a

⁸⁹ Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna chlárú i gceann amháin de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

⁹⁰ Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO L 180, 29.6.2013, lch. 60).

chur ar an eolas, i dteanga a bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go dtuigfidh siad, maidir leis an nós imeachta atá le leanúint (conas agus cén áit an t- iarratas a chur isteach), agus maidir lena gcearta agus a n- oibleagáidí, lena n- áirítear na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann mura gcomhlíonfaidh siad a n- oibleagáidí agus mura gcomhoibreoidh siad leis na gardaí teorann.

Chun míthuiscintí a sheachaint, agus chun a áirithiú go gcuirtear iarratasóirí ar an eolas go cuí maidir lena gcearta agus a n- oibleagáidí, agus maidir leis an nós imeachta, ní mór seirbhísí ateangaire a úsáid mura bhfuil eolas leordhóthanach ar an teanga a labhraítear sa Bhallstát den Aontas lena mbaineann ag an iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta.

- 12.3. Ní mór na húdaráis náisiúnta inniúla arna n- ainmniú ag gach Ballstát den Aontas a chur ar an eolas go ndearnadh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta chun scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

Ní mór don gharda teorann gan aon chinneadh a dhéanamh an t- iarratasóir a chur ar ais gan dul i gcomhairle roimh ré leis an údarás náisiúnta inniúil atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

- 12.4. Ní mór méarloirg ó mhéara uile gach iarratasóra ar thearmann atá 14 bliana d'aois ar a laghad a thógáil, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit den Aontas, agus a tharchur chuig Lárchóras Eurodac chun go mbeifear in ann seiceálacha a dhéanamh i gcóras EURODAC.

*** Bunús dlí:**

- [Coinbhinsiún na Ginéive an 28 Iúil 1951](#) agus [Prótacal Nua- Eabhrac](#);
- [Rialachán \(AE\) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid le chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán \(CE\) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun an dlí a fhorghníomhú, agus lena leasaítear Rialachán \(AE\) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le](#)

haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórcála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais;

- Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann amháin de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát;

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 118/2014 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2014 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír;

- Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhith de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach le haghaidh dídeanaithe nó le haghaidh daoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí agus inneachar na cosanta a dheonaítear;

- Treoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar;

- Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta;

- An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 4 (toirmeasc ar cheastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhonna nó táireach) agus Airteagal 18 (an ceart chun tearmainn) agus Airteagal 19 (cosaint i gcás ina dtarlaíonn aistriú, díbirt nó eiseachadh).

13. FAISNÉIS A CHLÁRÚ AG AN TEORAINN:

Ag gach pointe trasnaithe teorann, ní mór an fhaisnéis seirbhíse uile agus aon fhaisnéis thábhachtach eile a chlárú de láimh nó go leictreonach. Ní mór na nithe a leanas, go háirithe, a áireamh leis an bhfaisnéis atá le clárú:

- ainmneacha na ngardaí teorann a bhfuil an cúram orthu go háitiúil seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha agus ainmneacha na n- oifigeach eile i ngach foireann;
- aon mhaolú ar na seiceálacha ar dhaoine;
- na víosaí agus na doiciméid a eisítear in ionad pasanna agus víosaí ag an teorainn;
- na daoine a ghabhtar agus gearáin (cionta coiriúla agus sárúithe riaracháin);
- na daoine a ndiúltaítear cead isteach dóibh (an foras leis an diúltú agus náisiúntachtaí);
- cóid slándála stampaí dul isteach agus imeachta, céannacht na ngardaí teorann a úsáideann na stampaí ag dáta nó seal áirithe, mar aon leis an bhfaisnéis a bhaineann le stampaí a cailleadh nó a goideadh;
- gearáin ó dhaoine atá faoi réir seiceálacha;
- bearta póilíneachta nó breithiúnacha eile a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo;
- tarluithe ar leith.

14. **COMHAR LE SEIRBHÍSÍ EILE**

Ní mór do ghardaí teorann oibriú i ndlúthchomhar le gach údarás stáit a imscartar ag an teorainn - údaráis chustaim nó seirbhísí eile atá inniúil ar ábhair shlándála a bhaineann le hearraí, nó seirbhísí atá freagrach as slándáil iompair, mar shampla.

15. **DOICIMÉID CHALAOISEACHA A MHARCÁIL**

I gcásanna ina mbraitheann garda teorann doiciméad atá calaoiseach le linn dó nó di seiceálacha teorann a dhéanamh, ba cheart don gharda teorann cead isteach a dhiúltú don náisiúnach tríú tír agus an doiciméad a mharcáil de réir Chód Teorainneacha Schengen (Iarscríbhinn V, Cuid A agus B).

Ba cheart don gharda teorann gach beart is gá a dhéanamh chun tuilleadh úsáide a bheith á baint as an doiciméad calaoiseach a chosc. Chun an cuspóir sin a bhaint amach ba cheart dó nó di, mar riail ghinearálta, an doiciméad a urghabháil.

I gcás inar gá an doiciméad a thabhairt do na húdaráis inniúla (údaráis rialaithe teorann nó eile) an tríú tír/na tíre tionscnaimh lena mbaineann (go díreach, trí na cuideachtaí iompróra nó trí chainéil taidhleoireachta), ba cheart don gharda teorann:

- an doiciméad a chur ó bhail - trí phoill a dhéanamh sa doiciméad nó é a ghearradh, sa limistéar meaisín- inléite (MRZ) i gcás inar féidir;

nó, mura féidir sin:

- an doiciméad a mharcáil mar a leanas (i gcásanna nach bhfuil an doiciméad marcáilte mar a thuairiscítear sa chéad mhír den phointe seo agus sna cásanna sin amháin):

1) Páipéar

An cúinne ar thaobh na láimhe clé ag bun leathanach deiridh an phas agus, más féidir, an leathanach a bhfuil an rian d'fhalsú nó de ghéachumadh air a mharcáil ach triantán beag timpeall na litreach 'F' a scríobh le peann dúigh dheirg a bhfuil gob crua air (ach amháin má tá an leathanach sin lán, cás inar cheart na leathanaigh tadhlach leis a úsáid);

2) Polaiméir

Limistéar folamh ar dhoiciméad neamhspleách polaiméirbhunaithe a mharcáil ach triantán beag timpeall na litreach 'F' a scríobh le peann dúigh ultraivialaite, i ndúch dearg más féidir;

Nó (i gcás doiciméad atá géachumtha ina n- iomláine agus sa chás sin amháin)

Limistéar folamh ar dhoiciméad géachumtha neamhspleách polaiméirbhunaithe a mharcáil ach an doiciméad a pholladh nó a ghearradh san áit nach ndéantar difear do ghnéithe bréige sonraí pearsanta agus slándála.

Sa chás áirithe go bhfuil calaois ann a bhaineann le doiciméid ar cosúil gur eisigh Stát Schengen eile iad, ba cheart an doiciméad urghafa a thabhairt ar ais don Stát sin nuair a bheidh na himeachtaí náisiúnta a bhaineann le hurghabháil an doiciméid tugtha i gcrích.

16. **BARÁNTÚLACHT NA SONRAÍ ATÁ STÓRÁILTE I BPAS BITHMHÉADRACH A FHÍORÚ**

Chun seiceálacha éifeachtacha teorann a áirithiú, ba cheart barántúlacht agus sláine na sonraí atá stóráilte sa mhicrishlis a fhíorú agus seiceáil á déanamh ar phasanna bithmhéadracha. Chun a fhíorú gur iontráil údarás údaraithe na sonraí sa mhicrishlis agus nach ndearnadh crioscaíl leo, ba cheart Fíordheimhniú Éighníomhach a úsáid chun inneachar na micrishlise a fhíordheimhniú. An deimhniú Síntheora Doiciméid a bhaineann

le doiciméad, ní mór é a fhíorú in aghaidh deimhniú iontaofa CSCA na tíre eisiúna faoi seach. Má thacaítear leis, ba cheart fíordheimhniú slise a úsáid chun a fhíorú gur fíorshlis í an tslis.

17. **BAILÍOCHT IONTRÁLACHA LEANAÍ I BPASANNA TUISMITHEOIRÍ**

Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 go bhfuil an córas a leanas i bhfeidhm ón 26 Meitheamh 2012 maidir le sealbhóirí pasanna arna n- eisiúint ag Stáit Schengen:

1. Is gá a bpas féin a bheith ag leanaí gan beann ar a n- aois;
2. Ní cheadaítear do leanaí taisteal ar bhonn inscríbhinne i bpasanna a dtuismitheoirí amháin;
3. Leanann pasanna tuismitheoirí de bheith bailí le haghaidh na dtuismitheoirí i ndiaidh an 26 Meitheamh 2012 fiú má tá ainmneacha a leanaí inscríofa iontu.

Níl feidhm ag na forálacha sin maidir le hÉirinn. Níl feidhm acu ach oiread maidir le pasanna arna n- eisiúint ag tríú tíortha seachas Tíortha Comhlachaithe Schengen.

Is infheidhme forálacha Threoir 2004/38/CE nuair a thaistealaíonn teaghlaigh AE/LEE ó Bhallstát AE/LEE amháin go Ballstát eile, nuair a théann siad ar idirthuras trí Bhallstát AE/LEE (agus iad ag dul chuig tríú tír nó ag filleadh ó thríú tír) agus nuair a fhilleann siad ó thríú tír chuig Ballstát AE/LEE seachas Ballstát a náisiúntachta.

I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Threoir 2004/38/CE⁹¹, níor cheart cead imeachta nó cead isteach ar chríoch Stáit Schengen a dhiúltú go huathoibríoch mar gheall nach bhfuil pas aonair ann le haghaidh leanaí atá iontráilte i bpas a dtuismitheoirí. Ach amháin má tá amhras réasúnach ann maidir le céannacht agus náisiúntacht na leanaí atá iontráilte i bpasanna a dtuismitheoirí, ba cheart a mheas i bprionsabal go bhfuil cur i láthair phas na dtuismitheoirí ina chruthúnas go bhfuil na leanaí lena mbaineann, mar shaoránaigh den Aontas, cumhdaithe leis an gceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais.

Níor cheart, áfach, an ceart chun saorghluaiseachta agus cónaithe atá ag saoránaigh den Aontas, gan beann ar a n- aois, a úsáid chun teacht timpeall ar Rialachán (AE)

⁹¹ Airteagal 5(4) de Threoir 2004/38/CE: I gcás nach bhfuil ag saoránach den Aontas, nó ag ball teaghlaigh nach náisiúnach de Bhallstát é, na doiciméid taistil is gá, nó, má cheanglaítear orthu, na víosaí is gá, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann do na daoine sin, sula gcuirfidh siad ar ais iad, gach deis réasúnach chun na doiciméid is gá a fháil nó chun iad a bheith tugtha chucu laistigh de thréimhse ama réasúnach nó chun a chomhthacú nó a chruthú ar mhodh eile go bhfuil siad cumhdaithe ag an gceart chun saorghluaiseachta agus cónaithe.

Uimh. 2252/2004, go háirithe i gcás ina bhfuil foras tromchúiseach lena bheith in amhras go bhféadfadh sé gur baineadh leanbh go neamhdhleathach ó chúram an duine nó na ndaoine ag a bhfuil cúram dlíthiúil tuismitheora air nó uirthi.

ROINN II: Teorainneacha talún

1. SEICEÁLACHA AR THRÁCHT AR BHÓITHRE

- 1.1. Ní mór don gharda teorann atá i gceannas ar phointe trasnaithe a áirithiú go ndéantar seiceálacha éifeachtacha ar dhaoine agus ar dhoiciméid, agus sábháilteacht agus sreabhadh tráchta ar bhóithre a áirithiú an tráth céanna. Chuige sin, ba cheart feabhsuithe teicniúla a thabhairt isteach, i gcás inar gá, chun laghdú a dhéanamh ar an am freagartha a thógann sé dul i gcomhairle leis na bunachair sonraí ábhartha. I gcás inarb ábhartha, ba cheart feabhas a chur ar bhonneagar teicniúil pointí trasnaithe teorann, lena n-áirítear méadú ar an úsáid a bhaintear as léitheoirí pasanna agus teirminéil shoghluaiste.
- 1.2. Más féidir, ba cheart lánaí ar leithligh a chur isteach le haghaidh daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais agus náisiúnaigh tríú tír eile, i gcomhréir le rialacha ginearálta maidir le deighilt lánaí.
- 1.3. Ba cheart seiceálacha a bheith á ndéanamh ag beirt oifigeach garda teorann, i ngach cás inar féidir sin.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagail 8 agus 10 agus Iarscríbhinn VI\)](#)

*** Dea- chleachtais:**

● Ba cheart an modh iompair a chuardach nuair atá:

- (a) amhras ann a bhfuil údar leis go bhfuil daoine, drugaí, pléascáin agus/nó airm i bhfolach i bhfeithicil;
- (b) amhras ann a bhfuil údar leis go ndearna tiománaí na feithicle nó paisinéirí san fheithicil coir nó sárú riaracháin;
- (c) na doiciméid feithicle a chuirtear i láthair neamhiomlán nó bréagach.

In aon chás, beidh feidhm ag dlí náisiúnta an Stáit Schengen lena mbaineann maidir le cuardaigh den sórt sin.

● Ba cheart madraí bolaíochta a úsáid le haghaidh seiceálacha randamacha chun pléascáin, drugaí agus daoine i bhfolach a bhrath.

Seiceálacha ar fheithicilí príobháideacha:

● Is mar a leanas ba cheart seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine atá ag taisteal i bhfeithicilí príobháideacha, i ngach cás inar féidir:

- (a) féadfaidh an tiománaí agus na paisinéirí fanacht laistigh den fheithicil le linn seiceálacha;
- (b) déanann an t-oifigeach garda teorann seiceáil ar dhoiciméid agus cuireann i gcomparáid iad leis na daoine atá ag trasnú na teorann;
- (c) breathnaíonn an dara hoifigeach garda teorann ar na daoine laistigh den fheithicil an tráth céanna agus coinníonn sé nó sí an t-oifigeach seiceála slán.

● Nuair atá amhras ann gur brionnaíodh doiciméad taistil, ceadúnas tiomána, doiciméad árachais nó clárúcháin, ba cheart do na taistealaithe uile teacht amach ag an bhfeithicil. Ba cheart an fheithicil a chuardach go críochnúil. Is ag an dara líne rialaithe ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh.

Seiceálacha ar bhusanna:

● Is féidir seiceálacha ar dhaoine atá ag taisteal de bhus a dhéanamh i gcríochfort paisinéirí nó laistigh den bhus, ag brath ar na himthosca. Nuair a dhéantar an tseiceáil laistigh den bhus, ba cheart na bearta a leanas a dhéanamh, i ngach cás inar féidir:

- (a) is le tiománaí an bhus agus leis an gceannaire grúpa, más cás de thaisteal eagraithe atá ann, ba cheart tús a chur le seiceáil doiciméad;
- (b) i gcás ina bhfuil amhras ann maidir leis an doiciméad taistil nó le cuspóir an turais, nó i gcás ina bhfuil tásca ann go bhféadfadh duine a bheith ina bhagairt nó ina bagairt ar bheartas poiblí, ar shlándáil inmheánach nó ar shláinte phoiblí Stáit Schengen, ba cheart a iarraidh air nó uirthi teacht amach as an mbus agus é nó í a chur faoi réir seiceáil de chineál níos mine ag an dara líne rialaithe, agus an dara hoifigeach garda teorann ag breathnú ar na daoine laistigh den bhus an tráth céanna agus ag coinneáil an oifigigh seiceála slán.

● I gcás ina bhfuil trácht trom ann, ba cheart seiceáil a dhéanamh ar dtús ar phaisinéirí bus ar línte áitiúla tráthrialta má cheadaíonn na himthosca áitiúla é.

Le linn dóibh doiciméid taistil a sheiceáil laistigh den bhus, ba cheart d'oifigigh úsáid a bhaint as gléasanna leictreonacha iniompartha, go háirithe le haghaidh na gcuardach in SIS.

Seiceálacha ar leoraithe:

Ba cheart seiceálacha ar leoraithe a dhéanamh mar a leanas, i ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla chustaim

(a) I ngach cás inar féidir ba cheart lána speisialta a bheith ann le haghaidh leoraithe i gcás inarb amhlaidh na nithe a leanas:

- is féidir an leoraí agus a bhfuil ann a chuardach ar bhealach áisiúil;

- is féidir madraí bolaíochta a úsáid gan aon chur isteach;

- is féidir trealamh teicniúil a úsáid le haghaidh cuardaigh (i.e. gléasanna x-gha agus braiteoirí dé-ocsaíde carbóin).

(b) Le linn seiceálacha ar leoraithe, ba cheart don oifigeach garda teorann aird ar leith a thabhairt ar leoraithe ag a bhfuil coimeádáin ina bhféadfaí feithiclí goidte, daoine gáinneáilte nó ábhair chontúirteacha a chur i bhfolach. Ba cheart seiceáil chúramach a dhéanamh ar an doiciméadacht uile maidir lena bhfuil ann.

- (c) Ba cheart gach leoraí a chuardach go críochnúil sna cásanna seo a leanas:
- briseadh séalaí custaim;
 - scriosadh nó fuadh tarpól;
 - tá amhras ann go bhféadfadh daoine, drugaí, ábhair chontúirteacha nó pléascáin a bheith i bhfolach laistigh.
- Féadfar na seiceálacha breise a leanas a dhéanamh freisin:
- (a) rialú tráchta ar bhóithre, lena n- áirítear comhlíontacht le forálacha sóisialta (ródacmhainneacht na feithicle, uaireanta oibre agus am sosa an tiománaí, árachas an tiománaí, mar shampla);
- (b) rialú iompair de bhóthar (na hearraí á n- iompar a bheith i gcomhréir leis na doiciméid)
- (c) rialú ar earraí radaighníomhacha agus guaiseacha a bheith ann.
- Déantar na rialuithe breise sin uile faoi dhlí an Aontais agus faoi rialacháin náisiúnta gach ceann de Stáit Schengen

1.4. Féadfaidh Stáit Schengen comhaontuithe déthaobhacha a thabhairt i gcrích nó a choinneáil ar bun le tríú tíortha comharsanachta maidir le pointí trasnaithe teorann roinnte a bhunú ag a ndéanfaidh a ngardaí teorann agus gardaí teorann an tríú tír, i ndiaidh a chéile, seiceálacha ar imeacht agus seiceálacha ar dhul isteach i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, ar chríoch an pháirtí eile. Féadfaidh pointí trasnaithe teorann comhroinnte den sórt sin a bheith suite ar chríoch Stáit Schengen nó ar chríoch tríú tír.

2. SEICEÁLACHA AR THRÁCHT AR IARNRÓD

- 2.1. Ba cheart don oifigeach ceannais garda teorann ar dualgas ag an bpointe trasnaithe teorann iarnróid faisnéis maidir le sceidil iarnróid agus leis an líon paisinéirí iarnróid a bhfuil coinne réasúnta leo a bhailiú chun seiceálacha éifeachtacha teorann a áirithiú.
- 2.2. Is féidir seiceálacha ag teorainneacha mar a bhfuil feidhm ag na forálacha maidir le teorainneacha seachtracha a dhéanamh ar cheann amháin de na trí bhealach a leanas:
- (a) sa chéad stáisiún a dtiocfaidh an traen isteach ann nó sa stáisiún deireanach a n- imeoidh sí uaidh;

(b) ar bord na traenach, le linn idirthuras idir an stáisiún deireanach a n- imeoidh sí uaidh agus an chéad stáisiún a dtiocfaidh sí isteach ann, gan beann ar an treo.

2.3. Is éard atá sa tseiceáil teorann seiceáil ar na nithe a leanas:

- (a) foireann na traenach;
- (b) paisinéirí ag dul ar an gcoigríoch;
- (c) paisinéirí ag filleadh ón gcoigríoch dóibh nár seiceáladh roimhe sin;
- (d) taobh amuigh na traenach.

2.4. Féadfar an rialú ag teorainneacha a dhéanamh ar phaisinéirí traenacha ardluais ar aon cheann de na bealaí a leanas:

- (a) ag na stáisiúin ag a dtiocfaidh daoine ar an traein;
- (b) ag na stáisiúin ag a dtuirlingeoidh daoine den traein, laistigh de chríoch Stáit Schengen;
- (c) ar bord na traenach le linn idirthuras idir stáisiúin, ar choinníoll go bhfanfaidh na daoine ar bord na traenach.

2.5. Maidir le traenacha ardluais ó lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha a stopann roinnt uaireanta i gcríoch Stáit Schengen, más féidir leis an iompróir iarnróid paisinéirí a thógáil ar bord le haghaidh na coda den turas atá fágtha laistigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha agus lena haghaidh sin amháin, ní mór na paisinéirí sin a bheith faoi réir seiceálacha ar dhul isteach, ar an traein nó ag an stáisiún cinn scríbe, ach amháin i gcás ina ndearnadh seiceálacha sa stáisiún ar tháinig siad ar an traein ann.

I gcás den sórt sin, ní mór do dhaoine ar mian leo dul ar an traein le haghaidh na coda den turas atá fágtha agus lena haghaidh sin amháin fógra soiléir a fháil sula bhfágfaidh an traein go mbeidh siad faoi réir seiceálacha ar dhul isteach le linn an turais nó ag an stáisiún cinn scríbe.

Ní mór do na daoine ar bord na traenach a bheith faoi réir seiceálacha ar imeacht dóibh faoi shocruithe comhchosúla agus an traein ag taisteal ina malairt treo.

- 2.6. Féadfaidh an garda teorann cigireacht a dhéanamh ar chuasa na gcarráistí chun a áirithiú nach bhfuil daoine ná nithe atá faoi réir seiceálacha teorann i bhfolach iontu. Déanfaidh oifigigh garda teorann an traein a chuardach go críochnúil i gcónaí nuair atá amhras ann go bhféadfadh pléascáin nó drugaí a bheith i bhfolach inti.
- 2.7. I gcás ina bhfuil cúiseanna ann lena chreidiúint go bhfuil i bhfolach ar thraein daoine a bhfuil tuairisc orthu go ndearna siad cion nó a bhfuil amhras fúthu go ndearna siad cion, nó náisiúnaigh tríú tír a bhfuil sé beartaithe acu dul isteach go neamhdhleathach, ní mór don gharda teorann, murar féidir leis nó léi gníomhú i gcomhréir lena fhorálacha náisiúnta nó lena forálacha náisiúnta, fógra faoin méid sin a thabhairt d'údaráis Stát Schengen a bhfuil an traein ag gluaiseacht ina threo nó a bhfuil sí ag gluaiseacht ar a chríoch.

***Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagal 8 agus Iarscríbhinn VI\)](#)

***Dea- chleachtais:**

- Agus an tseiceáil á déanamh ar an ardán sa chéad stáisiún a dtiocfaidh an traein isteach ann nó sa stáisiún deireanach a n- imeoidh sí uaidh, ba cheart an traein a ghardáil chun daoine aonair a chosc ó bheith ag seachaint na seiceála teorann. Ba cheart do na hoifigigh seiceála agus na hoifigigh atá ag gardáil na traenach a bheith i dteagmháil le chéile ag gach tráth.
- Níor cheart a cheadú do phaisinéirí bogadh feadh na traenach le linn na seiceálacha ar phaisinéirí ar bord na traenach.
- Is éard ba cheart a bheith sa tseiceáil ar thraein earraí seiceáil ar dhoiciméid fhoireann na traenach agus scrúdú ar charráistí na traenach.
- Le linn an rialaithe ag teorainneacha ar thraenacha paisinéirí agus earraí, ba cheart don gharda teorann aird ar leith a thabhairt ar phaisinéirí agus ar nithe i gcásanna ina bhfuil riosca ann go bhfuil siad ag iompar pléascán. Ba cheart madraí bolaíochta a úsáid chun an

dualgas sin a chomhlíonadh i gceart.

- Ba cheart an tseiceáil teorann ar bord traenach a thabhairt i gcrích sula sroichfear an stáisiún traenach comhaontaithe.
- Níor cheart, i bprionsabal, moilleanna a bheith ar imeacht sceidealaithe traenacha mar gheall ar bhearta rialaithe. Má bhíonn siad ina gcúis le moill mar sin féin, ba cheart fógra a thabhairt don bhainisteoir stáisiúin faoin méid sin a luaithe is féidir.

3. TRÁCHT TEORANN ÁITIÚIL

- 3.1. Féadfaidh Stáit Schengen comhaontuithe déthaobhacha le tríú tíortha comharsanacha a thabhairt i gcrích chun córas éascaithe ‘tráchta teorann áitiúil’ a bhunú le haghaidh cónaitheoirí teorann. Tá feidhm ag an gcóras sin maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu i limistéar teorann (50 km ar a mhéad ón teorainn) tríú tír atá comharsanach le Stát Schengen, a chónaíonn sa limistéar sin ar feadh 1 bhliain amháin ar a laghad, mar riail ghinearálta (is féidir foráil a dhéanamh i [gcomhaontuithe déthaobhacha](#) maidir le heisceachtaí), agus a bhfuil cúiseanna dlisteanacha acu (naisc teaghlaigh, cúiseanna eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha) leis an teorainn a thrasnú go han- mhínic. Faoin gcóras sin, is le haghaidh fanacht 3 mhí ar a mhéad gan bhriseadh a cheadaítear do chónaitheoirí teorann an teorainn a thrasnú chun fanacht i limistéar teorann Stáit Schengen.
- 3.2. Féadfar foráil a dhéanamh sna comhaontuithe déthaobhacha maidir leis na nithe a leanas:
 - (a) bunú pointí trasnaithe teorann sonracha a choimeádtar le haghaidh cónaitheoirí teorann;
 - (b) sainiú lánáí sonracha ag pointí trasnaithe teorann a choimeádtar le haghaidh cónaitheoirí teorann;

(c) i gcásanna eisceachtúla a dtugann na himthosca áitiúla údar leo, údarú le haghaidh cónaitheoirí teorann an teorainn a thrasnú lasmuigh de phointí trasnaithe teorann agus d'uireanta socraithe. Tá feidhm aige sin, mar shampla, maidir le cásanna inar gá d'fheirmeoir an teorainn a thrasnú go minic chun a pháirc nó a páirc a shaothrú, nó mar a bhfuil an teorainn ag dul trí bhaile mór. Sna cásanna sin, ba cheart an áit ina bhféadfar dul trasna na teorann a shonrú ina gcead tráchta teorann áitiúil (féach pointe 5.5, Roinn I).

- 3.3. Is féidir go hiondúil gan ach seiceálacha randamacha a dhéanamh ar chónaitheoirí teorann a thrasnaíonn an teorainn i gcomhréir le pointí (a) agus (b) agus a bhfuil aithne mhaith ag na gardaí teorann orthu i ngeall ar iad a bheith ag trasnú na teorann go minic. Ní mór seiceálacha críochnúla a dhéanamh ar na daoine sin ó am go ham, áfach, gan rabhadh a thabhairt agus ar bhonn neamhrialta.
- 3.4. Nuair a dhéantar foráil sa chomhaontú déthaobhach le tríú tír maidir leis an éascú faoi phointe 3.2(c) (i.e., trasnú na teorann lasmuigh de phointí trasnaithe teorann údaraithe a cheadú), ní mór do Stát Schengen lena mbaineann seiceálacha randamacha a dhéanamh agus faireachas tráthrialta a choinneáil ar bun feadh na teorann chun an trasnú teorann neamhúdaraithe a chosc.
- 3.5. Déantar mionsonraí maidir leis na seiceálacha atá le déanamh ar chónaitheoirí teorann a thairbhíonn den chóras tráchta teorann áitiúil a shonrú i [bpointe 5.5, Roinn I](#).

*** Bunús dlí:**

- [Rialachán \(CE\) Uimh. 1931/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha maidir le trácht teorann áitiúil ag teorainneacha seachtracha talún na mBallstát agus lena leasaítear forálacha Choinbhinsiún Schengen](#)
- [Comhaontuithe déthaobhacha maidir le trácht teorann áitiúil](#)

ROINN III: Teorainneacha aeir

1. SEICEÁLACHA AG AN AERFORT

- 1.1. Chun seiceálacha éifeachtúla teorann ag an aerfort a áirithiú, ní mór do ghardaí teorann an fhaisnéis uile is gá maidir leis an sceideal aerthráchta a bhailiú chun dóthain foirne a imscaradh i gcomhréir leis an sreabhadh paisinéirí, á chur san áireamh gur cheart tosaíocht a thabhairt do phaisinéirí a bheidh ag teacht isteach.

Ba cheart feabhas a chur ar bhonneagar teicniúil pointí trasnaithe teorann, lena n- áirítear méadú ar an úsáid a bhaintear as léitheoirí pasanna, ríomhghheataí agus teirminéil shoghluaiste.

Ba cheart feabhsuithe teicniúla a thabhairt isteach, i gcás inar gá, chun laghdú a dhéanamh ar an am freagartha a thógann sé dul i gcomhairle leis na bunachair sonraí ábhartha.

- 1.2. Ní mór bonneagar iomchuí a chur i bhfeidhm chun eitiltí inmheánacha (eitiltí idir aerfoirt atá lonnaithe sa limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha) a dheighilt ó eitiltí seachtracha agus chun cosc a chur ar dhaoine agus/nó ar dhoiciméid ó bheith ag dul i gcúrsaíocht gan údarú idir an dá limistéar sin.
- 1.3. De ghnáth, is ag an bpointe trasnaithe teorann údaraithe laistigh den aerfort a dhéanfar seiceálacha teorann; nuair atá riosca ann a bhaineann leis an tslándáil inmheánach agus leis an inimirce neamhdhleathach, áfach, féadfar an tseiceáil teorann a dhéanamh ar an aerárthach nó ag an ngeata.
- 1.4. Ní mór rochtain ar an limistéar idirthurais idirnáisiúnta a rialú; ní dhéanfar seiceálacha sa limistéar idirthurais de ghnáth ach amháin má tá bunús leo ar bhonn measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an inimirce neamhdhleathach nó leis an tslándáil inmheánach.

* Dea- chleachtais:

- Ba cheart seiceálacha a dhéanamh ar bhail foirne ar dtús agus in áit ar leithligh sula ndéantar seiceálacha ar phaisinéirí.
- I ngach cás inar féidir, ba cheart áit ar leithligh le haghaidh an dara líne seiceálacha teorann a chruthú.
- I ngach cás inar féidir, ba cheart líne ar leithligh a bheith ann le haghaidh taidhleoirí agus paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.
- Ba cheart faireachas docht a dhéanamh ar gach cuid den aerfort trína bheith ag déanamh

faireachán agus patról air, go háirithe ar an limistéar ina seiceálann paisinéirí isteach, ar an limistéar rialaithe pasanna agus ar an limistéar idirthuais. Ar chúiseanna slándála, ba cheart aon bhagáiste a fhágann an t- úinéir ina dhiaidh nó ina diaidh nó aon ní amhrasach eile a thuairisciú do na húdaráis slándála.

1.5. Ní mór an áit ina ndéanfar na seiceálacha teorann a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leanas:

- (a) Paisinéirí ar eitilt ó aerfort atá lonnaithe lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha chuig Stát de chuid Schengen, ní mór iad a chur faoi réir seiceáil ar dhul isteach san aerfort a dtiocfaidh an eitilt isteach ann. Paisinéirí ó eitilt a oibríonn laistigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha a théann ar bord eitilte chuig tír lasmuigh den limistéar sin (paisinéirí idirthuais), ní mór iad a chur faoi réir seiceáil ar imeacht san aerfort a n- imeoidh an eitilt deiridh sin uaidh.

*** Samplaí:**

- Eitilt ó Brasília go Liospóin agus nasceitilt ó Liospóin go Páras, is i Liospóin a dhéantar an tseiceáil ar dhul isteach.

- Eitilt ó Pháras go Liospóin agus nasceitilt go Brasília, is i Liospóin a dhéantar an tseiceáil ar imeacht.

- (b) I gcás eitiltí ó aerfort nó chuig aerfort atá lonnaithe lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha nach bhfuil aon phaisinéir idirthuais ar bord agus eitiltí a dhéanann níos mó ná stad amháin ag aerfoirt laistigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha sa chás nach n- athraítear eitleáin:

- (i) paisinéirí ar eitiltí ó aerfort nó chuig aerfort atá lonnaithe lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha nach ndéantar aon aistriú roimhe sin nó ina dhiaidh sin ann laistigh de chríoch an limistéir gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha, ní mór iad a bheith faoi réir seiceáil ar dhul isteach san aerfort ag a dtiocfaidh siad isteach agus seiceáil imeachta san aerfort a n- imeoidh siad uaidh;

*** Samplaí:**

- Eitilt ó Nua- Eabhrac go Beirlín, is i mBeirlín a dhéantar an tseiceáil ar dhul isteach.

- Eitilt ó Bheirlín go Nua- Eabhrac, is i mBeirlín a dhéantar an tseiceáil imeachta.

- (ii) paisinéirí ar eitiltí ó aerfort nó chuig aerfort atá lonnaithe lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha a dhéanann níos mó ná stad amháin ar chríoch an limistéir gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha sa chás nach n- aistrítear eitleáin (paisinéirí idirthurais), agus ar choinníoll nach féidir le paisinéirí dul ar bord an aerárthaigh don chéim den turas atá suite laistigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha, ní mór iad a bheith faoi réir seiceáil ar dhul isteach san aerfort ag a dtiocfaidh siad isteach agus seiceáil imeachta san aerfort a n- imeoidh siad uaidh;

*** Samplaí:**

- Eitilt ó Bhéising go Heilsincí, uaidh sin go Frankfurt agus uaidh sin go Páras, a stopann i Heilsincí agus in Frankfurt le haghaidh paisinéirí atá ag tuirlingt den eitleán agus lena n- aghaidh sin amháin (tá toirmeasc ar dhul ar bord le haghaidh na coda den turas atá fágtha), is i Heilsincí, in Frankfurt agus i bPáras faoi seach a dhéantar na seiceálacha ar dhul isteach ar phaisinéirí atá ag tuirlingt den eitleán
- Eitilt ó Pháras go Frankfurt, uaidh sin go Heilsincí agus uaidh sin go Béising, a dhéanann stadanna in Frankfurt agus i Heilsincí le haghaidh paisinéirí atá ag dul ar bord agus lena n- aghaidh sin amháin (tá toirmeasc ar dhaoine a bheith ag tuirlingt den eitleán). Déantar na seiceálacha imeachta i bPáras, in Frankfurt agus i Heilsincí.
- Eitilt ó Shóifia go Heilsincí, uaidh sin go Frankfurt agus uaidh sin go Páras, a stopann i Heilsincí agus in Frankfurt le haghaidh paisinéirí atá ag tuirlingt den eitleán agus lena n- aghaidh sin amháin (tá toirmeasc ar dhul ar bord don chéim dheireanach den turas), is i Heilsincí, in Frankfurt agus i bPáras faoi seach a dhéantar na seiceálacha ar dhul isteach ar na paisinéirí atá ag tuirlingt den eitleán
- Eitilt ó Pháras go Frankfurt, uaidh sin go Heilsincí agus uaidh sin go Sóifia, a dhéanann stadanna in Frankfurt agus i Heilsincí le haghaidh paisinéirí atá ag dul ar bord agus lena n- aghaidh sin amháin (tá toirmeasc ar dhaoine a bheith ag tuirlingt den eitleán). Déantar na seiceálacha imeachta i bPáras, in Frankfurt agus i Heilsincí.

- (iii) i gcás ina bhféadfaidh aerlíne, i gcás eitiltí ó aerfort atá lonnaithe lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha a dhéanann níos mó ná stad amháin laistigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha, paisinéirí a thabhairt ar bord le haghaidh na céime deireanaí den turas ar an gcríoch sin agus le haghaidh na céime sin amháin, ní mór paisinéirí a bheith faoi réir seiceáil imeachta san aerfort a n- imeoidh siad uaidh agus seiceáil ar dhul isteach san aerfort a dtiocfaidh siad isteach ann. Paisinéirí a bheidh ar bord an aerárthaigh cheana féin le linn na stadanna sin agus nach ndeachaigh ar bord laistigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha, ní mór seiceáil a dhéanamh orthu i gcomhréir le pointe (b)(ii). Ní mór feidhm a bheith ag an nós imeachta droim ar ais maidir leis an gcatagóir eitiltí sin i gcás ina bhfuil an tír is ceann scríbe lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánach.

*** Samplaí:**

- Eitilt ó Nua- Eabhrac go Páras, uaidh sin go Frankfurt agus uaidh sin go dtí an Róimh, ceadaítear dul ar bord an eitleáin ag na stadanna i bPáras agus in Frankfurt. Déantar seiceálacha ar dhul isteach ar phaisinéirí a thuirlingíonn i bPáras, in Frankfurt (lena n- áirítear iad siúd a tháinig ar bord i bPáras) agus sa Róimh (lena n- áirítear iad siúd a tháinig ar bord i bPáras agus in Frankfurt).
- Eitilt ó Hamburg go dtí an Bhruiséil, uaidh sin go Páras agus uaidh sin go Caireo, ceadaítear dul ar bord an eitleáin ag na stadanna sa Bhruiséil agus i bPáras. Déantar seiceálacha imeachta in Hamburg, sa Bhruiséil agus i bPáras.

- 1.6. Nuair is gá d'eitleán, i gcásanna *force majeure* nó garchontúirte, tuirlingt ar an bpáirc tuirlingthe is gaire dó nach pointe trasnaithe teorann é, féadfaidh an t- eitleán leanúint dá eitilt tar éis do ghardaí teorann agus, a mhéid a bhaineann le seiceálacha custaim, do riaracháin chustaim sin a údarú. Nuair is gá d'eitleán, i gcásanna *force majeure* nó garchontúirte, tuirlingt ag aerfort ar pointe trasnaithe teorann é, moltar sin a dhéanamh ar an mbealach a leanas:

*** Samplaí:**

1. Eitilt de thionscnamh tríú tír a bhfuil a ceann scríbe i dtríú tír agus a dhéanann stad éigeandála sa limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha:

Má fhanann na paisinéirí sa limistéar idirthurais, ní théann siad isteach sa limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha agus ní gá aon tseiceáil teorann a dhéanamh orthu dá bhrí sin.

Má théann na paisinéirí thar an teorainn, toisc nach ann d'aon limistéar idirthurais mar shampla, is gá seiceálacha teorann a dhéanamh orthu agus ba cheart víosa – más gá – a sholáthar do phaisinéirí de réir Airteagal 35 den Chód Viosaí agus a chlárú in EES/a stampáil ina bpas. Murar féidir, sa teagmhas a dtugtar tuairisc air nach féidir coinne a bheith leis, víosa (nó ETIAS amach anseo) a dheonú ag an teorainn, ba cheart maolú a úsáid faoi Airteagal 6(5), pointe (c) de Chód Teorainneacha Schengen mar rogha dheiridh.

2. Eitilt de thionscnamh an limistéir gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha a bhfuil a ceann scríbe i dtríú tír agus a dhéanann stad éigeandála sa limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha:

Má fhanann na paisinéirí sa limistéar idirthurais, ní théann siad isteach (arís) sa limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha agus ní gá aon tseiceáil teorann a dhéanamh orthu dá bhrí sin.

Mura bhfuil aon limistéar idirthurais ann, is é an rud tábhachtach nár fhág na paisinéirí an limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha. Ba cheart an stampla imeachta a neamhniú mar sin agus seiceáil eile imeachta a dhéanamh sula rachaidh siad ar bord an eitleáin nua. Ba cheart aird a thabhairt nach glárófar paisinéirí mar rófhantóirí dá dheasca sin, óir ní orthusan atá an locht. (NB: Faoi EES, chuirfí loighic chomhthreomhar agus forálacha comhthreomhara i bhfeidhm agus ba ghá an taifead imeachta a chealú/a cheartú ag úsáid Airteagal 35(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) 2017/2226).

3. Eitilt de thionscnamh tríú tír a bhfuil a ceann scríbe sa limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha agus a dhéanann stad éigeandála sa limistéar sin:

Má fhanann na paisinéirí sa limistéar idirthurais, ní théann siad isteach sa limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha agus ní gá aon tseiceáil teorann a dhéanamh orthu dá bhrí sin.

Má théann na paisinéirí thar an teorainn, toisc nach ann d'aon limistéar idirthurais mar shampla, ba cheart gnáthsheiceálacha teorann ar dhul isteach sa limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha a dhéanamh orthu toisc nár athraíodh ach a bpointe dul isteach.

*** Dea- chleachtais:**

● Tar éis d'eitleán tuirlingt, ba cheart d'oifigeach garda teorann teacht chuig áit pháirceála an eitleáin sula dtuirlingeoidh na paisinéirí de sna cásanna a leanas:

- rinneadh coir nó cion ar bord;

- tá bagairt ann ar an tslándáil inmheánach;

- tá riosca ann maidir leis an inimirce neamhdhleathach;

- tá daoine ar bord a díbríodh ó thíortha eile;

- chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú ón bhfoireann i gcás inar gá sin.

● Ba cheart gach paisinéir ar diúltaíodh cead isteach dóibh a scaradh ó phaisinéirí eile. Nuair nach féidir iad a thabhairt láithreach chuig an ionad bordála, ba cheart dóibh fanacht go dtí go n- imeoidh siad i limistéir ar leithligh faoi rialú na ngardaí teorann.

Ba cheart daoine a rinne coir nó cion a iompar láithreach ón aerárthach chuig na háiteanna arna n- ainmniú go speisialta agus a thabhairt ar lámh do na húdaráis ábhartha.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VI\)](#)

1.7. I gcás inarb ábhartha, ba cheart feabhas a chur ar bhonneagar teicniúil pointí trasnaithe teorann, lena n- áirítear méadú ar an úsáid a bhaintear as léitheoirí pasanna, ríomhghheataí agus teirminéil shoghluaiste.

Ba cheart feabhsuithe teicniúla a thabhairt isteach, i gcás inar gá, chun laghdú a dhéanamh ar an am freagartha a thógann sé dul i gcomhairle leis na bunachair sonraí ábhartha.

1.8. Ba cheart úsáid ar bhonn níos tráthrialta a bhaint as sonraí réamhaisnéise faoi phaisinéirí (API), arna mbailiú agus arna dtarchur ag aeriompróirí i gcomhréir le

Treoir 2004/82/CE lena gcuirtear ar a gcumas dóibh seiceálacha níos éifeachtaí a dhéanamh ar gach paisinéir (lena n- áirítear saoránaigh den Aontas) ar eitiltí isteach a thrasnaíonn na teorainneacha seachtracha. Is faoi na húdaráis náisiúnta atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le cé na heitiltí ó lasmuigh de Stáit Schengen nach mór sonraí API a tharchur ina leith, de réir an mheasúnaithe riosca is déanaí agus is cothroime le dáta. Féadfaidh Stáit Schengen sonraí API a úsáid chun críocha fhorfheidhmiú an dlí freisin.

Ar bhonn an dlí náisiúnta, féadfaidh Stáit Schengen a iarraidh ar aeriompróirí sonraí API a tharchur freisin maidir le heitiltí idir Stáit Schengen a chuireann, agus nach gcuireann go fóill, *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine.

2. SEICEÁLACHA IN AERADRÓIM

- 2.1. Ní mór a áirithiú freisin go ndéanfar daoine a sheiceáil, i gcomhréir leis na rialacha ginearálta, in aerfoirt nach bhfuil stádas aerfoirt idirnáisiúnta acu faoin dlí náisiúnta ábhartha ('aeradróim') ach a n- údaraítear eitiltí tríothu ó thríú tíortha nó chuig tríú tíortha ó aerfort atá lonnaithe lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha nó chuig aerfort lasmuigh den limistéar sin.
- 2.2. Ní gá socruithe iomchuí a dhéanamh in aeradróim chun a áirithiú go ndéanfar insreabhadh paisinéirí ó eitiltí inmheánacha agus ó eitiltí eile a scaradh go fisiceach, gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 lena leagtar síos rialacha coiteanna i réimse shlándáil na heitlíochta sibhialta. Ina theannta sin, nuair is beag an méid tráchta atá ann, ní gá do na gardaí teorann a bheith i láthair i gcónaí, ar choinníoll go ráthaítear go mbeidh an fhoireann is gá ar fáil in am trátha más gá.
- 2.3. I gcás nach cinnte go mbeidh gardaí teorann i láthair i gcónaí san aeradróm, ní mór do bhainisteoir an aeradróim fógra leordhóthanach a thabhairt do na gardaí teorann faoi aerárthaigh a bheith ag teacht isteach ó aerfort atá lonnaithe lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha nó ag imeacht chuig aerfort lasmuigh den limistéar sin.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VI\)](#)

[- Rialachán \(CE\) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha coiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán \(CE\) Uimh. 2320/2002 \(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE\)](#)

3. SEICEÁLACHA AR DHAOINE AR EITILTÍ PRÍOBHÁIDEACHA

- 3.1. Eitilt príobháideach ag eitilt ó aerfort atá lonnaithe lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha nó chuig aerfort lasmuigh den limistéar sin, ní mór dá chaptaen, sula n-éiríonn an eitilt den talamh, dearbhú ginearálta a tharchur chuig gardaí teorann an Stáit Schengen is ceann scríbe agus, i gcás inarb iomchuí, gardaí teorann an Stáit Schengen a dtéitear isteach ann den chéad uair, ar dearbhú é in mbeidh *inter alia* plean eitilte i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Sibhialta Idirnáisiúnta, mar aon le faisnéis maidir le céannacht na bpaisinéirí.
- 3.2. I gcás eitiltí príobháideacha a thagann ó lasmuigh den limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha, a bhfuil Stát laistigh den limistéar sin ina cheann scríbe acu agus a dhéanann stadanna ar chríoch Stáit eile an limistéir gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha, ní mór d'údaráis inniúla an Stáit ina dtéitear isteach sa limistéar sin seiceálacha teorann a dhéanamh agus stampla dul isteach a ghreamú den dearbhú ginearálta.
- 3.3. I gcás nach bhfuiltear cinnte cé acu atá eitilt ag teacht caol díreach ón limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha nó ag dul caol díreach chuig an limistéar sin gan tuirlingt lasmuigh de, ní mór do na húdaráis inniúla seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine in aerfoirt agus in aeradróim i gcomhréir leis na rialacha ginearálta.
- 3.4. Maidir leis na socrúithe maidir le dul isteach agus imeacht faoileoirí, mionaerárthaí, héileacaptar, aerárthaí beaga nach bhfuil in ann turais rófhada a dhéanamh, agus aerlong, leagtar síos sa dlí náisiúnta agus, nuair is infheidhme, i gcomhaontuithe déthaobhacha, iad.

* **Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VI\)](#)

ROINN IV: Teorainneacha mara

1. NÓSANNA IMEACHTA SEICEÁLA GINEARÁLTA MAIDIR LE MUIRTHRÁCHT

1.1. Ní mór don gharda teorann atá i gceannas ar phointe trasnaithe a áirithiú go ndéantar seiceálacha éifeachtacha ar phaisinéirí agus ar fhoireann na soithí. Beidh na seiceálacha bunaithe ar anailís riosca arb é atá inti faireachas seasmhach cuimsitheach ar an limistéar farraige.

1.2. Ní mór seiceálacha ar longa a dhéanamh ag an gcalafort teacht isteach nó imeachta, nó i limistéar a chuirtear ar fáil go sonrath chun na críche sin agus a bheidh suite díreach taobh leis an ártach nó ar bord loinge sna huiscí teorann arna sainmhíniú ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS). I gcomhréir leis na comhaontuithe a rinneadh maidir leis an ábhar, áfach, féadfar seiceálacha a dhéanamh freisin le linn trasnuithe nó ar theacht i dtír nó ar imeacht na loinge, ón limistéar gan aon rialú ag teorainneacha inmheánacha.

Níor cheart aon seiceáil teorann córasach a dhéanamh ar dhaoine a bheidh ag fanacht ar bord. Mar sin féin, ba cheart an long a chuardach agus seiceálacha ar na daoine a bheidh ag fanacht ar bord a dhéanamh i gcás ina bhfuil bonn cirt leis sin ar bhonn measúnú ar na rioscaí i dtaobh slándáil inmheánach agus inimirce mhídhleathach.

1.3. Ní mór don mháistir, do ghníomhaire na loinge nó do dhuine éigin eile arna údarú go cuí liosta den chriú agus de gach paisinéir atá ar bord a tharraingt suas, lena n-áirítear an fhaisnéis atá de dhíth i bhfoirm 5 (liosta an chriú) agus i bhfoirm 6 (liosta na bpaisinéirí) den Choinbhinsiún maidir le Muirthracht Idirnáisiúnta a Éascú (Coinbhinsiún FAL) agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir an víosa nó an cheada cónaithe.

Áirítear leis an gcriú gach duine atá fostaithe le haghaidh dualgas ar bord le linn an turais i ndáil le hoibriú nó seirbhís na loinge agus a áirítear leis an liosta criú.

1.4. Ní mór an liosta/na liostaí dá dtagraítear i pointe 1.3 a thabhairt ar lámh do na gardaí teorann nó d'údarás eile gan mhoill ceithre uair an chloig is fiche ar a dhéanaí sula sroichfead an calafort, nó ar a dhéanaí nuair a fhágfaidh an long an calafort roimhe sin

más turas níos lú ná ceithre uair an chloig is fiche atá i gceist, nó, mura bhfuil an calafort cuarda ar eolas nó athraítear le linn an turais é, a luaithe agus a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil.

- 1.5. Ní mór daingniúchán a chur ar ais chuig an máistir go bhfuarthas an liosta/na liostaí (cóip shínithe den liosta/de na liostaí nó dearbhú leictreonach go bhfuarthas na liostaí) agus ní mór don mháistir é a sholáthar arna iarraidh sin dó agus an long sa chalafort.
- 1.6. Ní mór don chaptaen nó do ghníomhaire úinéir na loinge fógra a thabhairt do na gardaí teorann láithreach maidir le haon athrú ar liosta an chriú nó liosta na bpaisinéirí.
- 1.7. Tá oibleagáid ar mháistir na loinge na gardaí teorann a chur ar an eolas faoi fholachánaithe atá ann ar a long ceithre uair an chloig is fiche ar a dhéanaí sula sroichfear an calafort, nó ar a dhéanaí nuair a fhágfaidh an long an calafort roimhe sin más turas níos lú ná ceithre uair an chloig is fiche atá i gceist, nó, mura bhfuil an calafort cuarda ar eolas nó athraítear le linn an turais é, a luaithe agus a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil. Fanann folachánaithe faoi fhreagracht an mháistir.
- 1.8. Ní mór don chaptaen fógra a thabhairt do na gardaí teorann faoi imeacht na loinge. I gcás ina bhfuil sé dodhéanta, ní mór dó a chur in iúl don údarás loingseoireachta iomchuí agus an dara cóip den liosta a comhlíonadh agus a síníodh roimhe seo a thabhairt dó.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VI\)](#)

2. SEICEÁLACHA AR LONGA CÚRSÁLA

- 2.1. Is éard is longa cúrsála ann longa a leanann clár taistil áirithe i gcomhréir le clár réamhshocraithe, lena n-áirítear clár de ghníomhaíochtaí turasóireachta i gcalafóirt éagsúla, ach nach dtugann paisinéirí ar bord le linn an turais, de ghnáth, ná nach gceadaíonn do phaisinéirí dul i dtír le linn an turais.
- 2.2. Ní mór do mháistir na loinge cúrsála an cúrsa taistil agus clár na cúrsála a chur chuig na gardaí teorann a luaithe a shuífear iad agus tráth nach déanaí ná ceithre uair an chloig is fiche sula sroichfear an calafort, nó ar a dhéanaí nuair a fhágfaidh an long an calafort roimhe sin más turas níos lú ná ceithre uair an chloig is fiche atá i gceist, nó, mura

bhfuil an calafort cuarda ar eolas nó athraítear le linn an turais é, a luaithe agus a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil.

- 2.3. Mura bhfuil ar chúrsa taistil loinge cúrsála ach calafoirt atá suite ar chríoch an limistéir gan rialuithe teorann inmheánaí, ní gá seiceálacha teorann a dhéanamh agus féadfaidh an long chúrsála teacht le cé i gcalafoirt nach pointí trasnaithe teorann iad. Mar sin féin, níor cheart seiceálacha a dhéanamh ar chriú ná ar phaisinéirí na long sin ach amháin nuair a bheidh bonn cirt leis sin ar bhonn measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an tslándáil inmheánach agus inimirce mhídhleathach.
- 2.4. Más cuid de chúrsa taistil loinge cúrsála calafoirt atá suite ar chríoch an limistéir gan rialuithe teorann inmheánaí agus calafoirt atá suite taobh amuigh den limistéar sin araon, ní mór seiceálacha teorann a dhéanamh mar a leanas:
- (a) i gcás ina dtagann an long chúrsála ó chalafort atá suite taobh amuigh den limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí agus go dtéann sí i dtír den chéad uair ag calafort atá suite i Stát Schengen, ní mór don chriú agus do na paisinéirí a bheith faoi réir seiceálacha ar dhul isteach ar bhonn liostaí ainmniúla an chriú agus na bpaisinéirí⁹².

*** Sampla:**

- long chúrsála ag seoladh ó Thúinis go Palermo.

Féach ‘cleachtais mholta’ a leagtar amach i bpointe 2.7 den Roinn seo.

Ní mór do phaisinéirí a théann i dtír a bheith faoi réir seiceálacha ar dhul isteach de réir na rialacha ginearálta ach amháin má léiríonn measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an tslándáil inmheánach agus an inimirce mhídhleathach nach gá na seiceálacha sin a dhéanamh⁹³.

- (b) i gcás ina dtagann an long chúrsála ó chalafort atá suite taobh amuigh den limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí agus go dtéann sí i dtír arís i gcalafoirt atá suite sa limistéar seo, ní mór don chriú agus do phaisinéirí a bheith faoi réir seiceálacha ar dhul isteach ar bhonn liostaí ainmniúla an chriú agus na bpaisinéirí, a mhéid a

⁹² Mar a leagtar amach i bpointe 2.6 den Roinn seo, bíonn seiceálacha ar bhonn liostaí ainmniúla nó seiceálacha eile a bhaineann le riosca difriúil le seiceálacha faoi Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen agus ní bhíonn stampáil ná taifid chórais dul isteach/imeachta (EES) mar thoradh orthu.

⁹³ Amhail i gcás turais turasoíreachta eagraithe nó turais lae le linn stad ag calafort, mar a mhínítear i bpointe 2.7.

athraíodh na liostaí sin ó chuaigh an long chúrsála i dtír ag an gcalafort roimhe sin atá suite i gcríoch Stáit Schengen.

*** Sampla:**

- is é bealach loinge chúrsála é: ó Iostanbúl go dtí an Aithin, ansin go Túinis agus ar aghaidh go Barcelona.

Féach ‘cleachtais mholta’ a leagtar amach i bpointe 2.7.

Ní mór do phaisinéirí a théann i dtír a bheith faoi réir seiceálacha ar dhul isteach de réir na rialacha ginearálta ach amháin má léiríonn measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an tslándáil inmheánach agus an inimirce mhídhleathach nach gá na seiceálacha sin a dhéanamh, amhail i gcás turais turasóireachta nó turais lae. Mura bhfuil aon athrú ar an liosta ainmniúil, ní gá gach aon phaisinéir a shainaithint leis an doiciméad taistil. Mar sin féin, ní mór do na paisinéirí atá ag dul i dtír na doiciméid taistil atá acu a bheith leo i gcónaí agus iad a thaispeáint d’oifigigh gardaí teorann arna iarraidh sin dóibh.

(c) i gcás ina dtagann an long chúrsála ó chalafort atá lonnaithe laistigh de chríoch an limistéir gan rialuithe teorann inmheánaí agus go dtéann sí i dtír ag calafort mar sin, ní mór do na paisinéirí a théann i dtír a bheith faoi réir seiceálacha ar dhul isteach i gcomhréir leis na rialacha ginearálta má léiríonn measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an tslándáil inmheánach agus inimirce mhídhleathach gur gá sin.

*** Sampla:**

- long chúrsála ag teacht ar dtús ó Thúinis agus ansin ag teacht chun cé ag calafoirt Palermo, Genoa agus Barcelona i ndiaidh a chéile.

Féach ‘cleachtais mholta’ a leagtar amach i bpointe 2.7.

(d) i gcás ina n- imíonn long chúrsála ó chalafort atá suite i Stát de chuid Schengen go dtí calafort atá suite taobh amuigh an limistéir gan rialú ag teorainneacha inmheánacha, ní mór don chriú agus do na paisinéirí a bheith faoi réir seiceálacha ar imeacht ar bhonn liostaí ainmniúla an chriú agus na bpaisinéirí. Má léiríonn measúnú

ar na rioscaí a bhaineann leis an tslándáil inmheánach agus an inimirce mhídhleathach gur gá sin, ní mór do phaisinéirí atá ag dul ar bord a bheith faoi réir seiceálacha ar imeacht i gcomhréir leis na rialacha ginearálta⁹⁴.

*** Sampla:**

- long chúrsála ag seoladh ó Barcelona go Túinis.

Féach ‘cleachtais mholta’ a leagtar amach i bpointe 2.7.

(e) i gcás ina n- imíonn long chúrsála ó chalafort amháin atá suite sa limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí chuig calafort eile, ní gá aon seiceálacha ar imeacht a dhéanamh. Mar sin féin, níor cheart seiceálacha a dhéanamh ar chriú ná ar phaisinéirí na long sin ach amháin nuair a bheidh bonn cirt leis sin ar bhonn measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an tslándáil inmheánach agus inimirce mhídhleathach⁹⁵.

*** Sampla:**

- long chúrsála ag seoladh ó Genoa go Barcelona agus ansin ag leanúint ar aghaidh taobh amuigh den limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí (Túinis, mar shampla).

Féach ‘cleachtais mholta’ a leagtar amach i bpointe 2.7.

- 2.5. Ní mór do chaptaen na loinge cúrsála nó, dá uireasa sin, do ghníomhaire úinéir na loinge, liostaí na gcúrsa agus na bpaisinéirí a tharchur chuig na gardaí teorann iomchuí ceithre uair an chloig is fiche ar a dhéanaí sula sroichfear an calafort, nó ar a dhéanaí nuair a fhágfaidh an long an calafort roimhe sin más turas níos lú ná ceithre uair an chloig is fiche atá i gceist, nó, mura bhfuil an calafort cuarda ar eolas nó athraítear le linn an turais é, a luaithe agus a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil. Ní mór daingniúchán a chur ar ais chuig an máistir go bhfuarthas an liosta/na liostaí (cóip shínithe den liosta/de na liostaí nó dearbhú leictreonach go bhfuarthas na liostaí) agus ní mór don mháistir é a sholáthar arna iarraidh sin dó agus an long sa chalafort.
- 2.6. Sna cásanna sin ina ndéanann gardaí teorann cinneadh, ar bhonn an mheasúnaithe ar na rioscaí a bhaineann le slándáil inmheánach agus inimirce mhídhleathach, nach gá

⁹⁴ Féach fonóta 102.

⁹⁵ Féach fonóta 102.

seiceálacha a dhéanamh faoi Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen ar phaisinéirí cúrsála i gcomhréir leis na rialacha ginearálta maidir le seiceálacha teorann, níl aon cheanglas ann doiciméid taistil a stampáil. Bíonn seiceálacha ar bhonn liostaí ainmniúla nó seiceálacha eile a bhaineann le riosca difriúil le seiceálacha faoi Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen agus ní bhíonn stampáil ná taifid chórais dul isteach/imeachta (EES) mar thoradh orthu.

- 2.7. Sa mheasúnú ar rioscaí slándála agus imirceacha chun cinneadh a dhéanamh an gá seiceálacha dul isteach nó imeachta a dhéanamh, ba cheart do ghardaí teorann a chur san áireamh *inter alia* na heilimintí a leanas: náisiúntacht na dtaistealaithe, aon fhaisnéis atá ar fáil maidir leis an gcuideachta loingseoireachta agus a iontaofacht, aon tuarascáil staidé agus faisnéis ábhartha atá ina seilbh, lena n- áirítear faisnéis a fuarthas ó Stáit Schengen eile nó ó tríú tíortha comharsanachta agus cúrsa taistil an turais chúrsála. Ba cheart a chur san áireamh leis an measúnú chomh maith gur gá taifid dul isteach agus imeachta comhfhreagracha le haghaidh gach aon taistealaí, chun ‘rófhantóirí bréagacha’ a sheachaint (taistealaithe a bhfuil taifead dul isteach acu ach níl taifead imeachta acu) agus ‘imirceacha neamhrialta bréagacha’ (taistealaithe a chuireann iad féin in iúl ag seiceáil imeachta gan taifead dul isteach), ag áirithiú iontaofacht na sonraí EES agus ag seachaint na saincheisteanna féideartha a bhaineann le cláir neamhiomlána de náisiúnaigh tríú tír mar a luadh.

*** Cleachtais mholta:**

I gcás longa chúrsála a bhfuil cúrsa taistil acu lena gcuimsítear calafoirt Schengen agus calafoirt tríú tír araon, moltar, chun náisiúnaigh tríú tír a chlárú in EES, mar riail ghinearálta:

- seiceálacha *imeachta* a dhéanamh faoi Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen nuair a thagann paisinéirí (nó criú) isteach sa long chúrsála ag tús a dturais chúrsála;

- seiceálacha *dul isteach* a dhéanamh faoi Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen nuair a fhágann paisinéirí (nó criú) an long chúrsála ag deireadh a dturais chúrsála; - *gan seiceálacha dul isteach nó imeachta* a dhéanamh faoi Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen i gcomhthéacs thuais turasóireachta eagraithe nó thuais lae le linn stad ag calafort Schengen;

- *gan seiceálacha dul isteach nó imeachta* a dhéanamh faoi Airteagal 8 de Chód Teorainneacha Schengen ar phaisinéirí atá ag fanacht ar bord na loinge chúrsála le linn stad ag calafort Schengen.

Tá an méid sin gan dochar do shainphribhléid na mBallstát chun seiceálacha a dhéanamh (atá difriúil leis na seiceálacha faoi Airteagal 8 den Chód Teorainneacha Schengen), de réir anailís ar na rioscaí maidir le slándáil inmheánach nó inimirce mhídhleathach, ar an long chúrsála de réir Iarscríbhinn VI de Chód Teorainneacha Schengen. I gcás go ndéantar seiceálacha mar sin, ní bheidh na náisiúnaigh tríú tír arna rialú cláraithe in EES.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VI\)](#)

3. **SEICEÁLACHA AR BHÁDÓIREACHT PHLÉISIÚIR**

- 3.1. Is éard is bádóireacht phléisiúir ann úsáid bád pléisiúir chun críocha spóirt nó turasóireachta.
- 3.2. Daoine atá ar bord bád pléisiúir atá ag teacht ó chalafort atá suite i Stát Schengen nó atá ag dul chuige, níor cheart dóibh a bheith faoi réir seiceálacha teorann agus féadfaidh siad teacht isteach i gcalafort nach pointe trasnaithe teorann é.

Mar sin féin, i gcás, de réir an mheasúnaithe ar na rioscaí i dtaobh inimirce neamhrialta, agus go háirithe i gcás ina bhfuil cósta Stáit nach cuid den limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha suite go díreach in aice le críoch an Stáit Schengen lena mbaineann, ní mór seiceálacha ar na daoine sin agus/nó cuardach fisiceach ar an mbád pléisiúir a dhéanamh.

3.3. Is féidir, go heisceachtúil, le bád pléisiúir ó thaobh amuigh den limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha, teacht isteach i gcalafort nach pointe trasnaithe teorann é. Sna cásanna sin, ní mór do dhaoine ar bord fógra a thabhairt d'údaráis an chalafoirt lena n- údarú teacht isteach sa chalafort sin. Ní mór d'údaráis an chalafoirt dul i dteagmháil leis na húdaráis sa chalafort is gaire atá ainmnithe ina phointe trasnaithe teorann d'fhonn tuairisc a thabhairt ar theacht an tsoithigh sin. Ní mór an dearbhú maidir leis na paisinéirí a dhéanamh trí liosta de na daoine atá ar bord a thabhairt d'údaráis an chalafoirt. Ní mór an liosta sin a chur ar fáil do na gardaí teorann, ar theacht isteach ar a dhéanaí. Ar an mbealach céanna, más rud é, ar chúiseanna *force majeure*, gur gá don bhád pléisiúir atá ag teacht ó thaobh amuigh den limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha teacht chun cé i gcalafort nach pointe trasnaithe teorann é, ní mór d'údaráis an chalafoirt dul i dteagmháil leis na húdaráis sa chalafort is gaire atá ainmnithe ina phointe trasnaithe teorann d'fhonn tuairisc a thabhairt go bhfuil an soitheach ann. Ba cheart nach ndéantar riail ghinearálta d'úsáid na heisceachta seo agus is gá go bhfuil sé srianta d'imthosca eisceachtúla lena n- áirítear *force majeure* (dálaí adhaimsire, mar shampla, nó éigeandála leighis, cliseadh meicniúil nó fadhbanna teicniúla eile, rannpháirtíocht in oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála (SAR),). Féadfaidh imthosca eisceachtúla eile údar a thabhairt d'úsáid na heisceachta, mar a leanas: imeachtaí spóirt agus cúrsaí ar saintréith díobh rabharta ollmhór eisceachtúil de bháid phléisiúir i limistéar geografach sonracha a fhágann go bhfuil sé deacair go bunúsach déileáil leis an méadú gníomhaíochta ag pointe trasnaithe. I ngach ceann de na cásanna sin beidh gá le seiceálacha teorann a dhéanamh ag údaráis an phointe trasnaithe teorann is gaire (nó atá gar).

3.4. Le linn na seiceálacha sin, ní mór doiciméad ina bhfuil mionsonraí teicniúla an tsoithigh agus ainmneacha na ndaoine atá ar bord a thabhairt ar lámh. Ní mór cóip den doiciméad sin a thabhairt do na húdaráis sna calafoirt dul isteach agus imeachta. Fad is go bhfuil an soitheach in uisce críochacha ceann de na Stáit Schengen ina gcuirtear

acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine, ní mór cóip den liosta sin a bheith i measc pháipéir na loinge.

- 3.5. Ní mór seiceálacha randamacha ar bháid phléisiúir a dhéanamh gan beann ar an measúnú ar na rioscaí i dtaobh inimirce neamhrialta.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VI\)](#)

4. SEICEÁLACHA AR IASCAIREACHT CHÓSTA

- 4.1. Is é is iascaireacht chósta ann iascaireacht a dhéantar le cúnaimh ó shoithí a fhilleann gach lá nó laistigh de 36 uair an chloig go calafort atá suite sa limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí gan dul isteach in aon chalafort atá taobh amuigh den limistéar seo.
- 4.2. Is gá nach ndéanfar seiceáil chórasach ar chriúna soitheach iascaireachta cósta a théann i dtír gach lá nó laistigh de 36 uair an chloig go dtí calafort an chláirúcháin nó go dtí aon chalafort eile atá suite ar chríoch an limistéir gan rialuithe teorann inmheánaí, gan teacht i gcé ag calafort atá suite ar chríoch atá taobh amuigh den limistéar seo.
- 4.3. I gcás ina bhfuil riosca i dtaobh inimirce neamhrialta, agus go háirithe i gcás ina bhfuil an cósta tríú tír suite go díreach in aice le críoch an Stáit Schengen lena mbaineann, ní mór seiceálacha ar dhaoine agus/nó cuardach fisiceach ar an mbád a dhéanamh.
- 4.4. Ní mór criúna soitheach iascaireachta cósta nach bhfuil cláraithe i gcalafort atá suite laistigh den limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí a sheiceáil i gcomhréir leis na forálacha maidir le maraithe ([pointe 5.3 de Roinn I](#)). Ní mór do chaptaen na loinge fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir le haon athrú ar liosta an chriú nó maidir le haon phaisinéir a bheith ann.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VI\)](#)

5. SEICEÁLACHA AR NAISC BÁD FARANTÓIREACHTA

- 5.1. Ní mór seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine atá ar bord bád farantóireachta atá nasctha le calafoirt atá suite taobh amuigh den limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí. Ní mór feidhm a bheith ag na rialacha a leanas:

- (a) i gcás inar féidir, ní mór lánaí ar leith a sholáthar do shaoránaigh de Bhallstát den Aontas, de LEE agus na hEilvéise agus a mbaill teaghlaigh;
- (b) ní mór seiceálacha ar phaisinéirí coise a dhéanamh duine ar dhuine;
- (c) ní mór seiceálacha ar thaistealaithe feithicle a dhéanamh fad atá siad ag an bhfeithicil (laistigh den fheithicil nó taobh léi);
- (d) paisinéirí bád farantóireachta atá ag taisteal i gcóiste, ní mór iad a mheas mar phaisinéirí coise. Ní mór do na paisinéirí sin tuirlingt den chóiste le haghaidh na seiceálacha;
- (e) ní mór seiceálacha a dhéanamh ar thiománaithe feithiclí earraí troma agus aon duine atá ina dtionlacan fad is atá siad san fheithicil; i bprionsabal, eagrófar an tseiceáil sin ar leithligh ó na seiceálacha ar na paisinéirí eile;
- (f) chun a áirithiú go ndéanfar na seiceálacha go tapa, ní mór líon leormhaith geataí a bheith ann;
- (g) d'fhonn náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach go háirithe a aimsiú, ní mór cuardaigh randamacha a dhéanamh ar an modh iompair atá in úsáid ag na paisinéirí, agus i gcás inarb infheidhme ar na hualaí agus ar earraí eile atá stuáilte sa mhodh iompair;
- (h) ní mór déileáil le baill criú báid farantóireachta amhail agus gur baill criú loinge tráchtála iad;
- (i) níl feidhm ag [pointe 1.3 den Roinn seo](#) (oibleagáid liostaí paisinéirí agus criú a chur isteach). Más gá liosta na ndaoine a bheidh ar bord a tharraingt suas i gcomhréir le Treoir 98/41/CE⁹⁶ ón gComhairle maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu, ní mór don mháistir cóip den liosta sin a tharchur tráth nach déanaí ná tríocha nóiméad tar éis imeachta ó chalafort suite lasmuigh den limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí chuig údarás inniúil an chalafoirt a dtiocfaidh an long i dtír ann sna Stáit Schengen.

⁹⁶ Treoir 98/41/CE ón gComhairle an 18 Meitheamh 1998 maidir le clárú daoine atá ag taisteal ar bord long d'iompar paisinéirí a oibríonn trí dhul isteach i gcalafoirt Bhallstáit an Chomhphobail nó trí dhul amach astu (IO L 188, 2.7.1998, lch. 35).

Na rialacha ar sheiceálacha ar naisc bád farantóireachta a leagtar amach sa phointe sin, a shocraítear in Iarscríbhinn VI, pointe 3.2.9 a ghabhann le Cód Teorainneacha Schengen, baineann siad le seiceálacha ‘ar bord naisc bád farantóireachta’. A mhéid a bhaineann le seiceálacha a dhéantar lasmuigh den bhád farantóireachta (sula rollfar ar an mbád farantóireachta nó i ndiaidh a rolladh as an mbád farantóireachta), na rialacha is solúbtha i ndáil le teorainneacha talún, a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, pointe 1.1.3 de Chód Teorainneacha Schengen, féadfar iad a chur i bhfeidhm. Mar riail ghinearálta, féadfaidh daoine atá ag taisteal i bhfeithiclí fanacht iontu le linn seiceálacha. I gcás ina n-éilíonn cúinsí a leithéid, áfach, féadfar a iarraidh ar dhaoine tuirlingt dá bhfeithiclí. I gcás den sórt sin féadfar paisinéirí a stiúradh chuig lánaí coisithe.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VI\)](#)

5.2. I gcás nach ndéanann bád farantóireachta a thioctaidh ó thaobh amuigh den limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha, a stopfaidh níos mó ná uair amháin laistigh den limistéar seo, paisinéirí a thabhairt ar bord ach amháin don chéim dheireanach den turas laistigh den chríoch sin, ba cheart na paisinéirí sin a bheith faoi réir seiceála ar imeacht ag an gcalafort a n-imeoidh an bád uaidh agus faoi réir seiceála ar dhul isteach ag an gcalafort a dtiocfaidh sé i dtír ann. Maidir le daoine atá ar bord an bháid farantóireachta cheana ag na stopanna sin agus nár tháinig ar bord i limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí, ní mór seiceálacha a dhéanamh orthu ag an gcalafort ina dtiocfaidh an bád farantóireachta i dtír. Ba cheart feidhm a bheith ag an nós imeachta malartach sa chás nach cuid den limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha an tír is ceann scríbe.

6. **NAISC LASTA IDIR CALAFOIRT SUITE SA CHRÍOCH DEN LIMISTÉAR NACH BHFUIL RIALUITHE ANN AG A THEORAINNEACHA INMHEÁNACHA**

- 6.1. Níor cheart aon seiceáil teorann a dhéanamh ar naisc lasta idir an dá chalafort chéanna, nó níos mó ná dhá chalafort, atá suite ar chríoch den limistéar nach bhfuil rialuithe ann ag a theorainneacha inmheánacha, nach stopfaidh ag calafort ar bith lasmuigh den limistéar sin agus arb é iompar earraí a bheidh i gceist leo.

Mar sin féin, níor cheart seiceálacha a dhéanamh ar chriú ná ar phaisinéirí na long sin ach amháin nuair a bheidh bonn cirt leis sin ar bhonn measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an tslándáil inmheánach agus inimirce mhídhleathach.

ROINN V: Seiceálacha ar loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre

1. LOINGSEOIREACHT AR UISCEBHEALÁÍ INTÍRE

- 1.1. Cumhdaíonn loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre trína ndéantar teorainn sheachtrach a thrasnú úsáid, chun críoch gnó nó áineasa, gach cineál báid agus soithigh ar snámh ar aibhneacha, canálacha agus locha.
- 1.2. Is ionann na seiceálacha le déanamh ar loingseoireacht ar uiscebhealaí intíre agus na seiceálacha le déanamh ar trácht muirí i ginearálta.
- 1.3. Maidir le báid a úsáidtear chun críoch gnó, ní mór a mheas gur baill criú nó a gcomhionann iad an captaen agus na daoine atá fostaithe ar bord atá ar an liosta criú, agus daoine de theaghlaigh na ndaoine sin a bhfuil cónaí orthu ar bord.

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Iarscríbhinn VI\)](#)

CUID A TRÍ: FAIREACHAS TEORANN

1. CUSPÓIR FAIREACHAIS

1.1. Is iad príomhchuspóirí faireachais teorannacha seachtracha ag áiteanna nach pointí trasnaithe teorann iad agus faireachas na bpointí trasnaithe lasmuigh d'uaireanta oscailte iad na cuspóirí a leanas:

- (a) trasnaithe teorann neamhúdaráithe a chosc agus a dhíspreagadh;
- (b) coireacht trasteorann a chomhrac;
- (c) bearta a chur i bhfeidhm nó a ghlacadh in aghaidh daoine atá tar éis an teorainn a thrasnú go neamhdhleathach;
- (d) feasacht staide iontaofa agus cumas freagartha a choinneáil;
- (e) tacaíocht a thabhairt maidir le haitheantas agus clárúchán daoine atá ag trasnú teorainneacha go neamhdhleathach.

1.2. Ní mór don oifigeach i gceannas na bearta uile is gá a dhéanamh chun trasnú teorann neamhúdaráithe a chosc agus feidhm a bhaint as foireann agus acmhainní eile bunaithe ar mheasúnú an riosca maidir le inimirceach neamhrialta agus coireacht trasteorann.

Ba cheart na hacmhainní a roghnú i gcomhréir le cineál agus nádúr na teorann (talamh, uiscebhealach intíre nó muir).

2. NA MODHANNA FAIREACHAIS

2.1. Féadfar faireachas a dhéanamh trí bhíthin aonaid sheasta nó aonaid taistil a chomhlíonann a ndualgais trí bhíthin:

- (a) a bheith ar patról;
- (b) lonnú ag áiteanna a aithnítear nó a mheastar a bheith íogair.

2.2. Ba cheart athruithe tráthrialta tobanna a dhéanamh ar na tréimhsí agus na modhanna faireachais chun trasnuithe teorann neamhúdaráithe a aimsiú go héifeachtach.

2.3. Is iad seo a leanas na príomhchúraimí patróil:

- (a) faireachán a dhéanamh ar an tír- raon ina n- oibríonn siad;
- (b) áirithiú nach bhfuil aon riosca do bheartas poiblí agus do shlándáil inmheánach sa limistéar patróil;
- (c) doiciméid daoine atá i láthair nach bhfuil aithne ag an bhfoireann phatróil orthu a sheiceáil;
- (d) stop a chur ar gach duine amhrasach nach bhfuil aon doiciméad ar iompar acu agus iarraidh orthu míniú a thabhairt go mion ar a gcúiseanna go bhfuil siad i láthair sa limistéar sin;
- (e) stop a chur ar dhaoine a bhain triail as an teorainn a thrasnú go neamhdhleathach agus iad a thabhairt go dtí an stáisiún gardaí teorann is gaire chun iad a shainnithint, a chlárú agus a méarloing a thógáil chun críoch atá bainteach le Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 daoine a thrasnaíonn teorainn go neamhrialta agus iarrthóirí tearmainn atá 14 bliana d'aois ar a laghad;
- (f) gach uile fianaise atá bainteach le trasnuithe teorann neamhúdaráithe nó teagmhais teorann a áirithiú.

Ba cheart madraí seirbhíse speisialta a úsáid chun rianú a dhéanamh le linn patróil. Ba cheart héileacaptair, báid phatróil agus feithiclí raoin a úsáid chomh maith chun patról agus faireachán na teorann a fheabhsú.

2.4. Is iad seo a leanas na príomhchúraimí lonnaithe:

- (a) a bhreathnú ar na háiteanna a mheastar a bheith íogair maidir le trasnú teorann neamhdhleathach nó smugláil;
- (b) stop a chur ar dhaoine a thrasnaigh an teorainn go neamhdhleathach, nó a bhain triail as é sin a dhéanamh, agus iad a thabhairt go dtí an stáisiún gardaí teorann.

2.5. De réir na faisnéise a fhaightear, ba cheart oibríochtaí speisialta a eagrú chun daoine gáinneáilte agus gáinneálaithe a ghabháil.

- 2.6. Ba cheart tacú le faireachas trí bhíthin córais agus trealamh faireachais teicniúla atá comhtháite, soghluaiste agus iniompartha (i.e. radair, dróin, teilifís ciorcaid iata (CCTV), braiteoirí difriúla, agus ceamaraí infridhearga agus teirmeacha chun cumas oíche a áirithiú).

*** Bunús dlí:**

- [Cód Teorainneacha Schengen \(Airteagal 13\)](#)

CUID A CEATHAIR: LIOSTA IONSTRAIMÍ DLÍ ÁBHARTHA

- **Dlí an Aontais:**

- [An Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985](#) idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhthearainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, arna shíniú ag Schengen an 19 Meitheamh 1990 ([IO L 239, 22.9.2000, lch. 19](#));
- [Cinneadh 94/795/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 1994](#) maidir le gníomhaíocht chomhpháirteach, cinneadh a ghlac an Chomhairle de bhun Airteagal K.3.2.b den Chonradh ar an Aontas Eorpach maidir le saoráidí taistil le haghaidh daltaí scoile ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu i mBallstát ([IO L 327, 19.12.1994, lch. 1](#));
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995](#) lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh víosaí ([IO L 164, 14.7.1995, lch. 1](#));
- [Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh \(IO C 364, 18.12.2000, lch. 1\)](#) ;
- [Treoir Uimh. 2001/51 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001](#) lena bhforlíontar forálacha Airteagal 26 den Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme an 14 Meitheamh 1985 ([IO L 187 10. 7.2001, lch. 45](#));
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 333/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002](#) maidir le formáid aonfhoirmeach le haghaidh foirmeacha chun an víosa a ghreamú arna heisiúint ag na Ballstáit chuig daoine a bhfuil doiciméid taistil ina seilbh nach n- aithníonn an Ballstát atá ag tarraingt suas an fhoirm ([IO L 53, 23.2.2002, lch. 4](#));
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 1030/2002 ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002](#) lena leagtar síos formáid chomhionann le haghaidh ceadanna cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír ([IO L 157, 15.6.2002, lch. 1](#));
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 693/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003](#) lena mbunaítear Doiciméad Idirthuais Éascaithe (FTD) sonrath, Doiciméad Idirthuais Iarnróid Éascaithe (FRTD) agus lena leasaítear na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha agus an Lámhleabhar Coiteann ([IO L 099, 17.4.2003, lch. 8](#));
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 694/2003 ón gComhairle an 14 Aibreán 2003](#) maidir le formáidí aonfhoirmeacha le haghaidh Doiciméad Idirthuais Éascaithe (FTD) agus Doiciméad Idirthuais Iarnróid Éascaithe (FRTD) dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ([IO L 099, 17.4.2003, lch. 15](#));

- [Cinneadh 2004/265/CE ón gComhairle an 8 Márta 2004](#) maidir le tabhairt i gcrích an Mheabhrán Tuisceana idir an Comhphobal Eorpach agus Riarachán Náisiúnta Turasóireachta Dhaon- Phoblacht na Síne i dtaobh saincheisteanna víosaí agus saincheisteanna gaolmhara a bhaineann le grúpaí turasóireachta ó Dhaon- Phoblacht na Síne (stádas cheann scríbe formheasta (ADS)) ([IO L 83, 20.3.2004, lch. 12](#));
- [Rialachán \(CE\) 851/2004](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ([IO L 142, 30.4.2004, lch. 1](#));
- [Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004](#) maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus a mball teaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát ([IO L 229, 29.6.2004, lch. 35](#));
- [Rialachán Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004](#) maidir le caighdeáin le haghaidh gnéithe slándála agus le haghaidh bithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n- eisiúint ag na Ballstáit ([IO L 385, 29.12.2004, lch. 1](#));
- [Cinneadh Uimh. 896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006](#) lena mbunaítear córas simplithe chun daoine a rialú ag na teorainneacha seachtracha, ar córas é a bheidh bunaithe ar aitheantas aontaobhach ag na Ballstáit ar ceadanna cónaithe arna eisiúint ag an Eilvéis agus Lichtinstéin, chun críche idirthurais trína geríoch ([IO L 167, 20.6.2006, lch. 8](#));
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 1931/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006](#) lena leagtar síos rialacha maidir le trácht teorann áitiúil ag teorainneacha seachtracha talún na mBallstát agus lena leasaítear forálacha Choinbhinsiún Schengen ([IO L 405, 30.12.2006, lch. 1](#));
- [Cinneadh Uimh 2007/801/CE ón gComhairle an 6 Nollaig 2007](#) maidir le forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina n- iomláine i bPoblacht na Seice, bPoblacht na hEastóine, bPoblacht na Laitvia, bPoblacht na Liotuáine, bPoblacht na hUngáire, bPoblacht Mhálta, bPoblacht na Polainne, bPoblacht na Slóivéine agus bPoblacht na Slóvaice ([IO L 323, 8.12.2007, lch. 34](#));
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008](#) maidir le rialacha coiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 ([IO L 97, 9.4.2008, lch. 72](#));
- [Rialachán \(CE\) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008](#) maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir na Ballstáit (Rialachán VIS) ([IO L 218, 13.8.2008, lch. 60](#));
- [Cinneadh Uimh. 2008/903/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2008](#) maidir le forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina n- iomláine i gCónaidhm na hEilvéise ([IO L 327, 5.12.2008, lch. 15](#));

- [Rialachán \(CE\) Uimh. 810/2009 an 13 Iúil 2009](#) lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosáí (Cód Víosáí) ([IO L 243, 15.9.2009, lch. 1](#));
- [Rialachán \(AE\) Uimh. 265/2010 an 25 Márta 2010](#) lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 maidir le gluaiseacht daoine ag a bhfuil víosa fadfhanachta ([IO L 85, 31.3.2010, lch. 1](#));
- [Cinneadh 2011/842/AE ón gComhairle an 13 Nollaig 2011](#) maidir le forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm ina n- iomláine i bPrionsacht Lichtinstéin ([IO L 334, 16.12.2011, lch. 27](#));
- [Treoir 2011/95/AE an 13 Nollaig 2011](#) maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithhe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach le haghaidh dídeanaithe nó le haghaidh daoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí agus inneachar na cosanta a dheonaítear ([IO L 337, 20.12.2011, lch. 9](#));
- [Treoir 2013/32/AE an 26 Meitheamh 2013](#) maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar ([IO L 180, 29.6.2013, lch. 60](#));
- [Rialachán \(AE\) Uimh. 604/2013 an 26 Meitheamh 2013](#) lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (Rialachán Bhaile Átha Cliath) ([IO L 180 an 29.6.2013, lch. 31](#));
- [Rialachán \(AE\) Uimh. 603/2013 an 26 Meitheamh 2013](#) maidir le bunú ‘Eurodac’ chun méarloirg a chur i gcomparáid le chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údarais forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun an dlí a fhorghníomhú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscaála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais ([IO L 180, 29.6.2013, lch. 1](#));
- [Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013](#) maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE ([IO L 293, 5.11.2013, lch. 1](#));
- [Rialachán Cur Chun Feidhme \(AE\) Uimh. 118/2014 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2014](#) lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1560/2003 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 343/2003 ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír ([IO L 39, 8.2.2014, lch. 1](#));

- [Cinneadh Uimh. 565/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014](#) lena dtugtar córas simplithe isteach chun daoine a rialú ag na teorainneacha seachtracha, ar córas é a bheidh bunaithe ar aitheantas aontaobhach a bheith á thabhairt ag an mBulgáir, ag an gCróit, ag an gCipir agus ag an Rómáin do dhoiciméid áirithe mar dhoiciméid atá coibhíseach lena víosaí náisiúnta le haghaidh idirthuras trína gcríocha nó tréimhsí fanachta atá beartaithe ar a gcríocha nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 895/2006/CE agus Cinneadh Uimh. 582/2008/CE ([IO L157, 27.5.2014, lch. 23](#));
- [Treoir 2014/66/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014](#) maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír faoi chuimsiú aistriú idirchorparáideach ([IO L 157, 27.5.2014, lch. 1](#));
- [Rialachán \(AE\) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016](#) maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar teorainneacha ([IO L 77, 23.3.2016, lch. 1](#));
- [Rialachán \(AE\) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016](#) maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), ([IO L 119, 4.5.2016, lch. 1](#));
- [Treoir \(AE\) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016](#) maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n- aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, ([IO L 119, 4.5.2016, lch. 89](#));
- [Treoir \(AE\) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016](#) maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe le haghaidh náisiúnaigh tríú tír chun críoch taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair *au pair* ([IO L 132, 21.5.2016, lch. 21](#));
- [Cinneadh \(AE\) 2017/733 ón gComhairle an 25 Aibreán 2017 i ndáil leis na forálacha sin de chuid *acquis* Schengen a bhaineann le Córas Faisnéise Schengen a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cróite](#) ([IO L 108, 26.4.2017, lch. 31](#));
- [Rialachán \(AE\) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018](#) maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh ([IO L 312, 7.12.2018, lch. 1](#));

- [Rialachán \(AE\) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018](#) maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 ([IO L 312, 7.12.2018, lch. 14](#));
- [Rialachán \(AE\) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018](#) maidir le SIS a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún ([IO L 312, 7.12.2018, lch. 56](#));
- [Rialachán \(AE\) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018](#) lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin ([IO L 303, 28.11.2018, lch. 39](#));
- [Cinneadh \(AE\) 2018/934 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018](#) maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha atá fágtha de *acquis* Schengen maidir le Córas Faisnéise Schengen i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin ([IO L 165, 2.7.2018, lch. 37](#));
- [Rialachán \(AE\) 2019/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20. Meitheamh 2019](#) maidir le neartú a dhéanamh ar shlándáil cártaí aitheantais shaoránaigh an Aontais agus doiciméad cónaithe arna n- eisiúint do shaoránaigh an Aontais agus baill dá dteaghlach a fheidhmíonn a gceart chun saorghluaiseachta ([IO L 188, 12.7.2019, lch. 67](#));
- [Cinneadh Cur Chun Feidhme C\(2020\) 395 final ón gCoimisiún an 28.1.2020](#) lena leasaítear Cinneadh C(2010) 1620 final ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hionadú a dhéanamh ar an Lámhleabhar chun iarratais ar víosaí a phróiseáil agus chun víosaí a eisíodh a mhodhnú (Lámhleabhar I an Chóid Víosaí).

• **An dlí idirnáisiúnta:**

- [Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta an 7 Nollaig 1944](#) (Coinbhinsiún ICAO, Iarscríbhinní 2 agus 9);
- [An Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint an 4 Samhain 1950 agus a Phrótaicail](#);
- [Coinbhinsiún na Ginéive a bhaineann le stádas Dídeanaithe an 28 Iúil 1951](#), arna leasú le [Prótacal Nua- Eabhrac](#) an 31 Eanáir 1967;
- [Coinbhinsiún Vín ar Chaidreamh Taidhleoireachta an 18 Aibreán 1961](#);

- [An Coinbhinsiún maidir le Muirthrácht Idirnáisiúnta a Éascú \(Coinbhinsiún FAL\) an 9 Aibreán 1965;](#)
- [Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine \(IO L 114, 30.4.2002, lch. 6\);](#)
- [Coinbhinsiún EIS ar Dhoiciméid Aitheantais Maraithe \(Uimh. 185\) an 19 Meitheamh 2003;](#)
- [Comhaontuithe déthaobhacha maidir le trácht teorann áitiúil;](#)
- [Comhaontú maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach \(IO C 384I, 12.11.2019, lch. 1\).](#)

AGUISÍN A

AN NÓS IMEACHTA UM FHÓGRA A THABHAIRT

Nuair atá sé beartaithe ag Ballstát⁹⁷ seiceálacha spriocdhíríte a dhéanamh ar dhaoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 8(2a) de Chód Teorainneacha Schengen, ní mór dó fógra a thabhairt gan mhoill maidir le cur i bhfeidhm beartaithe na seiceálacha spriocdhíríte sin do na páirtithe a leanas:

- (a) na Ballstáit eile,
- (b) An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (an Ghníomhaireacht) agus
- (c) an Coimisiún.

Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cinneadh a dhéanamh an fógra nó codanna de a aicmiú.

San fhógra, ní mór forais, raon feidhme agus fad an mhaolaithe a mhíniú mar a leanas chun *effet utile* an fhógra a áirithiú agus, go háirithe, chun ligean do na Ballstáit eile, don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht ábhair inní a chur in iúl.

Na gnéithe oibiachtúla atá ábhartha don mhaolú ó na seiceálacha córasacha ag pointí trasnaithe teorann sonracha, ní mór dóibh tacú leis na forais.

Go háirithe, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann na nithe a leanas a chur i láthair:

- príomhshaintréithe an tsreafa ag an bpointe (na pointí) trasnaithe teorann lena mbaineann, amhail na catagóirí daoine a thrasnaíonn;
- sciar measta na náisiúnach tríú tír agus sciar daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais ag trasnú na teorann sin;
- léiriú gur mar gheall ar na seiceálacha córasacha atá méadú líomhnaithe an ama feithimh (agus ní, mar shampla, mar gheall ar oibreacha bóthair sa limistéar atá cóngarach don phointe trasnaithe teorann). Ní leor tagairt ghinearálta don tréimhse saoire atá le teacht maidir leis sin. Níl aon táscaire uilíoch ar an tionchar díréireach ar an sreabhadh tráchta is infheidhme maidir le gach Ballstát nó pointí trasnaithe teorann. Ní féidir leis an measúnú ar an éifeacht dhíréireach ar an am feithimh neamhaird a thabhairt ar an meán- am feithimh nó ar na moilleanna a tharla roimhe seo;
- conas a dhéanfaidh an maolú an tionchar díréireach ar an sreabhadh tráchta ag an bpointe (na pointí) trasnaithe teorann lena mbaineann a leigheas.

⁹⁷ Sa téacs seo, tuigfead go n- áirítear le ‘Ballstát’ na ceithre Tír Chomhlachaithe Schengen.

Ní mór an pointe (na pointí) trasnaithe teorann lena mbaineann a shonrú.

Ní mór fad an mhaolaithe atá beartaithe a bheith comhréireach agus níor cheart dó bheith níos faide ná an fad is gá. Ní mór dáta deiridh an mhaolaithe dá bhforáiltear a shonrú le haghaidh gach pointe trasnaithe teorann. Níl maoluithe neamhiata inghlactha. I gcomhréir le hAirteagal 15 de Chód Teorainneacha Schengen, tá na Ballstáit tiomanta do líon leordhóthanach foirne iomchuí agus acmhainní iomchuí a chur ar fáil chun a áirithiú go gcuirfead na seiceálacha córasacha ar bhunachair sonraí ábhartha chun feidhme.

Ba cheart don Bhallstát dáta tharchur an mheasúnaithe riosca a chur in iúl san fhógra don Ghníomhaireacht mar a cheanglaítear le hAirteagal 8(2a) de Chód Teorainneacha Schengen, agus na príomheilimintí ón measúnú riosca a mhíniú, rud a chuirfidh ar a gcumas do sheolaithe an fhógra sin seasamh feasach a ghlacadh.

I gcás inarb ábhar inní do na Ballstáit eile, don Ghníomhaireacht nó don Choimisiún an rún chun maolú ar riail na seiceálacha córasacha sna bunachair sonraí, ní mór dóibh fógra faoin ábhar inní sin a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann laistigh de 2 sheachtain tar éis dóibh an fógra a fháil. Ní mór don Bhallstát an t- ábhar inní sin a chur san áireamh.

Ba cheart do na Ballstáit a gcainéil chumarsáide inmheánacha a bhunú agus ní mór dóibh fógra a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún tríd an bhfógra a sheoladh ag a mBuanionadaíocht chuig an bpointe teagmhála laistigh den Bhuanionadaíocht agus den bhosca ríomhphoist feidhmiúil (<mailto:HOME-B1-BORDERS@ec.europa.eu>) faoi seach.

FOSCRÍBHINN B

NÓS IMEACHTA MAIDIR LE MAOLÚ AR PHRIONSABAL NA SEICEÁLACHA CÓRASACHA AR NA BUNACHAIR SONRAÍ ÁBHARtha FAOI AIRTEAGAL 8 DE CHÓD TEORAINNEACHA SCHENGEN A CHUR CHUN FEIDHME) LENA N- ÁIRÍTEAR AN MEASÚNÚ RIOSCA

Le hAirteagal 8(2a) de Chód Teorainneacha Schengen, ceadáítear do na Ballstáit maolú ar phrionsabal na seiceálacha córasacha ar na bunachair sonraí ábhartha maidir le daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha ar choinníoll go gcomhlíontar dhá choinníoll charnacha:

1. Ní mór don Bhallstát lena mbaineann tionchar díréireach ar an sreabhadh tráchta i ndáil le seiceálacha córasacha a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais a léiriú.
2. Sula nglacfaidh sé cinneadh maidir leis an maolú, ní mór don Bhallstát lena mbaineann measúnú riosca a ullmhú ina dtaispeánfar nach dtiocfadh aon riosca slándála as seiceálacha a chur i bhfeidhm ar bhonn spriocdhírthe ar dhaoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais.

Chun *effet utile* na bhforálacha a bhaineann leis an maolú sealadach a áirithiú, ba cheart na gnéithe a leanas a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le seiceálacha a dhéanamh ar bhonn spriocdhírthe agus le bearta leantacha ar fhógra an rúin maidir le maolú a shoiléiriú mar a leanas:

A. An measúnú riosca

1. An Ballstát ar mian leis maolú, ullmhaíonn sé measúnú riosca de réir mhodheolaíocht CIRAM.

Forbróidh an Gníomhaireacht, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, teimpléad tuairiscithe caighdeánaithe lena ndúshaothrófar sineirgí le measúnuithe riosca agus le measúnuithe ar leochaileachtaí eile atá ann cheana, agus soláthróidh sí rochtain air ar líne.

2. Cuirtear an measúnú riosca a thagann ar an gconclúid go bhfuil bagairt íseal [nó mheánach] faoi bhráid na Gníomhaireachta roimh chur chun feidhme éifeachtach an mhaolaithe, ag úsáid teimpléad tuairiscithe caighdeánaithe. In imthosca eisceachtúla (mar shampla rabharta eisceachtúla agus gan choinne de phaisinéirí AE/LEE/CH ag pointe trasnaithe teorann áirithe) ní féidir an measúnú riosca a chur isteach go comhuaineach le cur chun feidhme an mhaolaithe ach amháin má tá faisnéis fhorleathan curtha ar fáil cheana féin san fhógra amháin chun tionchar díréireach láithreach ar an sreabhadh tráchta don phointe trasnaithe teorann sonracha a léiriú.

De réir Airteagal 8(2a), an dara fómhír, de Chód Teorainneacha Schengen: *‘Luafar sa mheasúnú riosca na cúiseanna atá leis an laghdú sealadach go dtí seiceálacha spriocdhírthe sna bunachair sonraí agus cuirfear san áireamh ann, inter alia, an tionchar díréireach a bheadh ar an sreabhadh tráchta agus déanfar foráil maidir le staidreamh i ndáil le paisinéirí agus i ndáil le teagmhais a bhaineann le coireacht trasteorann. Nuashonrófar é go tráthrialta.’* Os rud é go bhféadfaidh feidhm a bheith ag maoluithe maidir le daoine a bhfuil ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais amháin, ba cheart go ndíreodh an measúnú riosca ar mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais ag pointí trasnaithe teorann sonracha.

Go praiticiúil, ní mór an méid a leanas a áireamh sa mheasúnú riosca ar an mBallstát mar a leagtar amach in Airteagal 8(2a) de Chód Teorainneacha Schengen arna ullmhú i gcomhréir le modheolaíocht CIRAM agus le teimpléad:

- I. Tuairisc ar an gcúis leis an laghdú sealadach go dtí seiceálacha spriocdhírthe sna bunachair sonraí agus, soláthar sonraí cainníochtúla (mar shampla, an sreabhadh paisinéirí réamh- mheasta, an t- am próiseála in aghaidh an phaisinéara nó rud comhchosúil) a léiríonn tionchar díréireach ar an sreabhadh tráchta ag an bpointe (na pointí) trasnaithe teorann roghnaithe tar éis go bhfuil roghanna le haghaidh inniúlachtaí a mhéadú ídithe.
- II. Sciar measta de líon iomlán agus de phróifílí ceannasacha na dtaistealaithe a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt a bhaineann le beartas poiblí, le slándáil inmheánach, le sláinte phoiblí nó le caidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit le linn na tréimhse ama a dhéanfar maolú ar sheiceálacha córasacha.
- III. Measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an maolú ar shlándáil, i.e. ar bheartas poiblí, ar shlándáil inmheánach, etc., lena n- áirítear measúnú ar thionchar féideartha an mhaolaithe ar naisc taistil le Ballstáit eile.

Ní bheidh maolú mar thoradh ar mheasúnú riosca a thagann ar an gconclúid go bhfuil na rioscaí a bhaineann le beartas poiblí, le slándáil inmheánach, le sláinte phoiblí nó le caidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit ard.

Ar bhonn measúnaithe riosca a thagann ar an gconclúid go bhfuil na rioscaí a bhaineann le beartas poiblí, le slándáil inmheánach, le sláinte phoiblí nó le caidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit íseal [nó meánach], ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a shuí go ndéanfar na rioscaí a shainaithnítear le haghaidh gach pointe trasnaithe teorann lena mbaineann a mhaolú le straitéisí agus modhanna leordhóthanacha. Tabharfar tuairisc ar na straitéisí agus ar na modhanna sin sa mheasúnú riosca a chuirfear faoi bhráid na Gníomhaireachta.

3. Déanann an Gníomhaireacht measúnú ar an measúnú riosca tarchurtha laistigh den achar ama a aontaítear leis an mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh an Gníomhaireacht a hacmhainní agus a faisnéis féin a úsáid, go háirithe faisnéis a bhaileofar trí mheasúnuithe

leochaileachta, chun meastóireacht a dhéanamh ar mheasúnuithe riosca arna gcur isteach ag na Ballstáit. Féadfaidh sí comhairle a lorg ó Europol nó ó ghníomhaireachtaí eile an Aontais.

- A. I gcás ina bhfuil an measúnú riosca neamhiomlán nó mura bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh ábhartha, ní mór don Ghníomhaireacht dul i dteagmháil leis an mBallstát lena mbaineann a luaithe is féidir chun faisnéis bhreise/réasúnú breise a lorg. I gcás nach gcuirfear an measúnú riosca críochnaithe isteach laistigh den sprioc- am a comhaontaíodh leis an nGníomhaireacht, ba cheart don Ghníomhaireacht na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoin gcás tar éis iarraidh amháin eile ar an mBallstát lena mbaineann a dhéanamh.
- B. I gcás ina dtarlaíonn easaontas idir an Ballstát lena mbaineann agus an Ghníomhaireacht maidir le comhlántacht agus ábharthacht an mheasúnaithe riosca a chuirtear ar fáil, lorgófar comhthuiscint ar bhonn déthaobhach laistigh de thréimhse ama réasúnach (laistigh de 2 sheachtain ar a mhéad).

Más ann do na héagsúlachtaí fós, ní mór don Ghníomhaireacht an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas. Féadfar cruinniú ag a bhfuil an Ghníomhaireacht, an Ballstát lena mbaineann, an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, Ballstáit eile a thionól. I gcás den sórt sin, eagraíonn an Coimisiún an cruinniú agus iarrann sé ar pháirtithe leasmhara ábhartha a bheith rannpháirteach.

Ba cheart tuairimí na Gníomhaireachta a chur in iúl i dtosach le haghaidh barúlacha don Bhallstát a chuir an measúnú riosca isteach. Ní mór don Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Ballstáit eile a chur ar an eolas faoina tuairimí.

4. Ní mór don Bhallstát lena mbaineann an measúnú riosca a nuashonrú go tráthrialta. Agus é sin á dhéanamh, ba cheart pointe A.1 go A.3 a leanúint freisin, i gcás inarb infheidhme.

B. Fógra an rúin maidir le maolú agus bearta leantacha ar fhógra den sórt sin:

1. Tugann an Ballstát lena mbaineann fógra do na Ballstáit eile, don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht go bhfuil sé beartaithe maolú a dhéanamh. Ba cheart go gcomhlíonfadh an fógra na híoscheanglais a leagtar amach in Aguisín A a ghabhann leis an Lámhleabhar seo,
2. Más ábhar inní do na Ballstáit, don Ghníomhaireacht nó don Choimisiún é an rún seiceálacha spriocdhíritha a dhéanamh sna bunachair sonraí, ní mór dóibh fógra faoin ábhar inní sin a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann gan mhoill. Féadfaidh na Ballstáit eile nó an Coimisiún iarraidh ar an nGníomhaireacht a fhíorú an bhfuil údar n- ábhar inní.

Féadfaidh na Ballstáit a bhfuil ábhar inní orthu an Ghníomhaireacht, an Coimisiún agus Ballstáit eile a chur ar an eolas faoina n-ábhar inní. Cé gur cheart an t-ábhar inní a shoiléiriú i bprionsabal ar bhonn déthaobhach leis an mBallstát a thugann fógra go bhfuil sé beartaithe maolú a dhéanamh, i bhfianaise líon nó cineál na n-ábhar inní (mar shampla, a bhaineann leis an ngné chéanna) is féidir cruinniú a thionól le haghaidh na bpáirtithe uile a tharraing ábhar inní anuas, agus páirtithe eile á gcur ar an eolas faoi seo atá i dteideal ábhar inní a chur isteach ach nach ndearna sin. Is féidir cruinniú den sórt sin a thionól ar thionscnamh aon cheann de na páirtithe atá i dteideal. Tá an Coimisiún freagrach as cruinniú den sórt sin a eagrú agus as cathaoirleacht a dhéanamh air.

3. Ní mór don Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige maolú ar na seiceálacha córasacha sna bunachair sonraí ar dhaoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais na hábhair inní sin a chur san áireamh.

4. Ní mór don Bhallstát lena mbaineann tuairisciú gach 6 mí don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht i dtaobh chur i bhfeidhm na seiceálacha sna bunachair sonraí a rinneadh ar bhonn spriodhírithé ar dhaoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais. Leis na tuarascálacha, ba cheart faisnéis mhionsonraithe a sholáthair maidir le húsáid iarbhair na seiceálacha spriodhírithé ag pointí trasnaithe teorann sonracha, sonraí a bhaineann leis an sreabhadh tráchta ag na pointí trasnaithe teorann sin a thairbhíonn den mhaolú agus maidir leis an tionchar a bhíonn acu ar fhorbairt an mheasúnaithe riosca a bhaineann leis an mbeartas poiblí, slándáil inmheánach, sláinte phoiblí nó caidreamh idirnáisiúnta sa Bhallstát lena mbaineann.

Maidir le gach post rialaithe teorann agus gach sliotán ama a úsáideadh maoluithe, ní mór don Bhallstát an fhaisnéis a leanas ar a laghad a áireamh ina thuarascáil:

- an t-am beacht a úsáideadh maoluithe (Thosaigh siad ag: uaireanta an chloig agus nóiméid in UTC. Chríochnaigh siad ag: uaireanta an chloig agus nóiméid in UTC.);
- an líon paisinéirí a bhí ag trasnú na teorann, arna miondealú de réir náisiúntachta agus treo taistil (dul isteach/imeacht);
- an líon daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais nár seiceáladh sna bunachair sonraí ar dhul isteach dóibh, arna miondealú de réir saoránachta agus treo taistil (dul isteach/imeacht);
- an líon daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais a seiceáladh sna bunachair sonraí, arna miondealú de réir saoránachta agus treo taistil (dul isteach/imeacht);
- an líon amas sna bunachair sonraí ábhartha maidir le paisinéirí a bhí faoi réir seiceálacha spriodhírithé, arna miondealú de réir treo taistil (dul isteach/imeacht), saoránachta agus bunachair sonraí.

Ina theannta sin, i gcás inarb iomchuí, ba cheart do na Ballstáit féachaint leis an bhfaisnéis chomhthéacsúil a leanas a sholáthar trí phost rialaithe teorann agus de réir míonna lena gcumhdaítear an tréimhse tuairiscithe⁹⁸:

- an líon paisinéirí ag trasnú na teorann, arna miondealú de réir náisiúntachta agus treo taistil (dul isteach/imeacht);
- an líon amas sna bunachair sonraí ábhartha le linn seiceálacha spriocdhírthe, arna miondealú de réir treo taistil (dul isteach/imeacht) agus saoránachta.

⁹⁸ Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar an oibleagáid tuairiscithe sin tar éis an chéad tuairiscithe.

LIOSTA NA nIARSCRÍBHINNÍ A GHABHANN LEIS AN
LÁMHLEABHAR PRAITICIÚIL DO GHARDAÍ TEORANN

1. Liosta na seirbhísí náisiúnta a bhfuil cúraimí rialaithe teorann orthu.
2. Liosta de phointí teagmhála sna Ballstáit maidir le saincheisteanna faoi bhainistiú teorainneacha.
3. Liosta de phointí teagmhála chun faisnéis a mhalartú maidir le cóid slándála stampaí dul isteach agus imeachta.
4. Liosta de na pointí trasnaithe teorann.
5. Tábla de dhoiciméid taistil a thugann teideal don sealbhóir na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus a fhéadfar a fhorhnuiniú le víosa (= Iarscríbhinn 10 a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí (teideal céanna)).
6. -Liosta na dtríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú na dteorainneacha seachtracha dóibh agus na dtríú tíortha sin a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin. (= Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí).
7. Idirthuras náisiúnach tríú tír a bhfuil víosa/cead cónaithe ina seilbh acu arna eisiúint ag Stáit Schengen trí chríocha na Bulgáire, na Cipire agus na Rómáine.
8. Eisceachtaí ar an gceanglas víosa le haghaidh sealbhóirí pasanna taidhleoireachta, pasanna dleachta oifigiúla agus pasanna oifigiúla eile (= Iarscríbhinn 5 ‘Faisnéis maidir le maoluithe náisiúnta ó na ceanglais víosa’ a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí).
9. Eisceachtaí ar an gceanglas víosa le haghaidh dídeanaithe aitheanta agus le haghaidh daoine gan stát (= Iarscríbhinn 5 ‘Faisnéis maidir le maoluithe náisiúnta ó na ceanglais víosa’ a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí).
10. Eisceachtaí eile ar an gceanglas víosa (= Iarscríbhinn 5 ‘Faisnéis maidir le maoluithe náisiúnta ó na ceanglais víosa’ a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí).
11. Eisceachtaí eile ar an gceanglas víosa a mhéid a bhaineann le daoine a dhéanann gníomhaíocht íoctha (= Iarscríbhinn 5 ‘Faisnéis maidir le maoluithe náisiúnta ó na ceanglais víosa’ a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí).

12. Liosta de na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais maidir le víosa idirthurais aerfoirt
- (= Iarscríbhinn 7 a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosai:
- Iarscríbhinn 7A ‘Liosta coiteann de thríú tíortha a bhfuil sé de cheangal ar a náisiúnaigh víosa idirthurais aerfoirt a bheith ina seilbh acu agus iad ag dul trí limistéar idirthurais idirnáisiúnta aerfort atá lonnaithe ar chríoch na mBallstát’.
 - Iarscríbhinn 7B ‘Liosta de thríú tíortha a bhfuil sé de cheangal ar a náisiúnaigh víosa idirthurais aerfoirt a bheith ina seilbh acu agus iad ag dul trí limistéar idirthurais idirnáisiúnta aerfort atá lonnaithe ar chríoch Ballstáit amháin/roinnt Ballstát’.
 - Iarscríbhinn 7C ‘Liosta de na ceadanna cónaithe a thugann teideal dá sealbhóirí idirthuras a dhéanamh trí aerfoirt na mBallstát gan é a bheith de cheangal orthu víosa idirthurais aerfoirt a bheith ina seilbh acu’).
13. Formáid aonfhoirmeach le haghaidh greamáin víosa agus faisnéis faoina sonraíochtaí teicniúla agus a ngnéithe slándála (= Iarscríbhinn 19 ‘An greamán víosa’ a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosai).
14. Conas greamáin víosa a chomhlánú (= Iarscríbhinn 20 ‘An greamán víosa a chomhlánú’ a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosai).
15. Faisnéis a bheidh le cur isteach, más gá, sa roinn barúlacha (= Iarscríbhinn 22 ‘Iontrálacha náisiúnta sa roinn ‘barúlacha’ den ghreamán víosa’ a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosai).
16. Treoracha maidir le faisnéis a chur isteach sa limistéar léitheoireachta optúil (tá an iarscríbhinn iomarcach, áirítear faisnéis in Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an Lámhleabhar seo.
17. Sampla de ghreamáin víosa atá líonta isteach (treoirínte breise) (= Iarscríbhinn 21 ‘Samplaí de ghreamáin víosa atá líonta isteach’ a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosai).
18. Samplaí de ghreamáin víosa arna n- eisiúint ag na Ballstáit (le grianghraif).
19. Doiciméad idirthurais éascaithe (FTD) agus doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD).
20. Sampla de chártaí arna n- eisiúint ag Aireachtaí Eachtracha na mBallstát.

21. Táillí le gearradh, in euro, atá ag freagairt do na costais riaracháin a bhaineann le hiarratais ar víosaí a phróiseáil (chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach pointe 4.4 de Chuid II de Lámhleabhar an Chóid Víosaí).
22. Liosta de cheadanna cónaithe arna n- eisiúint ag na Ballstáit.
23. Sampla de cheadanna cónaithe arna n- eisiúint ag na Ballstáit.
24. Doiciméid tacaíochta a fhíoraíonn go bhfuil na coinníollacha maidir le dul isteach comhlíonta.
25. Méideanna tagartha is gá chun an teorainn sheachtrach a thrasnú, arna leagan síos ag údaráis náisiúnta (= Iarscríbhinn 18 a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí).
26. Foirm chaighdeánach chun fianaise a fhormheas maidir leis na coinníollacha i dtaobh fad gearrfhanachta a urramú i gcásanna nach bhfuil stampa dul isteach ar an doiciméad taistil.
27. Cleachtais náisiúnta maidir le frisnéis na toimhde dul isteach neamhdhleathach nuair a bhíonn stampa in easnamh.
28. Foirm chaighdeánach chun cead isteach ag an teorainn a dhiúltú, lena n- áirítear foirm chaighdeánach chun fógra a thabhairt faoi víosa a bheith á neamhniú nó á chúlghairm lena dtugtar bunús leis an gcúis (na cúiseanna) atá leis an neamhniú.
29. Treoracha oibríochtúla maidir le víosaí a eisiúint ag an teorainn do mharaithe idirthurais atá faoi réir ceanglais víosa (= Iarscríbhinn 26 a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí).
30. Liosta de dhaltáí scoile ag taisteal faoi chuimsiú turais scoile laistigh den Aontas Eorpach (= a ghabhann le hIarscríbhinn 3 a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí).
31. Liosta de na húdaráis náisiúnta atá inniúil chun aghaidh a thabhairt ar iarraidh ar rochtain ar shonraí pearsanta a iontráiltear in SIS.
32. Samhlacha de chomharthaí ar na lánáí ag pointí trasnaithe teorann.
33. Foirmeacha comhchuibhithe samplaí lena soláthraítear cruthúnas ar chuireadh, ar urraíocht agus ar chóiríocht arna ndrúachtú ag na páirtithe conarthacha (= Iarscríbhinn 15 foirmeacha 'Sampla Ballstáit' a sholáthraíonn cruthúnas ar urraíocht agus/nó ar chóiríocht' a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosaí).
34. Sampla de dhoiciméid arna n- eisiúint do dhídeanaithe, daoine gan stát a thairbhíonn de chosaint choimhdeach.

35. Sampla de dhoiciméid chomhchoiteanna.
36. Liosta de chomhaontuithe maidir le trácht teorann áitiúil agus samplaí de cheadanna arna n-eisiúint ag na Ballstáit chun na críche sin.
37. Liosta de phointí teagmhála náisiúnta chun críoch comhchomhairle maidir le mionaóisigh.
38. Treoirlínte maidir le gluaiseacht náisiúnaigh na Tuirce a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais chun seirbhísí a sholáthar laistigh den Aontas (= Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Lámhleabhar an Chóid Víosáí).
39. Foirm chaighdeánach chun cinneadh um fhilleadh a shainaitheint chun críocha idirthurais ar thalamh.
40. Deimhniú d'oibrí iompair idirnáisiúnta.
41. Síneadh a chur le fanacht dleathach a bhaineann le Covid- 19 – cleachtais náisiúnta.
42. Treoirlínte maidir le cóireáil tairbhíthe den Chomhaontú um Tharraingt Siar.
43. Sampla de dhoiciméid a bhféadfaidh tairbhíthe na gComhaontuithe um Tharraingt Siar (idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, IS/LI/NO- an Ríocht Aontaithe, idir an tSín agus an Ríocht Aontaithe) a bheith ina seilbh acu sula mbeidh an doiciméad cónaithe nua a eisíodh ina seilbh acu i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 1114 final ón gCoimisiún an 21.2.2020⁹⁹ (féach freisin Iarscríbhinn 42 a ghabhann leis an Lámhleabhar seo) nó i gcomhréir leis na Comhaontuithe um Tharraingt Siar a thug an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua ar thaobh amháin agus an Eilvéis ar an taobh eile i gcrích.

⁹⁹ Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 21 2 2020 maidir le doiciméid atá le heisiúint ag na Ballstáit de bhun Airteagal 18(1) agus (4) agus Airteagal 26 den Chomhaontú maidir le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach um Fhuinneamh Adamhach (C(2020) 1114 final).